AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 11.3.2025
COM(2025) 101 final/2

2025/0059 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá beartas imirce de chuid an Aontais atá comhtháite, inbhuanaithe agus cuimsitheach á chur i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach, beartas atá cothrom agus daingean araon. Leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[1] ('an Comhshocrú') a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in 2024, tugtar an creat dlíthiúil agus na huirlisí don Aontas chun bainistiú éifeachtach a theorainneacha seachtracha a fheabhsú a thuilleadh agus chun nósanna imeachta tapa éifeachtúla a chur ar bun maidir le tearmann. Tá dul chun cinn iomlán á dhéanamh ar an obair chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuimsitheach í faoi lár 2026.

Is colún lárnach den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann é córas éifeachtach agus comhchoiteann an Aontais um fhilleadh a bhunú. Chun go bhfeidhmeoidh aon chóras bainistithe imirce, ní mór go mbeadh beartas inchreidte agus éifeachtach aige maidir le filleadh. Nuair a fhanann daoine san Aontas, nach bhfuil aon cheart acu fanacht ann, baintear an bonn den chóras imirce agus tearmainn ina iomláine. Tá sé éagórach dóibh siúd a chloígh leis na rialacha, baineann sé an bonn d'iarracht na hEorpa tallann a mhealladh agus a choinneáil agus ar deireadh déanann sé tacaíocht an phobail do shochaithe oscailte fulangacha a chreimeadh. Dreasaítear daoine teacht isteach go neamhdhleathach agus cuirtear iad siúd atá ag fanacht go neamhdhleathach i mbaol dálaí forbhásacha agus dúshaothrú ag líonraí coiriúla. Faoi láthair, ní fhágann ach thart ar 20 % de náisiúnaigh tríú tír ar ordaíodh dóibh an tAontas a fhágáil. Is minic a éalaíonn daoine a dtugtar ordú dóibh imeacht ó na húdaráis, agus is minic a bhogann siad ar aghaidh go Ballstáit eile. Ina theannta sin, leis an meascán de 27 gcóras náisiúnta éagsúla um fhilleadh atá ann faoi láthair, agus a chur chuige agus a nósanna imeachta féin ag gach ceann acu, baintear an bonn d'éifeachtacht an fhillte ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, ní mór athchóiriú críochnúil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar reachtaíocht a rith maidir leis an mbeartas um fhilleadh san Aontas.

Le Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029[2] ón Uachtarán von der Leyen, fógraíodh an rún cur chuige coiteann nua a chur chun cinn maidir le filleadh, le creat reachtach nua arb é is aidhm dó dlús a chur leis an bpróiseas um fhilleadh agus é a shimpliú.

Tá béim leagtha arís agus arís eile ag an gComhairle Eorpach ar an ngá atá le beartas aontaithe, cuimsitheach agus éifeachtach maidir le filleadh agus athligean isteach[3]. I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'iarr sí ar an gCoimisiún togra reachtach nua a thíolacadh maidir le filleadh, mar ábhar práinne[4]. Faoi chuimsiú an Chomhshocraithe, déanfar iarratais ar thearmann a phróiseáil ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla. Chun go mbeidh sé sin inbhuanaithe, ní mór filleadh a leanúint go pras, sa chaoi nach sárófar ár gcórais, chun stop a chur le daoine a bheith fágtha i ngalar na gcás agus chun bac a chur ar iarrachtaí ar ghluaiseacht ar aghaidh laistigh den Aontas.

---

1 Tá an Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52020DC0609.

2 Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile 2024-2029 'Aontas a fhéachann le níos mó a bhaint amach. An Clár Oibre agamsa don Eoraip'.

3 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, EUCO 1/23; Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024, EUCO 25/24.

4 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, EUCO 1/23; Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024, EUCO 25/24.

Ar leibhéal an Aontais, rialaítear an beartas um fhilleadh le Treoir 2008/115/CE[5](‘an Treoir um Fhilleadh’). Faoi láthair, baineann roinnt dúshlán an bonn d’éifeachtúlacht agus d’éifeachtacht an fhillte, ó nósanna imeachta neamhéifeachtúla ar an leibhéal náisiúnta go comhar neamhleor ó thríú tír maidir lena náisiúnaigh féin a athligean isteach. Is minic a bhíonn go leor údarás agus gníomhaithe páirteach sa phróiseas um fhilleadh agus tá sé an-chasta anois i roinnt mhaith Ballstát. Fágann an Treoir um Fhilleadh atá ann faoi láthair go bhfuil deis mór ann leis an reachtaíocht náisiúnta rialacha an Aontais a chur chun feidhme agus do chúirteanna náisiúnta iad a léirmhíniú. Tuairiscíonn na Ballstáit saincheisteanna a bhaineann le heaspa soiléireachta maidir leis na rialacha agus le himeachtaí riaracháin fada, rud a bhaineann an bonn den phróis chuí. Cruthaíonn sé sin débhríocht agus éiginnteacht do na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, agus do na húdaráis a bhainistíonn an filleadh. Mar gheall ar an easpa comhair ó náisiúnaigh tríú tír, a d’fhéadfadh cur i gcoinne iarrachtaí um fhilleadh, teitheadh uathu nó bac a chur orthu ar bhealach eile, is deacair cinntí um fhilleadh a fhorfheidhmiú. Tá dúshláin roimh na Ballstáit maidir le súil a choinneáil ar náisiúnaigh tríú tír le linn chéimeanna éagsúla na nósanna imeachta um fhilleadh, rud a chuireann moill nó cosc ar dhul chun cinn.

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le glacadh an fhillte dheonaigh, cuirtear bac ar na hiarrachtaí sin mar gheall ar easpa beartais inchreidte um fhilleadh éigeantach. Ina theannta sin, is beag iarmhairt a bhíonn ag náisiúnaigh tríú tír a dtugtar ordú dóibh imeacht i mBallstát amháin agus teitheadh chuig Ballstát eile faoi láthair: i bhformhór na mBallstát, cuirtear tús arís leis an bpróiseas um fhilleadh le cinneadh nua um fhilleadh ina ionad sin. Baineann sé sin an bonn ó chinntí a rinneadh le próis chuí sa chéad Bhallstát, agus imchéimniú á dhéanamh ar an gcóras um fhilleadh sa chleachtas.

Tá easpa comhleanúnachais sna córais agus sna cleachtais náisiúnta, agus níl aon phróiseas struchtúrtha córasach ann faoi láthair chun filleadh náisiúnach tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a shainaithint agus chun dlús a chur leis.

Áirítear leis na héagsúlachtaí iomadúla idir cleachtais na mBallstát cineálacha éagsúla cur chuige maidir leis an bpróiseas um athligean isteach. Tá tionchar díreach aige sin ar chomhleanúnachas chur chuige an Aontais agus na mBallstát maidir le hathligean isteach chuig tríú tíortha.

Cuid riachtanach d’iarrachtaí leanúnacha an Aontais rialacha an Aontais maidir le filleadh a athchóiriú is ea rialacha an Aontais maidir le bainistiú imirce a athchóiriú. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta éifeachtacha nua-aimseartha chun iarrthóirí tearmainn agus rófhantóirí víosaí nár éirigh leo a chur ar ais ríthábhachtach chun spás saorghluaiseachta an Aontais gan teorainneacha inmheánacha a chosaint.

Ó glacadh an Treoir um Fhilleadh in 2008, rinneadh athchóiriú mór ar an limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus ar bheartas imirce an Aontais. Tá dlí an Aontais i réimse na himirce tar éis bogadh ón reachtaíocht lena ngabhann íoschaighdeáin go dtí cleachtais na mBallstát a thabhairt níos gaire dá chéile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla agus praiticiúla a fhorbairt agus tacaíocht choinchréiteach a thabhairt do chur chuige níos comhleanúnaí ar leibhéal an Aontais. D’fhéach an Coimisiún go réamhghníomhach le cleachtais a chuíchóiriú chun éifeachtacht filleadh a fheabhsú, lena n-áirítear trí Mholtaí in

[5] Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.

2017[6] agus 2023[7], agus trí Straitéis 2021 an Aontais Eorpaigh um fhilleadh deonach agus ath-lánpháirtiú[8]. Cheap an Coimisiún Comhordaitheoir um Fhilleadh le tacaíocht ó Líonra Ardleibhéil um Fhilleadh.

Tá athchóiriú na rialacha maidir le filleadh ina thosaíocht pholaitiúil agus ina chuspóir polaitiúil ó 2018 i leith, nuair a thíolaic an Coimisiún a thogra chun an Treoir um Fhilleadh atá ann faoi láthair a athmhúnlú[9]. Cé gur tháinig an Rialachán nua maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh[10] i bhfeidhm mar chuid de reachtaíocht an Chomhshocraithe, tá na rialacha ginearálta maidir le filleadh fós á rialú le Treoir 2008 um Fhilleadh, nach bhfuil oiriúnach dá feidhm níos mó. Cuirtear an togra seo in ionad an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, COM(2018) 634 final, 2018/0329 (COD), arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 12.9.2018, a tarraingíodh siar. Ní bhfuair na codanna eile de thionscnamh 2018 tacaíocht leordhóthanach chun go saothródh na comhreachtóirí an chaibidlíocht go rathúil agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a tharraingt siar.

Is é is aidhm don togra seo éifeachtúlacht an phróisis um fhilleadh a mhéadú trí rialacha soiléire, nua-aimseartha, simplithe agus comhchoiteanna a chur ar fáil do na Ballstáit chun filleadh a bhainistiú go héifeachtach. Féachann sé le comhar náisiúnach tríú tír leis na húdaráis a áirithiú trí mheascán d'oibleagáidí, de dhreasachtaí agus d'iarmhairtí maidir le neamh-chomhoibriú. Leis an togra féachtar freisin le cosc a chur ar dhul timpeall ar na rialacha agus gluaiseacht neamhúdaraithe ar aghaidh laistigh de limistéar Schengen a chur faoi chois. Is é is aidhm don togra a áirithiú, i gcás ina n-ordaítear do dhuine an tAontas a fhágáil, go bhfágfaidh sé an tAontas, go héigeantach nó go deonach má cheadaítear sin leis na coinníollacha, agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna. Ina theannta sin, leis an togra féachtar le rialacha comhchoiteanna a thabhairt do na Ballstáit chun filleadh náisiúnach tríú tír a bhfuil riosca slándála ag baint leo a shainaithint agus chun dlús a chur leis. Chomh maith leis sin, leabaíonn sé athligean isteach den chéad uair mar chuid den phróiseas um fhilleadh. Thairis sin, déantar cearta bunúsacha fillithe a choimirciú leis an togra trí choimircí nós imeachta soiléire, lena n-áirithítear go mbeidh cinntí um fhilleadh faoi réir grinnscrúdú, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc agus toirmeasc ar refoulement, agus aird chuí á tabhairt ar dhaoine leochaileacha agus ar leas an linbh. Trí lúba ar lár sa phróiseas a dhúnadh, leis an togra cuirfear cosc ar chásanna inar féidir dul timpeall ar chinneadh um fhilleadh arna eisiúint i mBallstát amháin nó inar féidir síneadh mór a chur leis trí bhogadh go Ballstát eile. Tacóidh sásra chun cinntí um fhilleadh a aithint a tugadh isteach sa togra leis an gcuspóir sin.

Is cuid riachtanach de chóras imirce fíor-Eorpach é creat dlíthiúil láidir nua-aimseartha atá daingean ach cothrom, lena n-urramaítear cearta bunúsacha, lena dtugtar na huirlisí is gá don

---

6 Moladh (AE) 2017/2338 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2017 lena mbunaítear 'Lámhleabhar coiteann maidir le Filleadh' a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát agus cúraimí a bhaineann le filleadh á gcur i gcrích acu. C/2017/6505. IO L 339, 19.12.2017, lgh. 83-159.

7 Moladh (AE) 2023/682 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh agus maidir le dlús a chur le filleadh agus Treoir 2008/115/CE C/2023/1763 á cur chun feidhme. IO L 86, 24.3.2023, lgh. 58-64.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún: Straitéis an Aontais Eorpaigh um fhilleadh deonach agus ath-lánpháirtiú. An Bhruiséil, 27.4.2021. COM(2021) 120 final.

9 Togra le haghaidh Treoir maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (athmhúnlú). An Bhruiséil, 12.9.2018. COM(2018) 634 final – 2018/0329 (COD).

10 Rialachán (AE) 2024/1349 an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148. PE/17/2024/REV/1. IO L 2024/1349, 22.5.2024.

Aontas agus do na Ballstáit chun náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu a fhilleadh go héifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo mar chuid den chur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce a bhainistiú mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce[11] agus comhlánaítear leis creat reachtach an Chomhshocraithe a glacadh i mí na Bealtaine 2024. Príomhghné de reachtaíocht an Chomhshocraithe is ea nósanna imeachta um thearmann agus um fhilleadh a thabhairt níos gaire dá chéile, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh. Comhlánaíonn an togra seo an t-athchóiriú trí rialacha comhchoiteanna a chur le creat reachtach an Aontais maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu a fhilleadh.

Tá an togra seo ag teacht le cuid de na príomhrudaí nua dá bhforáiltear sna gníomhartha dlí atá sa Chomhshocrú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, féachann sé le próiseas cothrom trédhearcach a áirithiú do náisiúnaigh tríú tír agus d'údaráis náisiúnta araon. Mar shampla, tá measúnú aoise ar mhionaoisigh sa togra seo ar aon dul leis an réiteach a glacadh sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Déantar foráil sa togra freisin maidir le hionadaí a cheapadh do mhionaoisigh neamhthionlactha chun a áirithiú go gcaithfear go hiomchuí le mionaoisigh le linn an phróisis imirce agus go bhfaighidh siad tacaíocht iomchuí. Thairis sin, déantar an oibleagáid atá ar an náisiúnach tríú tír comhoibriú, chomh maith leis na hiarmhairtí don neamh-chomhoibriú, a chothromú leis an gceart go gcuirfí an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar an eolas faoi na hoibleagáidí sin. Cruthaíonn sé sin próiseas atá soiléir agus cothrom do na náisiúnaigh tríú tír agus do na húdaráis náisiúnta.

Tá an togra seo ag teacht freisin le rialacha treisithe na ngníomhartha dlí lena gcomhdhéantar an Comhshocrú maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus lena mbaineann riosca slándála chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is mó is féidir as na huirlisí uile ar leibhéal an Aontais chun na náisiúnaigh tríú tír sin a shainaithint i gceart agus chun a áirithiú go ndéanfar iad a fhilleadh go tapa agus go héifeachtach.

Maidir le héalú, cuireann an togra seo le cuid de na réitigh reachtacha atá mar chuid den Treoir nua maidir le Coinníollacha Glactha[12], a cuireadh in oiriúint do chomhthéacs an fhillte chun cur chuige níos comhleanúnaí a áirithiú maidir le héalú a chomhrac.

Déantar foráil sa togra maidir le tuilleadh roghanna do na Ballstáit chun gluaiseachtaí neamhrialta idir na Ballstáit a bhainistiú go comhpháirteach chun an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chosaint.

Is é is aidhm don togra seo na rialacha maidir le filleadh a thabhairt chuig an leibhéal uaillmhéine céanna leis an gcuid eile den chreat dlíthiúil maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, chun nasc agus leanúnachas gan uaim a chruthú idir na céimeanna éagsúla den phróiseas bainistithe imirce san Aontas.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra seo, tugtar éifeacht freisin do na treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais a ghlac an

[11] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013. IO L 2024/1351, 22.5.2024.

[12] Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh. PE/69/2023/REV/1. IO L 2024/1346, 22.5.2024

Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 12 Nollaig 2024. De réir na dtreoirlínte straitéiseacha, ní mór don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit a áirithiú go gcuirfear ar ais go héifeachtach iad siúd nach bhfuil aon cheart fanachta acu. Chuige sin, iarrtar sna treoirlínte straitéiseacha go bhforbrófaí agus go gcuirfí chun feidhme cur chuige níos teanntásaí agus níos cuimsithí maidir le filleadh, tríd an gcreat dlíthiúil a uasghrádú mar ábhar práinne, agus ár gcumais, in éineacht le húsáid na n-uirlisí inmheánacha agus seachtracha atá ar fáil dúinn. Ar deireadh, meabhraítear sna treoirlínte straitéiseacha gur colún bunúsach de chóras tearmainn agus imirce an Aontais atá cuimsitheach agus inchreidte atá i mbeartas rathúil um fhilleadh, córas a bhféachtar leis an Rialachán seo éifeacht a thabhairt dó.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le gníomhaíocht an Aontais chun inimirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac, chun teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú agus chun limistéar Schengen a chaomhnú gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.

Tá an togra seo i gcomhréir le cur chuige an Aontais maidir le comhpháirtíochtaí cothroma cuimsitheacha a bhunú le tríú tíortha inar cheart an imirce a thógáil mar phríomhshaincheist, agus oibriú go dlúth le tríú tíortha maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh. Trí éifeachtacht a chórais um fhilleadh a mhéadú, beidh an tAontas in ann úsáid níos fearr a bhaint as an gcomhar feabhsaithe um athligean isteach a chothaítear trí úsáid a bhaint as na beartais agus na huirlisí ábhartha uile, lena n-áirítear beartas víosaí, trádáil, forbairt agus taidhleoireacht.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

I bhfianaise ábhar an togra, is é Airteagal 79(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí.

Maidir leis an ngeoiméadracht athraitheach, tá réim an togra seo inchomparáide le réim na Treorach um Fhilleadh atá ann faoi láthair.

De réir Airteagal 4 de Phrótacal 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis na Conarthaí, cinnfidh an Danmhairg, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis an Rialachán atá beartaithe, an gcuirfidh sí an togra seo, a chuireann le *acquis* Schengen, chun feidhme ina dlí náisiúnta.

Maidir le hÉirinn, is de chineál hibrideach í an Treoir um Fhilleadh atá ann faoi láthair, mar a léirítear ina haithrisí. De réir an chur chuige chéanna sa togra seo, tá feidhm ag Prótacal 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis na Conarthaí, agus ag Prótacal 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal leis na Conarthaí, maidir leis an togra seo.

A mhéid is gur forbairt ar acquis Schengen atá sa Rialachán atá beartaithe, beidh feidhm ag a fhorálacha maidir leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin i gcomhréir leis na comhaontuithe faoi seach lena ndéantar na tíortha sin a chomhlachú le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt *acquis* Schengen.

- **Coimhdeacht**

Is é is cuspóir don togra seo nós imeachta coiteann um fhilleadh a thabhairt isteach agus aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh agus ar na príomhdhúshláin a bhíonn roimh na Ballstáit maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu san Aontas a fhilleadh. Is leas coiteann de chuid na mBallstát é inimirce neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac agus filleadh na ndaoine sin nach bhfuil aon cheart dlíthiúil fanachta acu a áirithiú,

rud nach féidir leo a bhaint amach astu féin. Faoi láthair, tá go leor de na heasnaimh i seachadadh an bheartais um fhilleadh mar thoradh ar easpa idirghníomhaíochta idir córais náisiúnta, rud nach féidir aghaidh a thabhairt air go héifeachtach ach ar leibhéal an Aontais.

Is é an cuspóir atá ann nós imeachta rianúil éifeachtúil a thabhairt do na Ballstáit uile, agus gluaiseachtaí idir na Ballstáit a chuireann bac ar an bpróiseas um fhilleadh a sheachaint.

Ba cheart an nós imeachta nua a rialú leis na rialacha céanna, beag beann ar an mBallstát a chuireann i bhfeidhm iad, chun cothromas agus cur chuige aontaithe a áirithiú maidir leis an gcaoi a gcaitear le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil don duine aonair.

Ina theannta sin, dá mbunófaí rialacha ar an leibhéal náisiúnta arb é is aidhm dóibh dreasachtaí a laghdú le haghaidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe idir na Ballstáit chun críche filleadh a bhac, ní thabharfaí aghaidh go héifeachtúil ar an bhfadhb. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo a bhaint amach go leordhóthanach as a stuaim féin, agus de thoradh scála agus thionchar an Rialacháin seo, is ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin ní mór don Aontas gníomhú, agus féadfaidh sé bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach.

A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir nós imeachta coiteann um fhilleadh a bhunú, lena n-áirítear sásra chun cinneadh um fhilleadh a aithint agus a fhorfheidhmiú, rialacha feabhsaithe maidir le daoine a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo, agus soiléireacht coimircí nós imeachta, tá gnéithe uile an togra teoranta don mhéid is gá chun nós imeachta comhchoiteann den sórt sin a bhunú agus a chumasú, chun é a chuíchóiriú agus a shimpliú, chun cóir chomhionann a áirithiú i dtéarmaí ceart agus ráthaíochtaí i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta do náisiúnaigh tríú tír agus chun neamhréireachtaí i nósanna imeachta náisiúnta a sheachaint, a bhfuil sé mar thoradh neamh-inmhianaithe orthu gluaiseachtaí neamhúdaraithe a spreagadh. Is é is aidhm do na hathruithe sin an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir caitheamh go cothrom le náisiúnaigh tríú tír agus a áirithiú nach féidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sé d'aidhm acu cosc a chur ar a n-aistriú ón Aontas dul timpeall ar an gcóras. Tá na coimircí uile is gá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcaitear le náisiúnaigh tríú tír ar bhealach daonnúil agus cothrom agus lánurraim á tabhairt don Chairt.

- **An rogha ionstraime**

Tá Rialachán á mholadh ag an gCoimisiún. In ainneoin gur cuireadh i láthair Moltaí 2017 agus 2023 agus meastóireachtaí tréimhsiúla Schengen chun na Ballstáit a spreagadh chun solúbthachtaí uile na Treorach um Fhilleadh a úsáid, tá bacainní nós imeachta tábhachtacha fós ann.

Níor leor na hiarrachtaí chun éifeachtacht an chur chun feidhme a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí sna cineálacha nósanna imeachta a úsáidtear, ar na cearta agus na ráthaíochtaí nós imeachta do náisiúnaigh tríú tír, agus chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú i measc na mBallstát.

Le Rialachán lena mbunaítear comhchóras um fhilleadh san Aontas, a mbeidh a fhorálacha infheidhme go díreach, soláthraítear an leibhéal aonfhoirmeachta agus éifeachtachta is gá le

haghaidh cur chuige comhchoiteann nua maidir le filleadh. Áirithítear le Rialachán go dtabharfar aghaidh go comhleanúnach i ngach Ballstát ar ghnéithe nua tábhachtacha a thugtar isteach chun éifeachtacht a mhéadú, amhail rialacha nós imeachta, oibleagáidí maidir le náisiúnaigh tríú tír, agus aitheantas frithpháirteach, rud a chuirfidh cosc ar éifeachtaí saofa agus ar lúba ar lár i bhfeidhmiú chóras an Aontais um fhilleadh. Ina theannta sin, dhéanfadh sé sin na rialacha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh a ailíniú leis na rialacha sonracha a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ó tháinig an Treoir um Fhilleadh i bhfeidhm, rinneadh anailís ar an léirmhíniú ar ghnéithe sonracha den Treoir i bpléití ar leibhéal na saineolaithe sa Ghrúpa Teagmhála um Fhilleadh, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, inar bailíodh le chéile saineolaithe ó na Ballstáit, an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (‘Frontex’). Chuir sé sin ar chumas an Choimisiúin, le himeacht na mblianta, forléargas soiléir a bheith aige ar na gnéithe is deacra a mhéid a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Treorach um Fhilleadh. Tá plé agus anailís rialta déanta ag an Sainghrúpa um Athligean Isteach agus ag meithleacha tíre tiomnaithe arna n-eagrú ag Frontex ar na dúshláin sa phróiseas um athligean isteach.

Le meastóireachtaí tréimhsiúla Schengen agus meastóireacht théamach Schengen 2024 ar fhilleadh[13] tugadh léargas mionsonraithe ar an gcóras um fhilleadh atá ann faoi láthair. A bhuí leis an gcur chuige idir piaraí, déanann foireann atá comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais, meastóireacht ar gach Ballstát agus ar gach Tír atá Comhlachaithe le Schengen a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm go hiomlán uair amháin gach 7 mbliana ar a laghad. Is minic a tarraingíodh aird sna meastóireachtaí sin ar shaincheisteanna sonracha sa dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir um Fhilleadh agus cuireadh ar chumas an Choimisiúin forléargas a fháil ar na príomhdhúshláin a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach atá ann faoi láthair.

Tá an togra bunaithe freisin ar réamhthorthaí an staidéir ‘Bearnaí agus riachtanais dhlí an Aontais i réimse an fhillte’, a choimisiúnaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile. Leis an staidéar faoi stiúir cuibhreannas de chuid ICF, i gcomhar leis an Institiúid um Beartas Imirce (MPI Europe), Lárionad Beartais na hEorpa (EPC), agus Líonra Odysseus, cuireadh anailísí ardcháilíochta ar fáil ar roghanna a d’fhéadfadh a bheith ann don chreat reachtach nua maidir le filleadh, ar bhonn comhairliúcháin dhoimhne trí shuirbhéanna, ceardlanna agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara. Cé nach dtabharfar an staidéar chun críche go dtí níos déanaí in 2025 bhí ról lárnach ag an bpróiseas comhairliúcháin leanúnach i gcomhthéacs an staidéir agus na réamhthorthaí maidir leis an togra a chur ar an eolas.

Bíonn comhairliúcháin rialta ag an gCoimisiún le cleachtóirí sna Ballstáit, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha tríd an Sainghrúpa um Fhilleadh ar Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN-REG). Tá bonn fianaise praiticiúil luachmhar curtha ar fáil ag obair leanúnach EMN-REG, lena n-áirithítear go bhfuil an togra bunaithe ar fhíorthaithí.

[13] Schengen thematic evaluation report – Bridging national gaps: towards an effective EU return system. [Tuarascáil mheastóireachta téamaí Schengen — Bearnaí náisiúnta a líonadh: i dtreo córas éifeachtach de chuid an Aontais um fhilleadh].

Tá ról ríthábhachtach ag EMN-REG trí chomhar leanúnach a éascú agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt i réimse an fhillte agus an ath-lánpháirtithe. Trí cheardlanna agus seimineáir rialta, tugann EMN-REG aghaidh ar phríomhábhair amhail comhairleoireacht maidir le filleadh, filleadh deonach agus ath-imeascadh, filleadh grúpaí leochaileacha, agus roghanna malartacha ar choinneáil. A bhuí le struchtúr EMN-REG, bhíothas in ann aiseolas leanúnach a thabhairt, rud a chuireann leis na roghanna beartais don togra seo.

Tá an togra bunaithe ar roinnt tionscadal taighde (atá ar siúl faoi láthair) i réimse an fhillte agus na himirce neamhrialta, ar tionscadail iad atá á maoiniú ag an Aontas. Go háirithe, Imirce Neamhrialta a Thomhas agus Beartais ghaolmhara (MIrreM) maidir leis an imirce neamhrialta i gcoitinne agus an Staidéar ar Fhilleadh agus ar Bheartais um Athligean Isteach san Eoraip agus níos faide i gcéin a dhílárú (GAPS), Cúiseanna, taithí agus iarmhairtí an bheartais maidir le filleadh agus athligean isteach: roghanna malartacha éifeachtacha a nochtadh agus a fhorbairt (MORE) agus Comhaontú a Aimsiú maidir le Filleadh (FAIR) maidir le filleadh, ath-imeascadh agus athligean isteach. Tugann na tionscadail taighde sin acadóirí, an tsochaí shibhialta, rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta le chéile chun féachaint, i measc nithe eile, ar thabhairt chun rialtachta, bacainní/cumasóirí ar chomhar idirnáisiúnta maidir le filleadh, inspreagadh, taithí agus iarmhairtí an bheartais maidir le filleadh agus athligean isteach agus gnéithe a bhaineann le cearta an duine san fhilleadh deonach agus éigeantach.

Rinneadh an Measúnú Tionchair ionadach ar an togra athmhúnlaithe maidir leis an Treoir um Fhilleadh[14] a rinne Parlaimint na hEorpa agus an tuarascáil cur chun feidhme ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Treoir um Fhilleadh[15] a mheas go cúramach agus an togra nua á fhorbairt.

Tá cuntas mionsonraithe ar an bpróiseas comhairliúcháin agus ar fhianaise a chuireann leis an togra seo leagtha amach i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a fhoilseofar go luath.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra bunaithe ar chomhairliúcháin le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, institiúidí Eorpacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), an tsochaí shibhialta, eintitis taighde, agus tríú tíortha.

Idir mí Dheireadh Fómhair 2024 agus mí Feabhra 2025, chuir an Coimisiún dlús leis an gcomhairliúchán dlúth leanúnach atá ar siúl cheana le príomhpháirtithe leasmhara ó na Ballstáit, saineolaithe agus cleachtóirí i réimse an fhillte agus na sochaí sibhialta. Tharla na comhairliúcháin ar an leibhéal polaitiúil, straitéiseach agus teicniúil, chun a áirithiú go ndearnadh réaltachtaí agus riachtanais na bpáirtithe ábhartha uile a mheas. Sa chomhthéacs sin, roinn páirtithe leasmhara acmhainní ábhartha agus ionchur spriocdhírithe leis an gCoimisiún.

Tá bonn fianaise praiticiúil luachmhar curtha ar fáil ag obair leanúnach EMN-REG, lena n-áirithítear go bhfuil an togra bunaithe ar thaithí agus ar chleachtais coincréiteacha. Trí cheardlanna agus seimineáir rialta, thug EMN-REG aghaidh le bliain anuas ar ábhair amhail aitheantas frithpháirteach, comhairleoireacht maidir le filleadh, filleadh deonach agus ath-imeascadh, filleadh grúpaí leochaileacha, agus roghanna malartacha ar choinneáil. Ó mhí

14 https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document/EPRS_STU(2019)631727.

15 Téacsanna arna nglacadh — Tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an Treoir um Fhilleadh — Déardaoin, 17 Nollaig 2020 .

na Samhna 2024 i leith, úsáideadh EMN-REG ar bhealach spriocdhírithe freisin chun tuairimí an ghrúpa a chur in iúl, go háirithe maidir le daoine leochaileacha sa phróiseas um fhilleadh.

Rinne an Líonra Ardleibhéil um Fhilleadh, faoi chathaoirleacht Chomhordaitheoir an Aontais um Fhilleadh, plé spriocdhírithe freisin i mí Mheán Fómhair 2024 agus i mí Eanáir 2025, go háirithe maidir le roghanna beartais agus breithnithe éagsúla don togra.

D'eagraigh an Coimisiún roinnt seisiúin thiomnaithe maidir leis an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo i réimse an fhillte ag an bhFóram Eorpach um Imirce i mí na Samhna 2024, rud a d'fhág go raibh deis ann tuairimí agus smaointe a chur in iúl a thuilleadh, go háirithe ón tsochaí shibhialta.

Bhí plé tiomnaithe ag grúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le himircigh freisin maidir leis an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo maidir le filleadh an 15 Eanáir 2025.

Le bliain anuas, d'eagraigh an Chomhairle, faoi cheannaireacht na nUachtaránachtaí rothlacha, go leor plé maidir leis an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo i réimse an fhillte ar an leibhéal teicniúil, straitéiseach agus aireachta.

Eagraíodh dianphróiseas comhairliúcháin ó mhí na Samhna 2024 go mí Feabhra 2025 i gcomhthéacs an staidéir dar teideal 'Bearnaí agus riachtanais dhlí an Aontais i réimse an fhillte', arna choimisiúnú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile. Leis an staidéar faoi stiúir cuibhreannas de chuid ICF, i gcomhar leis an Institiúid um Beartas Imirce (MPI Europe), Lárionad Beartais na hEorpa (EPC), agus Líonra Odysseus, bhíothas in ann comhairliúcháin dhoimhne a dhéanamh trí shuirbhéanna, ceardlanna agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara.

Ar deireadh, de réir mar a treisíodh an obair ar an togra, tá go leor páipéar seasaimh, nótaí agus anailísí faighte ag an gCoimisiún ina léirítear dúshláin, fadhbanna agus ina ndéantar réitigh a mholadh, ar tugadh aird chuí orthu go léir agus ar cuireadh san áireamh iad i gcomhthéacs an togra a ullmhú.

Tá cuntas mionsonraithe ar an bpróiseas comhairliúcháin agus ar fhianaise a chuireann leis an togra seo leagtha amach i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a fhoilseofar go luath.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhain an Coimisiún úsáid as an saineolas a bailíodh ón iliomad líonraí agus grúpaí saineolaithe atá gníomhach i réimse an fhillte, lena n-áirítear an Sainghrúpa um Fhilleadh ar Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN-REG), an Grúpa Teagmhála don Treoir um Fhilleadh, an Grúpa Saineolaithe um Athligean Isteach, an Líonra Ardleibhéil um Fhilleadh faoi chathaoirleacht Chomhordaitheoir an Aontais um Fhilleadh, na saineolaithe atá ag obair i gcomhthéacs an staidéir 'Bearnaí agus riachtanais dhlí an Aontais i réimse an fhillte'.

Thairis sin, chuir an Coimisiún san áireamh an iliomad páipéar, páipéar seasaimh agus ábhar taighde a tarchuireadh chuig an gCoimisiún, go háirithe le roinnt míonna anuas de réir mar a cuireadh dlús leis an obair ar an togra.

- **Measúnú tionchair**

Cé nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair, mar gheall ar an bpráinn a bhaineann le rialacha nua a mholadh i réimse an fhillte, tá an togra bunaithe ar an raon leathan comhairliúchán, staidéar agus meastóireachtaí a leagtar amach thuas.

Foilseofar Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, ina leagfar amach an próiseas comhairliúcháin roimh an togra, chomh maith le hanailís ar chuid de na príomhroghanna beartais a breithníodh, go luath.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra, féachtar leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair a shimpliú agus a chuíchóiriú, ar creat é a forbraíodh a thuilleadh le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta, lena n-áirítear, as a n-eascraíonn ardleibhéal castachta i gcur chun feidhme na rialacha.

Leis an oibleagáid comhoibriú, laghdófar an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, ós rud é go mbeidh sé d'oibleagáid ar náisiúnaigh tríú tír páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas um fhilleadh tríd an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar agus fanacht i láthair agus ar fáil go leanúnach. Le sásra maidir le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh, seachnófar dúbláil iarrachtaí ar fud na mBallstát agus measúnuithe iolracha don náisiúnach tríú tír céanna. Ina theannta sin, le hOrdú an Aontais um Fhilleadh, éascófar an malartú faisnéise is gá chun cinntí um fhilleadh de chuid Ballstát eile a aithint.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[16], mar aon leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, go háirithe as Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Stádas Dídeanaithe[17], as an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint[18], as an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta[19], agus as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[20].

Áirithítear leis an togra seo go ndéanfar daoine a chur ar ais ar bhealach lena n-urramaítear dínit an duine, an ceart chun na beatha, toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, an ceart chun saol an teaghlaigh agus chun saol príobháideach, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú agus díbirt, go háirithe prionsabal an *non-refoulement agus cosaint ar ionnarbadh comhchoiteann,* neamh-idirdhealú agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

Déantar an ceart chun saoirse a chosaint trí imscríobh docht na coinneála a chuirtear ar fáil: níl údar le coinneáil ach amháin ar fhorais shonracha atá sainithe go soiléir sa Rialachán, nuair is gá agus nuair is comhréireach é, ar bhonn measúnú aonair ar gach cás atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Leagtar amach sa Rialachán freisin úsáid roghanna malartacha ar choinneáil mar, cé nach bhfuil roghanna malartacha ar choinneáil chomh hionrach céanna le coinneáil, tá srianta saoirse i gceist leis na bearta sin mar sin féin. Ráthaítear leis an togra gur cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le mionaoisigh sa phróiseas um fhilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dálaí coinneála. Thairis sin, tugtar isteach anois freisin cuid de na príomhghnéithe nua a tugadh isteach le reachtaíocht an Chomhshocraithe, go háirithe maidir le measúnú aoise ar mhionaoisigh agus an cleachtas ionadaí a cheapadh chun mionaoiseach neamhthionlactha a thionlacan, don nós imeachta um fhilleadh tríd an Rialachán seo. Eisiatar leis an togra freisin mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu ó fhilleadh ar thíortha ina bhfuil comhaontú nó socrú i bhfeidhm. Trí na rialacha maidir le

16 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26 Deireadh Fómhair 2012, lgh. 391-407.
17 Coinbhinsiún na Ginéive ar Stádas Dídeanaithe, 1951, Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe.
18 An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 1950, Comhairle na hEorpa.
19 An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, 1966, na Náisiúin Aontaithe.
20 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989.

náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a threisiú, cuirtear an ceart chun slándála chun cinn leis an togra freisin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mar a leagtar amach sa ráiteas airgeadais reachtach agus digiteach a ghabhann leis, tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát comhoiriúnach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus is féidir iad a mhaoiniú le linn CAI 2021-2027 do na Cistí Gnóthaí Baile, trí úsáid a bhaint as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)[21] . Tiocfaidh cistiú ón mbliain 2027 ar aghaidh faoi chaibidlí CAI eile. Tá sé beartaithe buiséad Frontex maidir le filleadh a threisiú, más gá, in 2025, 2026 agus 2027 trí acmhainní a chur in úsáid go hinmheánach laistigh de bhuiséad Frontex ag brath ar an tomhaltas iarbhír.

Beidh na Ballstáit in ann úsáid a bhaint as na cistí a leithdháiltear faoina gcláir náisiúnta faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun tacú le haon infheistíocht is gá sa bhonneagar agus sna nósanna imeachta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Is féidir le Frontex tacú leis na Ballstáit trí fhoireann agus gníomhaíochtaí laistigh dá shainordú, amhail oibríochtaí um fhilleadh a chomhordú, lena n-áirítear trí chostais a bhaineann le hoibríochtaí um fhilleadh a chumhdach, eitleán a chairtfhostú nó ticéid a chur in áirithe le haghaidh filleadh ar eitiltí tráchtála, chun na críche céanna.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin, lena n-áirítear trí shásra meastóireachta Schengen. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú ar chur chun feidhme an Rialacháin cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é príomhchuspóir an togra an próiseas um fhilleadh a shimpliú agus é a dhéanamh níos soiléire do na húdaráis náisiúnta agus do na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

Is i bhfoirm Rialacháin atá an togra agus ar an gcaoi sin áirithítear leis go bhfuil na rialacha infheidhme go díreach sna Ballstáit agus go ndéantar filleadh a bhainistiú go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Cruthaíonn sé sin soiléireacht agus intuarthacht agus laghdaíonn sé an scóip chun dul timpeall ar an gcóras um fhilleadh i mBallstát amháin trí aistriú go Ballstát eile.

Rialacha nós imeachta coiteanna maidir le cinntí a bhaineann le filleadh a eisiúint: áirítear sa togra rialacha comhchoiteanna maidir le cinntí um fhilleadh a eisiúint agus maidir le toirmisc ar dhul isteach a fhorchur. Áirithítear leis sin go gcaitear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír i ngach Ballstát agus cuidíonn sé lena áirithiú nach féidir éagsúlachtaí idir córais na mBallstát a shaothrú. Tugadh sainmhínithe cothrom le dáta i bhfianaise an chleachtais ó glacadh an Treoir um Fhilleadh agus, i gcás inarb infheidhme, rinneadh iad a ailíniú leis na sainmhínithe sna gníomhartha dlí nuaghlactha atá sa Chomhshocrú, rud a áirithíonn aonfhoirmeacht, soiléireacht agus intuarthacht ar fud an phróisis imirce. Déantar cearta bunúsacha fillithe a choimirciú le coimircí nós imeachta soiléire, lena n-áirithítear go mbeidh cinntí um fhilleadh faoi réir grinnscrúdú, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc

[21] A mhéid a mhaoineofar gníomhaíochtaí le saoráid théamach AMIF, féadfar iad a chur chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach, indíreach nó chomhroinnte.

agus toirmeasc ar refoulement, agus aird chuí á tabhairt ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus ar leas an linbh.

Filleadh éigeantach a threisiú agus filleadh deonach a dhreasú: soiléirítear sa togra cathain ba cheart an cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú trí aistriú, agus sainítear ann filleadh deonach, rud a chruthaíonn soiléireacht agus intuarthacht do na húdaráis atá freagrach agus do náisiúnaigh tríú tír araon. Dá réir sin, neartaítear an filleadh deonach, de réir mar a éiríonn an filleadh éigeantach ina ionstraim shoiléir inchreidte. Soiléirítear sa togra na forálacha maidir le faireachán a dhéanamh ar an bhfilleadh éigeantach.

Coimircí nós imeachta: déanfar na rialacha sa togra seo a chur chun feidhme i gcónaí agus lánurraim á tabhairt don Chairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an non-refoulement, don cheart chun saoirse, don cheart chun leighis éifeachtaigh agus do leas an linbh. Tá difríochtaí suntasacha idir na tréimhsí ama chun achomhairc a thaisceadh i gcoinne cinntí um fhilleadh i measc na mBallstát, ó chúpla lá go mí amháin nó níos mó. I gcomhréir le cearta bunúsacha, ní mór go leor ama a bheith san achar ama chun rochtain ar leigheas éifeachtach a áirithiú, gan moill a chur ar na nósanna imeachta um fhilleadh. Comhchuibhítear leis an togra freisin na rialacha chun cúnamh dlí agus/nó ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar, arna iarraidh sin, i gcomhréir le rialacha nuaghlactha an Chomhshocraithe. Ar deireadh, tá an togra ag teacht leis na rialacha san *acquis* tearmainn maidir le measúnú aoise ar mhionaoisigh, chomh maith le hionadaí a cheapadh chun mionaoisigh neamhthionlactha a thionlacan sa phróiseas um fhilleadh. Trí nasc a sholáthar leis an bpróiseas tearmainn, áirithítear leis an togra go gcaithfear go hiomchuí agus go comhleanúnach le mionaoisigh ar fud rialacha bainistithe imirce an Aontais, rud a thugann soiléireacht, simpliú agus intuarthacht.

Oibleagáid maidir le comhoibriú agus an ceart chun faisnéise: is saincheist thábhachtach í an easpa comhair ón náisiúnach tríú tír le linn na nósanna imeachta um fhilleadh lena gcuirtear bac ar fhilleadh. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an togra seo oibleagáid shainráite ar náisiúnaigh tríú tír comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta ag gach céim den nós imeachta um fhilleadh, go háirithe chun a gcéannacht a shuí agus a fhíorú d'fhonn doiciméad taistil bailí a fháil, faisnéis phearsanta, faisnéis taistil agus bhithmhéadrach a sholáthar. Leagtar amach sna rialacha atá beartaithe a bhfuil i gceist leis an gcomhar agus na hiarmhairtí i gcás neamh-chomhoibrithe, mar aon le dreasachtaí chun comhar a áirithiú, lena n-áirítear comhairleoireacht maidir le filleadh agus tacaíocht don fhilleadh deonach. Chun a áirithiú go gcuirfear an náisiúnach tríú tír ar an eolas go cuí faoin méid a bhfuiltear ag súil leis uaidh nó uaithi sa phróiseas um fhilleadh, áirítear sa togra ceart an náisiúnaigh tríú tír chun faisnéise, ag tógáil ar chuid de na cleachtais sna Ballstáit, agus tá sé ar aon dul le forálacha comhchosúla a tugadh isteach leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Déantar foráil sa chóras maidir leis an deis chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí áirithe agus chun rochtain a fháil ar leigheasanna dlí.

Éalú agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe idir na Ballstáit a bhainistiú agus a chosc: cuirtear rialacha treisithe ar fáil do na Ballstáit leis an togra chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir filleadh trí chóras a chruthú a bheidh níos ábalta measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca éalaithe. Tugtar isteach leis liosta uileghabhálach chun measúnú a dhéanamh ar an riosca éalaithe, lena n-áirithítear cur chuige comhleanúnach agus aonfhoirmeach i measc na mBallstát, agus liosta uileghabhálach d'fhorais choinneála. Tá na rialacha lena gcomhlánaítear an oibleagáid comhoibriú, chun a áirithiú go mbeidh an fillí fós ar fáil le linn an phróisis um fhilleadh, ar aon dul, i gcodanna, leis na réitigh a comhaontaíodh chun críche tearmainn dá bhforáiltear sna gníomhartha dlí atá sa Chomhshocrú, mar shampla an fhéidearthacht ceangal a chur ar an náisiúnach tríú tír fanacht laistigh de shuíomh geografach ar leith amhail réigiún.

Filleadh náisiúnach tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo: ní mór náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu san Aontas agus a bhfuil riosca slándála ag baint leo a shainaithint go tapa agus a fhilleadh go pras. Dá bhrí sin, áirítear sa togra oibleagáid ghinearálta ar na húdaráis fhreagracha na fíoruithe is gá a dhéanamh go luath sa phróiseas um fhilleadh chun tacú le sainaithint agus chun aon riosca slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a fhíorú. Sainítear sa togra catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír a thagann faoi raon feidhme na rialacha speisialta nós imeachta do dhaoine aonair a mbaineann rioscaí slándála leo, mar shampla i gcás ina ndearnadh coir ar leibhéal áirithe tromchúise. Beidh na náisiúnaigh tríú tír sin faoi réir filleadh éigeantach, toirmisc níos faide ar dhul isteach agus foras coinneála ar leithligh. Tá na rialacha sin ar aon dul agus ag teacht leis na rialacha maidir le filleadh le reachtaíocht nuaghlactha an Chomhshocraithe, chomh maith le Cód Teorainneacha Schengen, lena n-áirítear rialacha chun déileáil go sonrach le himircigh a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo. Cuireann an togra coimircí soiléire ar fáil freisin chun cearta bunúsacha a chosaint.

Ordú Eorpach um Fhilleadh: cé go n-eiseoidh na Ballstáit a gcinntí féin maidir le filleadh, tugtar isteach leis an togra Ordú Eorpach um Fhilleadh, lena gcomhlánófar cinntí na mBallstát maidir le filleadh chun soiléireacht a chur ar fáil ar fud na mBallstát. Beidh an tOrdú Eorpach um Fhilleadh, ar foirm choiteann é lena n-áireofar príomhghnéithe an chinnidh um fhilleadh, ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen. Aon athruithe teicniúla is gá chun rochtain thapa ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh a éascú, tabharfar aghaidh orthu i gcomhthéacs aon bhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar athruithe ar Rialachán (AE) 2018/1860 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh. Bunófar an tOrdú Eorpach um Fhilleadh trí ghníomh cur chun feidhme.

Sásra chun cinntí arna n-eisiúint ag Ballstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú: tugtar isteach leis an togra seo simpliú tábhachtach nós imeachta trí fhoráil a dhéanamh maidir le sásra chun cinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile a fhorfheidhmiú go díreach. Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, tá sé d'oibleagáid ar fhormhór na mBallstát cinneadh nua um fhilleadh a eisiúint don duine aonair, fiú i gcás ina bhfuil cinneadh um fhilleadh eisithe cheana féin ag Ballstát eile. Leis an togra seo, tugtar an uirlis do na Ballstáit chun an cinneadh um fhilleadh a d'eisigh an Ballstát eile roimhe sin a fhorfheidhmiú. Chuirfeadh sé sin deireadh le céim sa phróiseas agus sheachnófaí dúbláil. Faoin 1 Iúil 2027, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil socruithe dlíthiúla agus teicniúla iomchuí bunaithe ag na Ballstáit chun Orduithe Eorpacha um Fhilleadh a phróiseáil go héifeachtach trí Chóras Faisnéise Schengen agus glacfaidh sé cinneadh cur chun feidhme lena mbeidh sé éigeantach cinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú. Comhlánaítear an togra le maoluithe teoranta. Na Ballstáit a eisíonn cinneadh um fhilleadh, tá siad freagrach as a fhorfheidhmiú agus ní mór dóibh gach modh iomchuí a úsáid chun filleadh éifeachtach a áirithiú. Leis an Ordú Eorpach um Fhilleadh a thuairiscítear thuas tacaítear leis an sásra chun cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile a aithint agus éascaítear é. Soiléirítear sa togra freisin an próiseas agus na coimircí agus leigheasanna nós imeachta ábhartha bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Mholadh 2023 ón gCoimisiún maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh.

Filleadh ar thír lena bhfuil comhaontú nó socrú maidir le filleadh: tugtar isteach leis an togra an fhéidearthacht náisiúnaigh tríú tír ar eisíodh cinneadh um fhilleadh dóibh a fhilleadh chuig tríú tír lena bhfuil comhaontú nó socrú um fhilleadh ('moil um fhilleadh'). Ba cheart an fhéidearthacht imircigh neamhrialta a chur ar ais chuig na tíortha sin a bheith faoi réir coinníollacha sonracha chun a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann. Ní féidir comhaontú nó socrú a thabhairt i gcrích le tríú tír ach amháin i gcás ina n-urramaítear caighdeáin agus prionsabail idirnáisiúnta maidir le cearta an duine i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*. Ní mór na módúlachtaí

aistrithe a leagan amach sa chomhaontú nó sa socrú sin, chomh maith leis na coinníollacha don tréimhse ina bhfanann an náisiúnach tríú tír sa tír, a d'fhéadfadh a bheith sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma. Beidh sásra faireacháin ag gabháil leis an gcomhaontú nó leis an socrú sin chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun aon athrú ar imthosca sa tríú tír a chur san áireamh. Déantar mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu a eisiamh ó fhilleadh ar thír lena mbaineann comhaontú nó socrú um fhilleadh.

Athligean isteach mar chuid lárnach den phróiseas um fhilleadh: Leis an togra, leabaítear an t-athligean isteach mar chuid lárnach den phróiseas um fhilleadh. Bunaítear leis cur chuige coiteann nós imeachta maidir le hiarrataí ar athligean isteach a chur isteach, lena n-áirítear trí fhoirm chaighdeánach le haghaidh iarrataí ar athligean isteach agus trí obair leantach chórasach a dhéanamh ar chinntí um fhilleadh le hiarrataí ar athligean isteach. Méadaíonn sé trédhearcacht agus comhordú sa chur chuige i leith tríú tíortha maidir le hathligean isteach, agus ag an am céanna coinníonn sé solúbthacht do na Ballstáit. Tugtar isteach leis an togra gnéithe le haghaidh cur chuige níos comhtháite i leith tríú tíortha, déantar foráil maidir le bunús dlí soiléir chun sonraí a aistriú chuig tríú tíortha chun críche athligean isteach. Soiléirítear ann nach ionann cumarsáid le heintitis tríú tír neamhaitheanta chun an nós imeachta um athligean isteach a chur i gcrích agus aitheantas.

2025/0059 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 79(2), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[22],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[23],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus limistéar saoirse, slándála agus ceartais á chomhdhéanamh aige, ba cheart comhbheartas a bheith ag an Aontas maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a fhilleadh. Is cuid lárnach de chóras inchreidte bainistithe imirce é beartas éifeachtach um fhilleadh.

(2) Bunaítear leis an Rialachán seo córas coiteann maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu san Aontas a fhilleadh, bunaithe ar nós imeachta comhchoiteann um fhilleadh agus um athligean isteach, córas chun an riosca éalaithe a chosc agus a bhainistiú agus córas comhair atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit.

(3) Chun rannchuidiú le cur chun feidhme an chur chuige chuimsithigh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], ba cheart comhchóras a chur ar bun chun filleadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a bhainistiú go héifeachtach. Ba cheart an córas sin a bheith bunaithe ar cheapadh beartas comhtháite chun comhleanúnachas agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agus na mbeart arna ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit, ag gníomhú dóibh laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, a áirithiú.

---

22 IO C […], […], lch. […]

23 IO C […], […], lch. […]

24 Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147, (AE) 2021/1060, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 222, 22.5.2024, lch. 1).

(4) Tá béim leagtha arís agus arís eile ag an gComhairle Eorpach ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht dhiongbháilte a dhéanamh ar gach leibhéal chun filleadh ón Aontas Eorpach a éascú, a mhéadú agus chun dlús a chur leis. I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra reachtach nua a thíolacadh, mar ábhar práinne.

(5) Meabhraítear sna treoirlínte straitéiseacha maidir le pleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh de limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais a ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 12 Nollaig 2024 gur colún bunúsach de chóras cuimsitheach inchreidte tearmainn agus imirce de chuid an Aontais é beartas rathúil um fhilleadh. Chuige sin, iarrtar sna treoirlínte straitéiseacha cur chuige níos teanntásaí agus níos cuimsithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le filleadh, tríd an gcreat dlíthiúil a uasghrádú mar ábhar práinne.

(6) Le beartas éifeachtach um fhilleadh, ba cheart comhleanúnachas le sláine an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a áirithiú agus rannchuidiú leis, agus rannchuidiú le bainistiú na hinimirce neamhdhleathaí chuig an Aontas agus cosc a chur ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach idir na Ballstáit chun an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chosaint, agus cearta bunúsacha á n-urramú an tráth céanna.

(7) Tá méadú tagtha ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun beartais um fhilleadh a dhéanamh níos éifeachtaí. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl an creat dlíthiúil atá ann cheana, ina bhfuil Treoir 2001/40/CE[25] ón gComhairle agus Treoir 2008/115/CE[26], ag freagairt a thuilleadh do riachtanais bheartas imirce an Aontais. Ó glacadh Treoir 2008/115/CE in 2008, tá forbairt mhór tagtha ar an limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus ar bheartas imirce an Aontais. Tá dlí an Aontais i réimse na himirce tar éis bogadh ón reachtaíocht lena ngabhann íoschaighdeáin go dtí cleachtais na mBallstát a thabhairt níos gaire dá chéile. D'fhéach an Coimisiún le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha um fhilleadh in 2018 leis an togra chun an Treoir um Fhilleadh a athmhúnlú[27]. D'fhéach an Coimisiún freisin le tacú leis na Ballstáit solúbthachtaí Threoir 2008/115/CE a úsáid trí Mholtaí (AE) 2017/2338[28] agus (AE) 2023/682[29]. Mar sin féin, baineadh amach teorainneacha an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair.

---

25 Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147, (AE) 2021/1060, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L 222, 22.5.2024, lch. 1).

26 Treoir 2008/115/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj).

27 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (athmhúnlú). An Bhruiséil, 12.9.2018. COM(2018) 634 final – 2018/0329 (COD).

28 Moladh (AE) 2017/2338 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2017 lena mbunaítear 'Lámhleabhar coiteann maidir le Filleadh' a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát agus cúraimí a bhaineann le filleadh á gcur i gcrích acu (IO L 339, 19.12.2017, lch. 83, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2017/2338/oj).

29 Moladh (AE) 2023/682 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh agus maidir le dlús a chur le filleadh agus Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á cur chun feidhme. C/2023/1763. IO L 86, 24.3.2023, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/682/oj.

(8) Ba cheart nós imeachta coiteann um fhilleadh atá daingean agus cothrom a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát a fhilleadh ar bhealach daonnachtúil agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus don dlí idirnáisiúnta. Le rialacha soiléire trédhearcacha is infheidhme sna Ballstáit uile, ba cheart cinnteacht a thabhairt don náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus do na húdaráis inniúla. Tá sé tábhachtach nósanna imeachta um fhilleadh a shimpliú, a éascú agus a bhrostú agus a áirithiú nach gcuirfidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe chuig Ballstáit eile bac ar fhilleadh.

(9) Níor cheart do chur i bhfeidhm na rialacha de bhun an Rialacháin seo difear a dhéanamh do na rialacha maidir le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30]. I gcás inarb ábhartha, comhlánaítear na rialacha sa Rialachán seo leis na rialacha sonracha lena nasctar cinntí diúltacha tearmainn agus cinntí um fhilleadh le haghaidh eisiúna agus le haghaidh leigheasanna i Rialachán (AE) 2024/1348 agus an nós imeachta teorann um fhilleadh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

(10) Leis an Rialachán seo, urramaítear cearta bunúsacha náisiúnach tríú tír agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") chomh maith le Coinbhinsiún na Ginéive i dtaobh Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna fhorlíonadh le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 ("Coinbhinsiún na Ginéive"). Ba cheart é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCairt, le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha.

(11) Ba cheart prionsabal an non-refoulement agus an toirmeasc ar ionnarbadh comhchoiteann dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Chairt a urramú agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ní fhéadfar aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig tríú tír i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a chur air nó uirthi.

(12) Is é an Ballstát ar ar a chríoch a bhraitear an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá freagrach as filleadh an náisiúnaigh sin a áirithiú. Ar fhanacht neamhdhleathach a bhrath, ba cheart do na Ballstáit an náisiúnach tríú tír a shainaithint go pras agus rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a fhíorú trí bhunachair sonraí ábhartha an Aontais agus na bunachair sonraí ábhartha náisiúnta a chuardach. Ba cheart do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar aon leochaileachtaí agus, i gcás inarb ábhartha, seiceáil sláinte a dhéanamh.

(13) Ba cheart do na húdaráis inniúla a fhíorú go gcomhlíontar prionsabal an non-refoulement ar bhonn measúnú aonair agus na himthosca ábhartha go léir á gcur san áireamh. Ba cheart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann fianaise a chur isteach a luaithe is féidir maidir lena chúinsí pearsanta féin. Ba cheart é a bheith indéanta brath

[30] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 222, 22.5.2024, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj).

[31] Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 (IO L, 2024/1349, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1349/oj).

ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile a rinneadh sna céimeanna den nós imeachta roimhe sin. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar aon athrú ar imthosca agus ar aon eilimint nua lena bhfianaítear riosca.

(14) Is gá do na Ballstáit comhoibriú ar bhealach níos solúbtha, lena n-áirítear trí chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nua, agus ar bhealach níos spriocdhírithe chun gluaiseachtaí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach thar theorainneacha inmheánacha coiteanna a laghdú agus, ag an am céanna, limistéar Schengen gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a choimirciú.

(15) A luaithe a shuífear nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, nó nach gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha sin a thuilleadh, ba cheart cinneadh um fhilleadh a eisiúint go pras bunaithe ar mheasúnú aonair agus na fíorais agus na himthosca uile á gcur san áireamh.

(16) Is gá a áirithiú go ndéanfar eilimintí bunriachtanacha cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát a iontráil i bhfoirm shonrach mar Ordú Eorpach um Fhilleadh agus go gcuirfear ar fáil iad i gCóras Faisnéise Schengen in éineacht leis an bhfoláireamh maidir le filleadh nó trí mhalartú déthaobhach faisnéise le Ballstát eile. Dá réir sin, ba cheart don Ordú Eorpach um Fhilleadh tacú le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile i gcás ina mbogann an náisiúnach tríú tír neamhúdaraithe chuig Ballstát eile.

(17) Go minic, agus go háirithe i gcásanna nach gcomhoibríonn an náisiúnach tríú tír, bíonn sé deacair ar na húdaráis inniúla an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a shainaithint tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do na húdaráis inniúla an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus ba cheart dóibh an tír nó na tíortha is dóchúla a léiriú sa chinneadh um fhilleadh.

(18) I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit faoi réir cinneadh in-fhorfheidhmithe um fhilleadh ó Bhallstát eile, ba cheart an cinneadh sin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh, ba cheart an próiseas um fhilleadh a éascú agus dlús a chur leis ar bhonn comhar feabhsaithe agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Is féidir leo rannchuidiú freisin le himirce neamhrialta a dhíspreagadh agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe laistigh den Aontas a dhíspreagadh, chomh maith le moilleanna sa phróiseas um fhilleadh a theorannú. Ba cheart an leigheas i gcoinne na gcinntí um fhilleadh a fheidhmiú sa Bhallstát eisiúna.

(19) Ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit socruithe dlíthiúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chur ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen. Faoin 1 Iúil 2027, díreach os cionn bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil socruithe dlíthiúla agus teicniúla iomchuí bunaithe ag na Ballstáit chun Orduithe Eorpacha um Fhilleadh a phróiseáil go héifeachtach trí Chóras Faisnéise Schengen. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh trínar cheart aithint cinntí infhorfheidhmithe um fhilleadh, cinntí arna dtacú leis an Ordú Eorpach um Fhilleadh, a bheith éigeantach.

(20) Ba cheart leanúint de ghné Aontais a thabhairt d’éifeachtaí na mbeart náisiúnta um fhilleadh trí thoirmeasc ar dhul isteach a bhunú lena dtoirmiscfear dul isteach agus

fanacht ar chríoch na mBallstát uile. Ba cheart fad toirmisc ar dhul isteach a chinneadh agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca ábhartha uile a bhaineann le cás aonair agus níor cheart, i bprionsabal, é a bheith níos faide ná 10 mbliana. Nuair a dhéantar fanacht neamhdhleathach náisiúnaigh tríú tír a bhrath le linn seiceálacha imeachta ag na teorainneacha seachtracha, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur chun cosc a chur ar an náisiúnach tríú tír sin dul isteach san Aontas arís amach anseo agus chun rioscaí na hinimirce neamhdhleathaí a laghdú dá bharr.

(21) Is féidir náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh trí bhearta comhéigneacha trí aistriú nó tríd an oibleagáid imeacht a chomhlíonadh go deonach. Ba cheart an dá chineál fillte a nascadh chun bearnaí sa chóras a sheachaint. Cé gur cheart leanúint de náisiúnaigh tríú tír chomhoibríocha a fhilleadh go príomha trí fhilleadh deonach, féachtar le rialacha treisithe maidir le haistriú le hiarmhairt dhíreach agus láithreach a áirithiú i gcás nach n-urramaíonn an náisiúnach tríú tír an dáta faoinar gá dóibh imeacht. Ba cheart bearta comhéigneacha a bheith faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus na héifeachtachta maidir leis na modhanna a úsáidtear agus na cuspóirí a shaothraítear.

(22) Tá gá le rialacha comhchoiteanna chun a áirithiú go ndéanfar náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann rioscaí slándála agus nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a shainaithint go héifeachtúil agus a fhilleadh go pras. Is gá a áirithiú go ndéanfar seiceálacha ábhartha chun náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar an bpróiseas scagtha mar a leagtar amach i Rialachán 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. I gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo, ba cheart gurb é an riail a bheadh ann go ndéanfaí iad a aistriú, agus ba cheart é a bheith indéanta maolú a dhéanamh ar na rialacha ginearálta chun foráil a dhéanamh maidir le toirmisc níos faide ar dhul isteach, tréimhsí coinneála níos faide agus úsáid saoráidí coinneála speisialaithe ionas go ndéanfar iad siúd a chuireann slándáil an Aontais i mbaol a aistriú go tapa.

(23) Ba cheart go leathnófaí leis na rialacha nua na deiseanna atá ag na Ballstáit filleadh chuig tríú tíortha a áirithiú trí uirlisí breise. Ba cheart é a bheith indéanta comhaontuithe nó socruithe sonracha a chur i bhfeidhm le tríú tíortha chun tuilleadh roghanna maidir le filleadh a chur ar fáil do na Ballstáit faoi réir na gcoinníollacha go n-urramaíonn an tríú tír lena mbaineann na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus prionsabal an *non-refoulement*. Go háirithe, ba cheart go leagfaí amach sa chomhaontú nó sa socrú na modúlachtaí maidir le haistriú, na coinníollacha maidir le fanacht sa tír, na modúlachtaí i gcás filleadh ar aghaidh ar an tír thionscnaimh, na hiarmhairtí i gcás sáruithe nó athruithe móra a mbeadh drochthionchar acu ar an staid sa tríú tír, agus comhlacht nó sásra faireacháin neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe nó an tsocraithe. Is éard a bheidh sna comhaontuithe nó sna socruithe sin cur chun feidhme dhlí an Aontais chun críocha Airteagal 51(1) den Chairt.

(24) Tá limistéar Schengen a fheidhmíonn go maith gan teorainneacha inmheánacha ag brath ar an *acquis* ábhartha a bheith á chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil ag na Ballstáit. Le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, bunaítear

[32] Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú trí bhíthin meastóireachtaí tréimhsiúla, gan réamhfhógra agus téamacha, lena n-áirítear maidir le filleadh éifeachtach náisiúnach tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus maidir le cearta bunúsacha a urramú. Leis an sásra sin, is féidir easnaimh a shainaithint go tapa a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart limistéar Schengen agus áirithítear leis go dtabharfar aghaidh go cuí ar na heasnaimh sin.

(25) Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do leas an linbh agus nósanna imeachta um fhilleadh á gcur i bhfeidhm acu, i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chairt agus le Coinbhinsiún 1989 na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Agus measúnú á dhéanamh ar leas aonair an linbh, ba cheart do na Ballstáit, go háirithe, aird chuí a thabhairt ar fholláine agus forbairt shóisialta an mhionaoisigh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ar chúinsí sábháilteachta agus slándála agus ar thuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir le haois agus aibíocht an mhionaoisigh sin, lena n-áirítear a chúlra nó a cúlra. Ba cheart ionadaí a bheith mar threoir ag an mionaoiseach neamhthionlactha trí gach céim den phróiseas um fhilleadh.

(26) I gcás ina bhfuil forais amhrais ann i dtaobh an mionaoiseach é an náisiúnach tríú tír nó nach ea, ba cheart measúnú aoise a dhéanamh. Chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le bainistiú imirce san Aontas, ba cheart cloí leis an nós imeachta céanna dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] . Agus measúnuithe aoise á ndéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte ábhartha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a chur san áireamh go háirithe.

(27) Chun éifeachtacht an nós imeachta um fhilleadh a threisiú, ba cheart freagrachtaí soiléire a bhunú do náisiúnaigh tríú tír. Ba cheart do náisiúnaigh tríú tír comhoibriú leis na húdaráis ag gach céim den nós imeachta um fhilleadh. Ba cheart do náisiúnaigh tríú tír a bheith ar fáil i gcónaí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar chun an filleadh a ullmhú. I gcás nach n-urramaítear na hoibleagáidí maidir le comhoibriú, ba cheart iarmhairtí éifeachtacha agus comhréireacha a fhorchur, lena n-áirítear, mar shampla, sochair agus liúntais laghdaithe a dheonaítear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, doiciméid taistil a urghabháil nó síneadh a chur le tréimhse toirmisc ar dhul isteach. Ba cheart do na húdaráis inniúla an náisiúnach tríú tír a chur ar an eolas faoi na céimeanna éagsúla den nós imeachta um fhilleadh, faoina n-oibleagáidí agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí sin.

(28) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, smachtbhannaí coiriúla a fhorchur i gcomhréir leis an dlí coiriúil náisiúnta ar náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(29) Ba cheart sraith leigheasanna dlí in aghaidh cinntí a bhaineann le filleadh a bhunú chun cosaint éifeachtach leasanna na ndaoine aonair lena mbaineann a ráthú. Ba cheart an cúnamh dlíthiúil is gá a chur ar fáil, arna iarraidh sin, dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu i gcásanna achomhairc nó athbhreithnithe os comhair údarás breithiúnach.

---

[33] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 2024/1348, 22.5.2024, lch. 1).

(30) Chun éifeachtacht na nósanna imeachta um fhilleadh a fheabhsú, agus urraim don cheart chun leigheas éifeachtach a fháil i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt á háirithiú ag an am céanna, ba cheart agóid a dhéanamh in aghaidh achomhairc in aghaidh cinntí a bhaineann le filleadh a mhéid is féidir roimh leibhéal breithiúnach amháin. Ba cheart go gcomhlíonfadh rialacha an Rialacháin seo maidir le hachomhairc agus éifeacht fionraíochta an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

(31) Ba cheart na huirlisí is gá a sholáthar do na Ballstáit chun an riosca éalaithe a mheasúnú, a bhainistiú agus a chosc. Le rialacha comhchoiteanna, ba cheart cuíchóiriú a dhéanamh ar an measúnú ar an riosca sin i gcásanna aonair agus ba cheart féachaint leis an úsáid a bhaintear as roghanna malartacha éifeachtúla ar choinneáil sna Ballstáit a mhéadú chun an próiseas um fhilleadh a bhainistiú go héifeachtach.

(32) Níor cheart é a bheith indéanta coinneáil a fhorchur ach amháin chun filleadh a ullmhú, nuair is comhréireach agus nuair is gá sin, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar gach cás, lena n-áirítear aon staid leochaileachta a chur san áireamh. Chun na críche sin, d'fhéadfaí coinneáil a fhorchur i gcás ina bhfuil baol ann go n-éalódh náisiúnaigh tríú tír, i gcás ina gcuireann náisiúnaigh tríú tír bac ar fhilleadh nó ina seachnaíonn siad filleadh, nó i gcás ina bhfuil riosca slándála ag baint leo, nó i gcás nach gcomhlíonann siad roghanna eile seachas coinneáil, nó i gcás ina bhfuil gá le coinneáil chun céannacht nó náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú. Ba cheart do na húdaráis gníomhú le dícheall cuí agus níor cheart coinneáil a choinneáil ar bun ach ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos faide ná 24 mhí. I gcás ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le mionaoisigh a choinneáil, ba cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh. Ba cheart bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna ar choinneáil a úsáid nuair is féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

(33) Chun náisiúnaigh tríú tír a bhfuil riosca slándála ag baint leo a fhilleadh, tá gá le bearta sonracha atá dírithe ar chearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta na náisiúnaigh tríú tír sin a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, agus ní mór d'aon choinneáil den sórt sin prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh.

(34) Ba cheart caitheamh le náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil ar bhealach daonnachtúil díniteach agus urraim á tabhairt dá gcearta bunúsacha agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta, agus na treoirlínte praiticiúla ó Choiste Chomhairle na hEorpa chun céastóireacht agus íde atá mídhaonna nó táireach a chosc á gcur san áireamh. De ghnáth, ba cheart coinneáil a dhéanamh i saoráidí coinneála speisialaithe nó i mbrainsí tiomnaithe saoráidí eile. Féadfar leas a bhaint as cóiríocht phríosúin nuair nach féidir le Ballstát foráil a dhéanamh do shaoráid den sórt sin lena gcoimeádtar na náisiúnaigh tríú tír ar leithligh ó ghnáthphríosúnaigh.

(35) Tá na forais choinneála a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar d'fhorais choinneála eile, lena n-áirítear forais choinneála faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla, atá infheidhme faoin dlí náisiúnta agus nach mbaineann le fanacht neamhdhleathach an náisiúnaigh tríú tír.

(36) Is bunphrionsabal de cheannasacht an stáit agus den chomhar idirnáisiúnta é an oibleagáid atá ar aon Stát a náisiúnaigh féin a athligean isteach. Meastar gur prionsabal de dhlí idirnáisiúnta an ghnáis é dualgas na Stát a náisiúnaigh féin a athligean isteach. Tá fianaise bhreise ann gurb ann do dhualgas den sórt sin le cleachtas comhsheasmhach na Stát maidir le comhaontuithe agus socruithe um athligean isteach

a chur chun feidhme, mar aon leis an aitheantas a thugann siad don phrionsabal sin mar ghné riachtanach den chomhar idirnáisiúnta maidir leis an imirce a bhainistiú.

(37) Tá cur chuige córasach agus comhordaithe maidir le hathligean isteach idir na Ballstáit ríthábhachtach chun filleadh náisiúnach tríú tír a éascú. Mura ndéantar obair leantach leordhóthanach ar chinntí in-fhorfheidhmithe um fhilleadh, tá an baol ann go gcuirfí bac ar éifeachtúlacht an chur chuige choitinn maidir le filleadh. Ba cheart na bearta uile is gá chun an filleadh a chur chun feidhme a leanúint go córasach tar éis cinntí um fhilleadh is féidir a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear iarrataí ar athligean isteach a chur faoi bhráid údaráis tríú tíortha, i gcásanna ina bhfuil amhras faoin náisiúntacht nó inar gá doiciméad taistil a fháil.

(38) Cé go mbraitheann athligean isteach freisin ar chomhar na dtríú tíortha, ba cheart cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i measc na mBallstát chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta um athligean isteach a mhéadú, agus chun aontacht i measc na mBallstát a áirithiú. Ba cheart trédhearcacht agus comhordú maidir le rannpháirtíocht le tríú tíortha a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs ionstraimí um athligean isteach a chaibidliú, chun cur chuige comhleanúnach de chuid an Aontais a neartú. Chun fillteacha éifeachtacha a áirithiú, níor cheart gurb ionann cumarsáid le heintitis ábhartha tríú tír chun críoch an nós imeachta um athligean isteach agus aitheantas taidhleoireachta na n-eintiteas tríú tír lena mbaineann.

(39) Braitheann nósanna imeachta éifeachtacha um fhilleadh ar chomhar riaracháin éifeachtúil agus ar chomhroinnt faisnéise idir na Ballstáit. Ba cheart an malartú faisnéise, lena n-áirítear comhroinnt sonraí maidir le céannacht agus náisiúntacht na náisiúnach tríú tír, a ndoiciméid taistil agus faisnéis ábhartha eile, a bheith bunaithe ar rialacha soiléire, lena n-áirítear na rialacha sin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Ba cheart do na rialacha sin prionsabail na cosanta sonraí agus cearta an duine aonair lena mbaineann a urramú, agus é á áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin cruinn agus nach n-úsáidtear í ach chun críocha fillte, athligin isteach agus ath-imeasctha, agus go gcosnaítear í ar rochtain, nochtadh nó úsáid neamhúdaraithe.

(40) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramóidh na húdaráis inniúla Treoir [...] lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, chun tuairisciú ar an gcoireacht a spreagadh agus chun muinín sa chóras ceartais a chothú.

(41) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais chun críocha an Rialacháin seo. I bhfianaise na gcúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail agus atá taobh thiar den athligean isteach, d'fhéadfadh sé gur ghá sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh a aistriú chun críocha

---

34 Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1860/oj).

35 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe, lena n-áirítear sonraí a bhaineann lena gcéannacht, doiciméid taistil, sonraí ábhartha eile agus, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, sonraí a bhaineann lena gciontuithe coiriúla agus lena sláinte. Ní mór na haistrithe sin a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus le Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725[36], de réir mar is infheidhme, agus le prionsabail an non-refoulement, na comhréireachta agus an riachtanais agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(42) Bacainní ar an gcomhar agus ar an gcumarsáid i measc údaráis na mBallstát atá freagrach as na nósanna imeachta um thearmann agus um fhilleadh, is príomhdhúshlán struchtúrach iad le haghaidh próiseas um fhilleadh níos éifeachtúla. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu le céimeanna éagsúla an phróisis um fhilleadh oibriú le chéile agus dlúthchomhordú a dhéanamh. I gcás ina n-ainmníonn na Ballstáit údaráis forfheidhmithe dlí mar údaráis inniúla faoin Rialachán seo, ba cheart a thuiscint go bhfuil an t-ainmniú sin teoranta do na húdaráis sin agus iad ag gníomhú ina gcáil maidir le cinntí um fhilleadh a fhorfheidhmiú. Níor cheart údaráis forfheidhmithe dlí atá ag gníomhú ina gcáil mar údaráis imscrúdaitheacha in imeachtaí coiriúla a chumhdach le hainmniú den sórt sin.

(43) Le comhchóras um fhilleadh, ba cheart lánúsáid a bhaint as córais dhigiteacha a thacaíonn le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a bhainistiú, ar córais iad a bhainistítear go hoibríochtúil ar leibhéal an Aontais nó a bhainistíonn na Ballstáit, agus béim á leagan ar nós imeachta riaracháin éifeachtúil, ar chomhar, ar chomhroinnt faisnéise agus ar idir-inoibritheacht.

(44) Cuireann an tAontas tacaíocht airgeadais agus oibríochtúil ar fáil chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a bhaint amach. Sa mhéid gur cheart gníomhaíochtaí a mhaoiniú trí shaoráid théamach an Chiste Tearmainn agus Imirce, féadfar iad a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, indíreach nó chomhroinnte. Ba cheart do na Ballstáit an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hionstraimí, cláir agus tionscadail airgeadais atá ar fáil ón Aontas i réimse an fhillte, go háirithe faoi Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], chomh maith leis an gcúnamh oibríochtúil ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]. Ba cheart an tacaíocht sin a úsáid go háirithe chun córais agus cláir um bainistiú ar fhilleadh a bhunú chun cúnamh lóistíochta, airgeadais agus ábhartha nó comhchineáil eile a sholáthar chun tacú le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.

(45) Tá bailiú agus anailísiú staidrimh iontaofa inchomparáide maidir le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu,

---

[36] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

[37] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1147/oj).

[38] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

toisc go dtugann siad léargas luachmhar ar éifeachtúlacht nósanna imeachta um fhilleadh, ar chomhar tríú tíortha, agus ar thorthaí iarrachtaí ath-lánpháirtithe. Ba cheart caighdeáin choiteanna agus sainmhínithe coiteanna a bhunú chun sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ionas go mbeidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo agus rannchuidiú le cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le forbairtí beartais amach anseo.

(46) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an tOrdú Eorpach um Fhilleadh agus foirm choiteann na n-iarrataí ar athligean isteach a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39].

(47) Ba cheart Treoir 2001/40/CE, 2008/115/CE agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle a aisghairm.

(48) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin, feabhas a chur ar éifeachtúlacht an fhillte chun an limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta chun cur chuige comhchoiteann comhleanúnach a áirithiú i measc na mBallstát, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(49) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen, sa mhéid go bhfuil feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh coinníollacha iontrála de réir Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta í.

(50) Sa mhéid go bhfuil feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh coinníollacha iontrála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CÉ ón gComhairle[41]; Dá

---

39 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

40 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen). IO L 2016/399, 15.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj).

41 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, EFI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus, faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 4 de Phrótacal 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. [Mar sin féin, a mhéid nach forbairt ar *acquis* Schengen é an Rialachán seo, tá fógra tugtha ag Éirinn, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, [le litir an...,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

[nó]

[Ina theannta sin, a mhéid nach forbairt ar *acquis* Schengen é an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus, dá bhrí sin, níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

(51) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo - sa mhéid go bhfuil feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh coinníollacha iontrála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 - forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme[42], a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle.

(52) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo — a mhéid atá feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha maidir le dul isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 — forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[43], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[44].

(53) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo - sa mhéid go bhfuil feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh coinníollacha iontrála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399, - forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise

---

42 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

43 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

44 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoin réim an réimse dá dtagraítear i bpointe C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE, ón gComhairle[45].

(54) I gcás ina ndéantar tagairt sa Rialachán seo d'oibleagáid an tAontas Eorpach a fhágáil, ba cheart a thuiscint gurb ionann sin agus oibleagáid críoch na mBallstát uile a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo a fhágáil, lena n-áirítear i bhfianaise na n-aithrisí roimhe seo.

(55) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [...].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1
Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, i gcomhréir le cearta bunúsacha a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') chomh maith le hoibleagáidí is infheidhme faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cosaint dídeanaithe agus cearta an duine.

2. Is é is cuspóir don Rialachán seo filleadh agus athligean isteach éifeachtach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a áirithiú i gcomhréir leis an gcur chuige cuimsitheach a leagtar amach in Airteagal 3, Airteagal 4, pointe (h), agus Airteagal 5, pointe (e), de Rialachán (AE) 2024/1351**.**

Airteagal 2
Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2016/399.

[45] Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

Airteagal 3
Maoluithe

1. Féadfaidh na Ballstáit maolú ó fhorálacha an Rialacháin seo i gcás na náisiúnach tríú tír seo a leanas:

   a. na daoine sin atá faoi réir diúltú cead isteach ag teorainneacha seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399;

   b. na daoine sin a ghabhann nó a idircheapann na húdaráis inniúla i dtaca le trasnú neamhdhleathach teorann ar tír, ar muir nó san aer ag teorainn sheachtrach Ballstáit agus nach bhfuil údarú ná ceart faighte acu fanacht sa Bhallstát sin ina dhiaidh sin.

2. Nuair a chuirfidh na Ballstáit maoluithe i bhfeidhm de bhun mhír 1 den Airteagal seo, beidh siad ag brath ar an dlí náisiúnta chun a áirithiú go bhfillfear na catagóirí sin de náisiúnaigh tríú tír agus urramóidh siad prionsabal an non-refoulement. Beidh feidhm ag na hAirteagail seo a leanas: Airteagal 12(4) agus Airteagal 12(5), Airteagal 14(2), Airteagal 14(6), pointe (c), Airteagal 14(6), pointe (e), Airteagal 34 agus Airteagal 35.

Airteagal 4
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar duine é nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Rialachán (AE) 2016/399;

(2) ciallaíonn ‘fanacht neamhdhleathach’ náisiúnach tríú tír a bheith i láthair ar chríoch Ballstáit, ar náisiúnach tríú tír é nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 ná coinníollacha eile a bhaineann le dul isteach, fanacht nó cónaí sa Bhallstát sin;

(3) ciallaíonn “tír a mbeifear ag filleadh uirthi” ceann díobh seo a leanas:

   (a) tríú tír arb í tír thionscnaimh an náisiúnaigh tríú tír í;

   (b) tríú tír arb í an tír ina bhfuil gnáthchónaí foirmiúil ar an náisiúnach tríú tír í;

   (c) tríú tír idirthurais ar an mbealach chuig an Aontas i gcomhréir le comhaontuithe nó socruithe an Aontais nó na mBallstát maidir le hathligean isteach;

   (d) tríú tír, seachas an tír dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (g), ina bhfuil sé de cheart ag an náisiúnach tríú tír dul isteach agus cónaí;

   (e) tríú tír shábháilte ar diúltaíodh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta náisiúnaigh tríú tír ina leith toisc é a bheith neamh-inghlactha, de bhun Airteagal 59(8) de Rialachán (AE) 2024/1348;

   (f) an chéad tír tearmainn ar diúltaíodh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta náisiúnaigh tríú tír ina leith toisc é a bheith neamh-inghlactha, de bhun Airteagal 58(4) de Rialachán (AE) 2024/1348;

   (g) tríú tír lena bhfuil comhaontú nó socrú ann ar ar a bhonn a ghlactar leis an náisiúnach tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo.

(4) ciallaíonn ‘cinneadh um fhilleadh’ cinneadh riaracháin nó breithiúnach ina shonraítear nó ina ndearbhaítear go bhfuil fanacht náisiúnaigh tríú tír neamhdhleathach agus lena bhforchuirtear oibleagáid air nó uirthi an tAontas Eorpach a fhágáil nó ina shonraítear go bhfuil oibleagáid air nó uirthi an tAontas Eorpach a fhágáil;

(5) ciallaíonn ‘aistriú’ forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh ag na húdaráis inniúla trí iompar fisiciúil amach as críoch an Bhallstáit;

(6) ciallaíonn ‘filleadh deonach’ go gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach an oibleagáid críoch na mBallstát a fhágáil laistigh den dáta a leagtar amach sa chinneadh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo;

(7) ciallaíonn ‘éalú’ an ghníomhaíocht nach leanann an náisiúnach tríú tír de bheith ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí chríoch an Bhallstáit a fhágáil gan cead ó na húdaráis inniúla, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an náisiúnach tríú tír orthu.

(8) ciallaíonn ‘toirmeasc ar dhul isteach’ cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach lena gcuirtear toirmeasc ar dhul isteach agus ar fhanacht ar chríoch na mBallstát ar feadh tréimhse shonraithe;

(9) ciallaíonn ‘nós imeachta um athligean isteach’ na céimeanna uile a dhéanann údarás inniúil nó, i gcás inarb ábhartha, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (‘Frontex’), i ndáil le náisiúntacht náisiúnaigh tríú tír a dheimhniú, doiciméad taistil a eisiúint don náisiúnach tríú tír agus oibríocht um fhilleadh a eagrú;

(10) ciallaíonn ‘iarratas ar athligean isteach’ iarraidh chun críche athligean isteach arna cur isteach ag údarás inniúil chuig údarás inniúil tríú tír arb é atá inti iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus iarraidh ar dhoiciméad taistil a eisiúint, de réir mar is ábhartha;

(11) ciallaíonn “oibríocht um fhilleadh” oibríocht arna heagrú nó arna comhordú ag údarás inniúil lena bhfilleann náisiúnaigh tríú tír ó Bhallstát amháin nó níos mó;

(12) ciallaíonn ‘ionstraim um athligean isteach’ ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí nó ionstraim neamhcheangailteach, ina bhfuil forálacha maidir leis an gcomhar idir Ballstát nó an tAontas agus tríú tír maidir leis an nós imeachta um athligean isteach, amhail athligean isteach nó comhaontuithe agus socruithe idirnáisiúnta eile;

(13) ciallaíonn ‘údarú eile a thugann ceart fanachta’ aon doiciméad arna eisiúint ag Ballstát do náisiúnach tríú tír a údaraíonn an fanacht ar a chríoch, nach cead cónaithe é de réir bhrí Airteagal 2, pointe 16, de Rialachán (AE) 2016/399 ná víosa fadfhanachta de réir bhrí Airteagal 2, pointe 14, de Rialachán (AE) 2018/1860 agus cé is moite den doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46].

[46] Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj).

Airteagal 5
Cearta bunúsacha

Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit a gcuid cúraimí a chomhall agus dlí ábhartha an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán acu, lena n-áirítear an Chairt, an dlí idirnáisiúnta ábhartha, na hoibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an non-refoulement, agus cearta bunúsacha.

Caibidil II
NÓS IMEACHTA UM FHILLEADH

ROINN 1
TÚS AN NÓS IMEACHTA UM FHILLEADH

Airteagal 6
Brath agus seiceálacha tosaigh

1. Cuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtúla agus comhréireacha i bhfeidhm chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch a bhrath d'fhonn an nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích agus chun aon fhíorú breise is gá a dhéanamh, lena n-áirítear aon fhíorú leochaileachta agus slándála.
2. Chun críoch mhír 1, braithfidh na húdaráis inniúla ar sheiceálacha a rinneadh roimhe sin maidir le náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear scagadh de bhun Rialachán (AE) 2024/1356 nó seiceálacha coibhéiseacha faoin dlí náisiúnta.
3. I gcás inar gá, féadfar fíoruithe slándála breise a dhéanamh chun an nós imeachta um fhilleadh faoin Rialachán seo a chur i gcrích bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar chritéir oibiachtúla a leagtar amach sa dlí náisiúnta.

ROINN 2
NÓS IMEACHTA LENA N-ORDAÍTEAR FILLEADH

Airteagal 7
Cinneadh um fhilleadh a eisiúint

1. Eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát cinneadh um fhilleadh d'aon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch, gan dochar do na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8.
2. Eiseofar an cinneadh um fhilleadh i scríbhinn agus tabharfar cúiseanna leis an bhfíoras agus leis an dlí mar aon le faisnéis faoi leigheasanna dlí agus teorainneacha ama atá ar fáil chun na leigheasanna sin a lorg. Tabharfar fógra faoin gcinneadh um fhilleadh don náisiúnach tríú tír gan moill mhíchuí.
3. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh gan an fhaisnéis a sholáthar nó féadfaidh siad a chinneadh teorainn a chur léi ar chúiseanna fíorasacha, i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go gcuirfear srian leis an gceart chun faisnéise nó i gcás inar gá sin chun an t-ord poiblí, an tslándáil phoiblí nó an tslándáil náisiúnta a choimirciú agus chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh. Sna cásanna sin, cuirfear an náisiúnach tríú tír ar an eolas faoi bhunbhrí na bhforas ar a ndéantar cinneadh um fhilleadh chun rochtain a fháil ar leigheas éifeachtach.

4. I gcás nach féidir tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil do na húdaráis inniúla tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh, féadfar tír amháin nó níos mó a mbeifear ag filleadh uirthi a léiriú go sealadach i gcinneadh um fhilleadh.

5. Soláthrófar don náisiúnach tríú tír, arna iarraidh sin, aistriúchán i scríbhinn nó ó bhéal ar phríomheilimintí an chinnidh um fhilleadh, dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó ar féidir glacadh leis ar bhonn réasúnach go dtuigeann sé í.

6. Eiseofar an cinneadh um fhilleadh de bhun mhír 2 sa ghníomh céanna nó ag an am céanna agus in éineacht leis an gcinneadh lena gcuirtear deireadh le fanacht dleathach náisiúnaigh tríú tír, gan difear a dhéanamh do na coimircí nós imeachta dá bhforáiltear faoi Chaibidil IV agus faoi fhorálacha ábhartha eile de dhlí an Aontais agus den dlí idirnáisiúnta.

7. Ar eisiúint an chinnidh um fhilleadh, cuirfear a phríomhghnéithe isteach san fhoirm (‘Ordú Eorpach um Fhilleadh’) arna bunú de bhun mhír 8 agus cuirfear ar fáil iad trí Chóras Faisnéise Schengen i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1860 nó trí mhalartú faisnéise de bhun Airteagal 38.

8. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun foirm an Ordaithe Eorpaigh um Fhilleadh dá dtagraítear i mír 7 a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

9. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do chinntí na mBallstát cead cónaithe uathrialach, víosa fadfhanachta nó údarú eile a dheonú tráth ar bith a thugann ceart fanachta do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch ar chúiseanna atruacha daonnúla nó eile. Sna cásanna sin, déanfar cinneadh um fhilleadh a eisíodh a tharraingt siar nó a chur ar fionraí ar feadh thréimhse bailíochta an cheada cónaithe, na víosa fadfhanachta nó an údaraithe eile a thugann ceart fanachta.

10. Déanfaidh an Ballstát a eisíonn cinneadh um fhilleadh i gcomhréir leis an Airteagal seo gach beart is gá i gcomhréir leis an Rialachán seo chun filleadh éifeachtach a áirithiú.

Airteagal 8

Eisceachtaí ón oibleagáid cinneadh um fhilleadh a eisiúint

1. Féadfaidh údaráis na mBallstát inniúil cinneadh a dhéanamh gan cinneadh um fhilleadh a eisiúint i gceann amháin de na cásanna seo a leanas maidir leis an náisiúnach tríú tír:

   a. i gcás ina n-aistrítear an náisiúnach tríú tír chuig Ballstát eile i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Rialachán (AE) 2016/399;

   b. i gcás ina n-aistrítear an náisiúnach tríú tír chuig Ballstát eile de bhun comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó bunaithe ar chomhar idir na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 44;

   c. i gcás inar duine é an náisiúnach tríú tír a dtugtar fanacht neamhdhleathach an duine sin faoi deara maidir le seiceálacha teorann a dhéantar ar imeacht ag an teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399 nó seiceálacha coibhéiseacha de bhun an dlí náisiúnta, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar bhonn imthosca sonracha an cháis aonair agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta na cosanta, agus lena seachnaítear, a mhéid is féidir, imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a chur siar.

2. Ní eiseofar cinneadh um fhilleadh i gcásanna ina bhfuil cead cónaithe bailí, víosa fadfhanachta nó údarú eile a thugann ceart fanachta, arna eisiúint ag Ballstát eile, ag an náisiúnach tríú tír nó ina bhfuil sé faoi réir nós imeachta ar feitheamh chun cead cónaithe, víosa fadfhanachta nó údarú eile lena dtairgtear ceart fanachta i mBallstát eile a athnuachan.

3. I gcásanna dá dtagraítear i mír 2, ceanglóidh an Ballstát ar an náisiúnach tríú tír dul chuig críoch an Bhallstáit eile sin láithreach. I gcás nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír an méid sin, nó i gcás inar gá don náisiúnach tríú tír imeacht láithreach ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tslándáil náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit comhar a iarraidh ar na Ballstáit eile de bhun Airteagal 44 nó cinneadh um fhilleadh a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7.

4. Ní eiseofar cinneadh um fhilleadh i gcásanna ina bhfuil an náisiúnach tríú tír faoi réir cinneadh in-fhorfheidhmithe um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile. Sa chás sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 9.

Airteagal 9

Aithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh ag Ballstát eile a aithint agus a fhorfheidhmiú

1. Féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ag fanacht go neamhdhleathach (‘an Ballstát forfheidhmiúcháin’) aitheantas a thabhairt do chinneadh in-fhorfheidhmithe um fhilleadh arna eisiúint chuig an náisiúnach tríú tír sin ag Ballstát eile (‘an Ballstát eisiúna’) de bhun Airteagal 7(1), bunaithe ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7), agus ordóidh sé an t-aistriú de bhun Airteagal 12 ar an mbonn sin.

2. Faoin 1 Iúil 2027, glacfaidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme chun mír 3 a chur i bhfeidhm, ar bhonn measúnú i dtaobh an bhfuil éifeacht leis na socruithe dlíthiúla agus teicniúla arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chur ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen dá dtagraítear in Airteagal 7(7). Cuirfidh an Coimisiún torthaí a mheasúnaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Glacfar an cinneadh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

3. Ó fhoilsiú an chinnidh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 2, aithneoidh na Ballstáit cinntí in-fhorfheidhmithe um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile de bhun Airteagal 7(1) do náisiúnaigh tríú tír atá i láthair go neamhdhleathach ar a gcríoch bunaithe ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7), agus ordóidh siad iad a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12.

4. Chun críocha mír 3 a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan cinneadh um fhilleadh de chuid an Bhallstáit eisiúna a aithint ná a fhorfheidhmiú i gcás inar follas go bhfuil an forfheidhmiú contrártha leis an mbeartas poiblí sa Bhallstát forfheidhmiúcháin, nó i gcás ina bhfuil an náisiúnach tríú tír le haistriú go tríú tír eile seachas mar a léirítear i gcinneadh um fhilleadh an Bhallstáit eisiúna.

5. I gcás nach ndéanfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a aithint nó a fhorfheidhmiú de bhun mhír 1 nó mhír 3, eiseoidh an Ballstát sin cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 7.

6. Cuirfidh an Ballstát forfheidhmiúcháin forfheidhmiú an fhillte ar fionraí i gcás ina gcuirtear éifeachtaí an chinnidh um fhilleadh sa Bhallstát eisiúna ar fionraí.

7. I gcás ina ndéanann an Ballstát eisiúna an cinneadh um fhilleadh a tharraingt siar nó i gcás ina ndéanann údarás breithiúnach an cinneadh um fhilleadh a neamhniú, eiseoidh an Ballstát forfheidhmiúcháin cinneadh um fhilleadh faoi réir choinníollacha Airteagal 7.

8. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na sonraí agus na doiciméid uile atá ar fáil agus is gá chun an cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú a sholáthar don Bhallstát forfheidhmiúcháin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1860 nó bunaithe ar mhalartú faisnéise idir na Ballstáit de bhun Airteagal 38.

9. Féadfaidh an Ballstát forfheidhmiúcháin a iarraidh ar Frontex tacú le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 8, de Rialachán (AE) 2019/1896. Nuair nach dtacaíonn Frontex le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh, agus nuair a iarrann an Ballstát forfheidhmiúcháin sin, déanfaidh an Ballstát eisiúna méid nach mó ná na costais iarbhír arna dtabhú ag an mBallstát forfheidhmiúcháin a chúiteamh leis an mBallstát forfheidhmiúcháin. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme chun na critéir iomchuí a chinneadh chun an méid cúitimh agus na socruithe praiticiúla don chúiteamh a chinneadh. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

10. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

ROINN 3
TOIRMEASC AR DHUL ISTEACH

Airteagal 10
Toirmeasc ar dhul isteach a eisiúint

1. Beidh toirmeasc ar dhul isteach ag gabháil le cinntí um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:

   a. nuair atá an náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12;

   b. nuair nár comhlíonadh an oibleagáid um fhilleadh laistigh de na teorainneacha ama a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 13;

   c. nuair atá riosca slándála ag baint leis an náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. I gcásanna seachas na cásanna sin a liostaítear i mír 1, cinnfidh na húdaráis inniúla an mbeidh toirmeasc ar dhul isteach ag gabháil le cinneadh um fhilleadh nó nach mbeidh, agus na himthosca ábhartha á gcur san áireamh, go háirithe leibhéal comhair an náisiúnaigh tríú tír.

3. Eiseofar an toirmeasc ar dhul isteach mar chuid den chinneadh um fhilleadh nó eiseofar i scríbhinn ar leithligh é. Tabharfar fógra don náisiúnach tríú tír maidir leis i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a bhféadfaí glacadh leis le réasún go dtuigeann sé í.

4. Féadfaidh na húdaráis inniúla toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur gan cinneadh um fhilleadh a eisiúint do náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát agus a dtugtar fanacht neamhdhleathach an náisiúnaigh sin faoi deara le linn seiceálacha teorann arna ndéanamh ar imeacht dó i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar bhonn imthosca sonracha an cháis aonair agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta na cosanta,

agus á sheachaint a mhéid is féidir imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a chur siar.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla staonadh ó thoirmeasc ar dhul isteach a eisiúint i gcásanna aonair ar chúiseanna daonnúla nó má chomhoibríonn an náisiúnach tríú tír go cuí leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear trí chlárú i gclár um fhilleadh agus um ath-imeascadh.

6. Cinnfear fad an toirmisc ar dhul isteach agus aird chuí á tabhairt ar imthosca ábhartha uile an cháis aonair ar feadh 10 mbliana ar a mhéad.

7. Féadfar tréimhsí comhleanúnacha nach faide ná 5 bliana a chur le fad an toirmisc ar dhul isteach de bhun mhír 6. Beidh síneadh den sórt sin bunaithe ar mheasúnú aonair agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca ábhartha uile agus go háirithe ar aon chúiseanna cuí-réasúnaithe atá ag na húdaráis inniúla leis an bhfáth ar gá cosc breise a chur ar an náisiúnach tríú tír dul isteach i gcríoch na mBallstát.

8. Tosóidh tréimhse an toirmisc ar dhul isteach ón dáta a fhágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát.

Airteagal 11

Fad toirmisc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a ghiorrú

1. Féadfar toirmeasc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a fhad a ghiorrú i gcás ina ndéanann an náisiúnach tríú tír an méid seo a leanas:

   a. go léireoidh sé nó sí go bhfuil sé nó sí tar éis filleadh go deonach i gcomhréir le cinneadh um fhilleadh;

   b. nach raibh sé ina ábhar do chinneadh um fhilleadh ná d'ordú aistrithe cheana féin san am a chuaigh thart;

   c. nach ndeachaigh sé isteach i gcríoch Ballstáit fad a bhí toirmeasc ar dhul isteach fós i bhfeidhm.

2. Féadfar toirmeasc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a fhad a ghiorrú i gcásanna aonair a bhfuil údar leo, lena n-áirítear ar chúiseanna daonnúla, agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh.

3. Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a iarraidh go ndéanfaí fad an toirmisc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a ghiorrú.

ROINN 4
FILLEADH A FHORFHEIDHMIÚ

Airteagal 12

Baint

1. Aistreofar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:

   a. i gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír comhoibriú leis na húdaráis le linn an phróisis um fhilleadh;

   b. i gcás ina mbogann an náisiúnach tríú tír go Ballstát eile gan údarú, lena n-áirítear le linn na tréimhse a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 13;

   c. i gcás ina dtagann an náisiúnach tríú tír faoi raon feidhme Airteagal 16;

d. i gcás nár fhág an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta a bhí socraithe i gcomhréir le hAirteagal 13.

2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cinneadh riaracháin nó breithiúnach ar leithligh a eisiúint i scríbhinn lena n-ordófar an t-aistriú.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar chomhlíonadh phrionsabal an non-refoulement trí thagairt a dhéanamh don tír a mbeifear ag filleadh uirthi. Féadfaidh siad brath ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile sna céimeanna roimhe sin den nós imeachta. Déanfar scrúdú cuí ar athruithe ar imthosca agus ar eilimintí nua lena bhfianaítear riosca. Tabharfaidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar aghaidh a luaithe is féidir aon eilimintí ábhartha a bhaineann lena chúinsí pearsanta nó lena cúinsí pearsanta féin.

4. Maidir le bearta comhéigneacha a dhéanfar chun a áirithiú go ndéanfar aistriú, beidh siad riachtanach agus comhréireach agus ní rachaidh siad, in aon chás, thar thairseach an fhornirt réasúnaigh. Cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cearta bunúsacha á n-urramú agus urraim chuí á tabhairt do dhínit agus d'iomláine choirp an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

5. Agus aeraistrithe á ndéanamh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na treoirlínte comhchoiteanna maidir le forálacha slándála le haghaidh aeraistrithe comhpháirteacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle[47].

6. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ag comhoibriú go soiléir, féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh dáta a shonrú faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 13. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh na húdaráis inniúla dlúthfhaireachán ar chomhlíonadh an náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear trí chúnamh iompair a eagrú chuig an bpointe imeachta ábhartha ón Aontas.

Airteagal 13
Filleadh deonach

1. I gcás nach bhfuil an náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12, sonrófar sa chinneadh um fhilleadh dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát agus sonrófar ann go bhféadfadh an náisiúnach tríú tír imeacht níos luaithe.

2. Cinnfear an dáta dá dtagraítear i mír 1 agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair. Ní bheidh an dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír níos faide ná 30 lá ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcinneadh um fhilleadh.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse níos faide nó síneadh a chur leis an tréimhse chun a gcríoch a fhágáil i gcomhréir le mír 1 agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh, amhail naisc theaghlaigh, leanaí a bheith ag freastal ar scoil, rannpháirtíocht i gclár lena dtacaítear le filleadh agus ath-imeascadh de bhun Airteagal 46(3) agus comhlíonadh na hoibleagáide maidir le comhoibriú mar a leagtar amach in Airteagal 21. Déanfar aon síneadh ar an tréimhse roimh imeachta a chur ar fáil i scríbhinn don náisiúnach tríú tír.

[47] Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le heitiltí comhpháirteacha a eagrú chun náisiúnaigh tríú tír atá ina n-ábhair d'orduithe leithleacha aistrithe a aistriú ó chríoch dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit (IO L 261, 6.8.2004, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/573/oj).

4. Fágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta a chinnfear de bhun mhír 1. Murab amhlaidh an cás, beidh an náisiúnach tríú tír faoi réir a aistrithe i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 14
Coinníollacha maidir le haistriú a chur siar

1. Cuirfear aistriú de bhun Airteagal 12 siar sna himthosca seo a leanas:
   a. i gcás ina sáródh sé prionsabal an non-refoulement; nó
   b. nuair atá agus fad a bheidh fionraí an chinnidh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 28 i bhfeidhm.
2. Féadfar aistriú de bhun Airteagal 12 a chur siar ar feadh tréimhse iomchuí, agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh.
3. Má iarrann an náisiúnach tríú tír go gcuirfear aistriú siar, beidh bunús cuí leis an iarraidh.
4. Agus cinneadh á dhéanamh acu i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, tabharfaidh na Ballstáit dearbhú i scríbhinn don náisiúnach tríú tír lena mbaineann ina leagfar amach tréimhse an chur siar agus a gcearta le linn na tréimhse sin.
5. Déanfar athbhreithniú rialta ar an gcinneadh aistriú a chur siar i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, agus gach 6 mhí ar a laghad.
6. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh maidir le staid an náisiúnaigh tríú tír le linn tréimhsí inar cuireadh an t-aistriú siar:
   a. bunriachtanais;
   b. aontacht an teaghlaigh le baill teaghlaigh atá i láthair ar chríoch an Bhallstáit;
   c. cúram sláinte éigeandála agus cóireáil riachtanach breoiteachta;
   d. rochtain mionaoiseach ar an gcóras oideachais bhunúsaigh faoi réir fhad a bhfanachta;
   e. riachtanais speisialta daoine leochaileacha.
7. Má chuirtear an t-aistriú siar, féadfar na bearta a leagtar amach in Airteagal 31 a chur i bhfeidhm nuair a chomhlíonfar na coinníollacha.

Airteagal 15
Faireachán ar aistriú

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le sásra neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar urramú na gceart bunúsach le linn oibríochtaí aistrithe. Soláthróidh na Ballstáit acmhainní iomchuí don sásra faireacháin neamhspleách.
2. Leis an sásra faireacháin neamhspleách roghnófar na hoibríochtaí aistrithe a ndéanfar faireachán orthu bunaithe ar mheasúnú riosca agus déanfar a ghníomhaíochtaí ar bhonn athbhreithniú deisce agus seiceálacha ar an láthair a d'fhéadfaí nach bhfógrófar iad. Cuirfidh na Ballstáit an comhlacht faireacháin ar an eolas roimh ré faoi oibríochtaí aistrithe atá ar na bacáin agus áiritheoidh siad rochtain ar shuíomhanna ábhartha.
3. Líomhaintí réasúnaithe maidir le mainneachtain cearta bunúsacha a urramú le linn oibríochtaí aistrithe, déanfar iad a chur in iúl don údarás inniúil náisiúnta leis an sásra faireacháin. Déileálfaidh na húdaráis inniúla go héifeachtach agus gan moill mhíchuí le líomhaintí den sórt sin.

Airteagal 16

Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a fhilleadh

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le náisiúnaigh tríú tír sna cásanna seo a leanas:

   a. i gcás inar bagairt iad ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí nó ar an tslándáil náisiúnta;

   b. i gcás ina bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion coiriúil tromchúiseach dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle déanta acu[48];

   c. i gcás ina bhfuil comharthaí soiléire ann go bhfuil sé ar intinn aige nó aici cion a dhéanamh de bhun phointe (b) den mhír seo ar chríoch Bhallstáit.

2. Náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo, beidh siad faoi réir a n-aistrithe i gcomhréir le hAirteagal 12.

3. De mhaolú ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo a bheith faoi réir:

   a. toirmeasc ar dhul isteach arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10 a théann thar an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10(6) le huastréimhse bhreise 10 mbliana;

   b. coinneála i gcomhréir le hAirteagal 29(3), pointe (c);

   c. coinneála i bpríosúin agus iad a choinneáil scartha ó ghnáthphríosúnaigh;

   d. coinneála go ceann tréimhse is faide ná an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 32(3) agus a chinneann údarás breithiúnach agus imthosca an cháis aonair á gcur san áireamh aige, agus atá faoi réir athbhreithniú ag údarás breithiúnach gach 3 mhí ar a laghad.

4. De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 28(2) agus (3), ní chuirfear ar fionraí forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh arna eisiúint do náisiúnach tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo ach amháin má tá riosca ann go sárófar prionsabal an non-refoulement.

Airteagal 17

Filleadh ar thríú tír lena bhfuil comhaontú nó socrú ann

1. Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh de réir bhrí phointe (3)(g)den chéad mhír d'Airteagal 4, ceanglaítear comhaontú nó socrú a thabhairt i gcrích le tríú tír. Ní fhéadfar comhaontú nó socrú den sórt sin a thabhairt i gcrích le tríú tír ach amháin i gcás ina n-urramaítear caighdeáin agus prionsabail idirnáisiúnta maidir le cearta an duine i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabal an non-refoulement.

2. Leagfar amach an méid seo a leanas i gcomhaontú nó i socrú de bhun mhír 1:

   a. na nósanna imeachta is infheidhme maidir le náisiúnaigh_tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a aistriú ó chríoch na mBallstát chuig an tríú tír dá dtagraítear i mír 1;

[48] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit — Ráitis arna ndéanamh ag Ballstáit áirithe maidir le glacadh an Chinnidh Réime (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/584/oj).

b. na coinníollacha maidir le fanacht an náisiúnaigh tríú tír sa tríú tír dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear oibleagáidí agus freagrachtaí an Bhallstáit agus an tríú tír sin faoi seach;

c. i gcás inarb infheidhme, na rialacha mionsonraithe maidir le filleadh ar aghaidh chuig an tír thionscnaimh nó chuig tír eile ina gcinneann an náisiúnach tríú tír filleadh go deonach, agus na hiarmhairtí i gcás nach féidir é sin a dhéanamh;

d. oibleagáidí an tríú tír dá dtagraítear sa dara habairt de mhír 1;

e. comhlacht nó sásra neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach an chomhaontaithe nó an tsocraithe;

f. na hiarmhairtí atá le tarraingt i gcás sáruithe ar an gcomhaontú nó ar an socrú nó i gcás athrú mór lena n-imrítear drochthionchar ar staid an tríú tír.

3. Sula dtabharfar comhaontú nó socrú i gcrích de bhun mhír 1, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas.

4. Ní dhéanfar mionaoisigh neamhthionlactha ná teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu a chur ar ais chuig tríú tír dá dtagraítear i mír 1.

ROINN 5
MIONAOISIGH A FHILLEADH

Airteagal 18
Leas an linbh

Tabharfar tús áite do leas an linbh agus na forálacha á gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 19
Measúnú ar aois mionaoiseach

Más rud é, mar thoradh ar ráitis ón náisiúnach tríú tír, ar an bhfianaise dhoiciméadach atá ar fáil nó ar thásca ábhartha eile, go bhfuil amhras ann an mionaoiseach é nó í nó nach ea, féadfaidh an t-údarás inniúil measúnú ildisciplíneach a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú síceasóisialta, a dhéanfaidh gairmithe cáilithe, chun aois an náisiúnaigh tríú tír a chinneadh. Beidh feidhm ag Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1348 de réir analaí maidir leis an measúnú sin.

Airteagal 20
Mionaoisigh neamhthionlactha a fhilleadh

1. Sula gcinnfear cinneadh um fhilleadh a eisiúint i ndáil le mionaoiseach neamhthionlactha, cuirfear cúnamh ó chomhlachtaí iomchuí seachas na húdaráis a fhorfheidhmíonn filleadh ar fáil i gcomhréir le leas an linbh.

2. Ionadaí nó duine atá oilte chun leas an linbh a choimirciú, ceapfar é chun ionadaíocht a dhéanamh, cúnamh a thabhairt agus gníomhú, de réir mar is infheidhme, thar ceann mionaoiseach neamhthionlactha sa phróiseas um fhilleadh. Áiritheofar go mbeidh oiliúint iomchuí ar an ionadaí ceaptha i gcumarsáid atá oiriúnach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois agus go mbeidh teanga a thuigeann an mionaoiseach ar a dtoil aige. Is é a bheidh sa duine sin an duine a ainmnítear chun gníomhú mar ionadaí faoi Threoir (AE) 2024/1346 i gcás inar ainmníodh an duine i gcomhréir le hAirteagal 27 den Treoir sin.

3. Tabharfar éisteacht don mhionaoiseach neamhthionlactha, go díreach nó tríd an ionadaí nó tríd an duine oilte dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear i gcomhthéacs leas an linbh a chinneadh. Sula ndéanfar mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú ó chríoch Ballstáit, beidh údaráis an Bhallstáit sin sásta go ndéanfar an mionaoiseach sin a fhilleadh chuig ball teaghlaigh de chuid an mhionaoisigh sin, chuig caomhnóir ainmnithe nó chuig saoráidí glactha leordhóthanacha sa Stát a mbeidh an mionaoiseach ag filleadh air.

CAIBIDIL III
OIBLEAGÁIDÍ AN NÁISIÚNAIGH TRIÚ TÍR

Airteagal 21
Oibleagáid comhair

1. Beidh sé d'oibleagáid ar náisiúnaigh tríú tír comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach agus an oibleagáid a chomhlíonadh críoch na mBallstát a fhágáil. Cuirfidh náisiúnaigh tríú tír faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla maidir le haon athruithe ábhartha ar a staid aonair atá ábhartha chun críche Airteagal 5, gan moill mhíchuí.

2. Déanfaidh náisiúnaigh tríú tír an méid seo a leanas:

   a. fanacht ar chríoch an Bhallstáit atá inniúil i leith an nós imeachta um fhilleadh a bhfuil an náisiúnach tríú tír faoina réir gan éalú chuig Ballstát eile;

   b. an fhaisnéis agus an doiciméadacht fhisiciúil ar fad is gá chun céannacht a shuí nó a fhíorú nó atá ábhartha ar bhealach eile laistigh den nós imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach atá ina seilbh a sholáthar, arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla agus gan moill mhíchuí;

   c. gan doiciméid den sórt sin a scriosadh ná a dhiúscairt ar shlí eile, ailiasanna a úsáid le hintinn chalaoiseach, faisnéis bhréagach eile a sholáthar i bhfoirm ó bhéal nó i scríbhinn, nó cur i gcoinne an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach go calaoiseach ar bhealach eile;

   d. míniú a thabhairt i gcás nach bhfuil doiciméad aitheantais ná doiciméad taistil ina seilbh acu;

   e. faisnéis a sholáthar maidir leis na tríú tíortha idirthurais;

   f. sonraí bithmhéadracha a sholáthar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (s), de Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49];

[49] Rialachán (AE) 2024/1358 an 14 Bealtaine 2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj).

g. sonraí teagmhála beachta a sholáthar, lena n-áirítear an áit chónaithe reatha, seoladh, uimhir theileafóin mar ar féidir teacht orthu agus, i gcás ina mbeidh fáil air, seoladh ríomhphoist;

h. faisnéis a sholáthar, gan moill mhíchuí, maidir le haon athruithe ar na sonraí teagmhála dá dtagraítear i bpointe (g);

i. a bheith ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 23 ar feadh na nósanna imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach, agus go háirithe go mbeidh siad le feiceáil go háirithe le haghaidh imeacht an iompair um fhilleadh;

j. an fhaisnéis agus na ráitis uile is gá a sholáthar i gcomhthéacs iarrataí arna dtaisceadh le húdaráis inniúla tríú tíortha ábhartha chun doiciméid taistil a fháil agus comhoibreoidh siad leis na húdaráis sin i dtríú tíortha, de réir mar is gá;

k. i gcás inar gá, teacht i láthair go pearsanta nó nuair is deacair sin trí fhíschomhdháil, os comhair na n-údarás inniúil náisiúnta agus tríú tír ag an suíomh arna shonrú ag na húdaráis sin i gcás inar gá sin chun a náisiúntacht a shuí;

l. i gcás ina gceanglaíonn na húdaráis inniúla é, páirt a ghlacadh i gcomhairleoireacht maidir le filleadh agus ath-imeascadh.

3. Áireofar go háirithe san fhaisnéis agus sa doiciméadacht fhisiciúil nó, i gcás nach bhfuil siad ar fáil, cóipeanna díobh, dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ráitis na náisiúnach tríú tír agus aon doiciméadacht atá ina seilbh maidir leis an méid seo a leanas:

a. a n-ainm, a ndáta breithe agus a n-áit bhreithe, inscne agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí nó an fíoras go bhfuil an náisiúnach tríú tír gan stát;

b. baill a dteaghlaigh agus sonraí pearsanta eile an náisiúnaigh tríú tír más ábhartha chun an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach a chur i gcrích nó chun an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh;

c. cineál, uimhir, tréimhse bhailíochta agus tír eisiúna aon doiciméid aitheantais nó taistil de chuid na náisiúnach tríú tír agus aon doiciméad eile a chuireann siad ar fáil agus a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha chun iad a shainaithint, chun an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach a chur i gcrích agus chun an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh;

d. aon chead cónaithe nó údarú eile lena dtairgtear ceart fanachta do náisiúnaigh tríú tír arna eisiúint ag Ballstát eile nó ag tríú tír;

e. aon chinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile;

f. tír nó tíortha agus áit chónaithe nó áiteanna cónaithe roimhe sin, bealaí taistil agus doiciméadacht taistil.

4. I gcás ina gcinnfidh na húdaráis inniúla aon doiciméad is gá a choinneáil chun filleadh a ullmhú dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), áiritheoidh siad go bhfaighidh an náisiúnach tríú tír fótachóipeanna láithreach nó, de rogha an duine, taifid leictreonacha de na bunchóipeanna. I gcomhthéacs an fhillte de bhun Airteagal 13, tabharfaidh na húdaráis inniúla na doiciméid sin ar ais don náisiúnach tríú tír tráth an imeachta nó ar theacht isteach sa tríú tír dó.

5. Glacfaidh an náisiúnach tríú tír le haon chumarsáid ó na húdaráis inniúla, bíodh sin ar an teileafón, tríd an bpost leictreonach nó tríd an bpost, agus úsáid á baint aige nó aici as na sonraí teagmhála is déanaí a chuir sé nó sí in iúl do na húdaráis inniúla i gcomhréir le mír 2, pointí (g) agus (h). Bunóidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta an modh cumarsáide agus

an tráth a mheastar an chumarsáid a bheith faighte ag an náisiúnach tríú tír agus fógartha don náisiúnach tríú tír nó bainfidh siad úsáid as córais dhigiteacha arna bhforbairt agus/nó arna dtacú ag an Aontas chun críoch na cumarsáide sin.

6. Féadfar náisiúnach tríú tír a chuardach nó féadfar a ghiuirléidí pearsanta a chuardach, i gcás inar gá sin agus ina mbeidh údar cuí leis chun críoch an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach agus gan difear a dhéanamh d'aon chuardach a dhéantar ar chúiseanna slándála. Aon chuardach a dhéanfar ar an náisiúnach tríú tír faoin Rialachán seo, urramóidh sé na cearta bunúsacha, go háirithe prionsabail dhínit an duine agus na sláine fisiciúla agus síceolaíche, agus beidh sé faoi réir na gcoimircí agus na leigheasanna dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.

Airteagal 22

Iarmhairtí i gcás neamhchomhlíonadh na hoibleagáide comhoibriú

I gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) go (k), déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht bearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar an náisiúnach tríú tír, tar éis measúnú aonair a dhéanamh, as an méid seo a leanas:

(1) sochair agus liúntais áirithe arna ndeonú faoi dhlí Ballstáit do na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a dhiúltú nó a laghdú mura rud é nach mbeadh na daoine in ann freastal ar a mbunriachtanais mar thoradh air sin;

(2) diúltú nó laghdú dreasachtaí a dheonaítear chun filleadh deonach a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 13 nó cúnamh laghdaithe i gcláir um fhilleadh agus ath-imeascadh de bhun Airteagal 46(3);

(3) doiciméid aitheantais nó taistil a urghabháil ar choinníoll go bhfaigheann an náisiúnach tríú tír cóip;

(4) cead oibre a dhiúltú nó a tharraingt siar, de bhun an dlí náisiúnta;

(5) síneadh a chur le fad toirmisc ar dhul isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(7);

(6) pionóis airgeadais.

Airteagal 23

Infhaighteacht don phróiseas um fhilleadh

1. Chun filleadh tapa éifeachtúil éifeachtach a áirithiú, beidh náisiúnaigh tríú tír, ar feadh ré an nós imeachta um fhilleadh, faoi réir ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:

   a. leithdháileadh ar limistéar geografach laistigh de chríoch an Bhallstáit inar féidir leo gluaiseacht faoi shaoirse;

   b. áit chónaithe ag seoladh sonrach;

   c. tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnacha.

2. Ní chuirfear mír 1 i bhfeidhm ach amháin a mhéid atá sí ag luí le riachtanais speisialta daoine leochaileacha agus le leas an linbh.

3. Arna iarraidh sin, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt don náisiúnach tríú tír an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. an limistéar geografach a fhágáil go sealadach ar chúiseanna teaghlaigh práinneacha tromchúiseacha a bhfuil údar cuí leo nó ar chóir leighis riachtanach nach bhfuil ar fáil laistigh den limistéar geografach;

b. cónaí go sealadach lasmuigh den áit arna hainmniú i gcomhréir le mír 1, pointe (b);

c. gan an oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh ar bhonn sealadach.

4. Déanfar cinntí maidir leis na ceadanna a liostaítear i mír 3, an chéad fhomhír, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar fhiúntas an cháis aonair agus tabharfar na cúiseanna mura ndeonaítear an cead sin.

5. Ní cheanglófar ar an náisiúnach tríú tír cead a iarraidh chun freastal ar choinní leis na húdaráis agus leis na cúirteanna más gá don náisiúnach tríú tír sin freastal orthu. Tabharfaidh an náisiúnach tríú tír fógra do na húdaráis inniúla faoi na coinní sin.

6. Na cinntí a dhéanfar i gcomhréir le mír 1, pointí (b) agus (c), déanfar i scríbhinn iad, beidh siad comhréireach agus cuirfear san áireamh leo imthosca sonracha an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

Caibidil IV
COIMIRCÍ AGUS LEIGHEASANNA

ROINN 1
COIMIRCÍ NÓS IMEACHTA

Airteagal 24
Ceart chun faisnéise

1. Cuirfear náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir an nós imeachta um fhilleadh ar an eolas gan moill mhíchuí faoin méid seo a leanas:

a. cuspóir, fad agus céimeanna an nós imeachta um fhilleadh chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil agus na teorainneacha ama chun na leigheasanna sin a lorg;

b. cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír le linn an nós imeachta um fhilleadh mar a leagtar amach in Airteagal 21 agus in Airteagal 23, na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 22, foláireamh maidir le filleadh a bheith ann i gCóras Faisnéise Schengen maidir leis an duine, agus aitheantas agus forghníomhú cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 9;

c. comhairleoireacht agus cláir maidir le filleadh agus ath-imeascadh de bhun Airteagal 46;

d. a gcearta agus a n-oibleagáidí nós imeachta le linn an nós imeachta um fhilleadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an dlí náisiúnta, go háirithe an ceart chun cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a fháil de bhun Airteagal 25.

2. Tabharfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil gan moill mhíchuí i dteanga shimplí inrochtana agus i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a cheaptar le réasún go bhfuil an náisiúnach tríú tír in ann í a thuiscint, lena n-áirítear trí aistriúchán agus ateangaireacht i scríbhinn nó ó bhéal de réir mar is gá. Soláthrófar an fhaisnéis sin trí bhíthin bileoga faisnéise caighdeánacha, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach. I gcás mionaoiseach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus

oiriúnach dá n-aois le rannpháirtíocht shealbhóir na freagrachta tuismitheora nó an ionadaí dá dtagraítear in Airteagal 20(2). Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a dheimhniú go bhfuair sé nó sí an fhaisnéis.

Airteagal 25
Cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil

1. I gcás achomharc nó athbhreithniú os comhair údarás breithiúnach i gcomhréir le hAirteagal 27, áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír, go gcuirfear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil de réir mar is gá chun an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a áirithiú.
2. Cuirfear cúnamh agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil go huathoibríoch do mhionaoisigh neamhthionlactha.
3. Is éard a bheidh sa chúnamh dlí agus san ionadaíocht dhlíthiúil ullmhú an achomhairc nó na hiarrata ar athbhreithniú, lena n-áirítear, ar a laghad, ullmhú na ndoiciméad nós imeachta a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta agus, i gcás éisteachta, rannpháirtíocht san éisteacht sin os comhair údarás breithiúnach chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun cosanta a áirithiú. Ní dhéanfaidh cúnamh den sórt sin difear d'aon chúnamh dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2024/1348.
4. Soláthróidh comhairleoirí dlí nó daoine eile atá cáilithe go cuí cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce, mar a aithnítear nó mar a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, nach bhfuil a leasanna ag teacht salach ar leasanna an náisiúnaigh tríú tír nó nach bhféadfadh a leasanna teacht salach ar leasanna an náisiúnaigh tríú tír.
5. Féadfaidh na Ballstáit soláthar cúnaimh dlí agus ionadaíochta dlíthiúla saor in aisce sa nós imeacht achomhairc a eisiamh sna cásanna seo a leanas:
   a. meastar go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an náisiúnach tríú tír chun cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a íoc ar a chostas nó ar a costas féin;
   b. meastar nach dócha go mbeidh rath ar an achomharc nó gur achomharc mí-úsáideach é;
   c. tá an t-achomharc nó an t-athbhreithniú ar an dara leibhéal d'achomharc nó ar leibhéal níos airde mar a fhoráiltear dó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear athéisteachtaí nó athbhreithnithe ar achomharc;
   d. cuireann comhairleoir dlí cúnamh nó ionadaíocht ar fáil don náisiúnach tríú tír cheana féin.
6. Nochtfaidh an náisiúnach tríú tír a iarrann cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a staid airgeadais.
7. Cé is moite d'aon chúnamh a thugtar do mhionaoisigh neamhthionlactha, agus i gcomhréir le hinneachar sár-riachtanach an chirt chun leigheas éifeachtach a fháil, féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
   a. teorainneacha airgeadaíochta nó ama a fhorchur ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar, ar choinníoll nach bhfuil na teorainneacha sin treallach agus nach gcuireann siad srian míchuí ar rochtain ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ná nach mbaineann siad an bonn d'fheidhmiú an chirt chun cosanta;
   b. aisíocaíocht iomlán nó pháirteach a iarraidh ar aon chostas a tabhaíodh i gcás ina bhfuil feabhas tagtha ar staid airgeadais an náisiúnaigh tríú tír le linn an nós

imeachta um fhilleadh nó i gcás ina ndearnadh an cinneadh cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar ar bhonn faisnéis bhréagach arna soláthar ag an náisiúnach tríú tír;

c. foráil a dhéanamh, maidir le táillí agus costais agus aisíocaíochtaí eile, go gcaithfear le náisiúnaigh tríú tír ar bhealach atá cothrom leis an gcaoi a gcaitear lena náisiúnaigh i gcoitinne i gcúrsaí a bhaineann le cúnamh dlí, ach gan a bheith níos fabhraí ná an chóir sin.

8. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha sonracha nós imeachta lena rialófar an bealach ina ndéanfar iarrataí ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a chomhdú agus a phróiseáil, nó rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm maidir le héilimh intíre de chineál comhchosúil, ar choinníoll nach bhfágfaidh na rialacha sin go mbeidh sé ródheacair nó dodhéanta rochtain a fháil ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce.

9. I gcás ina ndéanfaidh údarás nach údarás breithiúnach cinneadh gan cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a dheonú ar an bhforas go meastar nach dócha go mbeidh rath ar an achomharc nó go bhfuil sé mí-úsáideach, beidh sé de cheart ag an iarratasóir leigheas éifeachtach a fháil os comhair údaráis bhreithiúnaigh i gcoinne an chinnidh sin. Chun na críche sin, beidh an t-iarratasóir i dteideal cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a iarraidh.

10. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce sa nós imeachta riaracháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

ROINN 2
LEIGHEASANNA

Airteagal 26
An ceart chun leighis éifeachtaigh

1. Tabharfar leigheas éifeachtach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann chun agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal 12(2) os comhair údarás breithiúnach inniúil.

2. Leis an leigheas éifeachtach, déanfar foráil maidir le scrúdú iomlán *ex nunc* ar phointí fíricí agus ar phointí dlí araon.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfióróidh an t-údarás breithiúnach inniúil comhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as prionsabal an non-refoulement, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír nó *ex officio*.

Airteagal 27
Achomharc os comhair údarás breithiúnach inniúil

1. Chun críche an ceart chun leighis éifeachtaigh a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 26, leagfaidh na Ballstáit síos ina ndlí náisiúnta teorainneacha ama réasúnta don údarás breithiúnach inniúil céadchéime chun na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal 12(2) a scrúdú, lena bhforáiltear do scrúdú leordhóthanach agus iomlán ar an achomharc. Ní bheidh an tréimhse chun achomharc a thaisceadh os comhair údarás breithiúnach céadchéime níos faide ná 14 lá.

2. Tosóidh na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 ag rith ón dáta a dtabharfar fógra faoi aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, in Airteagal 10 agus in

Airteagal 12(2) don náisiúnach tríú tír, nó ó dháta eile a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta, go háirithe nuair a bheidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann tar éis éalú.

3. I gcás ina bhfuil cinneadh um fhilleadh bunaithe ar an ngníomh céanna le cinneadh lena ndiúltaítear nó lena gcuirtear deireadh leis an bhfanacht dlíthiúil, nó i gcás ina n-eisítear an cinneadh sin sa ghníomh céanna, féadfar gurb ionann na teorainneacha ama chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh um fhilleadh agus na teorainneacha ama a leagtar síos sa dlí náisiúnta chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh lena gcuirtear deireadh le fanacht dlíthiúil nó lena ndiúltaítear fanacht dlíthiúil.

4. I gcás ina n-eiseofar toirmeasc ar dhul isteach in éineacht le cinneadh um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7, déanfar achomharc ina aghaidh go comhpháirteach leis an gcinneadh sin um fhilleadh, os comhair an údaráis bhreithiúnaigh chéanna agus laistigh de na himeachtaí breithiúnacha céanna agus laistigh de na teorainneacha ama céanna. I gcás ina n-eisítear toirmeasc ar dhul isteach ar leithligh ón gcinneadh um fhilleadh nó inarb é an t-aon chinneadh é a bhfuil agóid le déanamh ina choinne, féadfar achomharc a dhéanamh ina choinne ar leithligh. Beidh na teorainneacha ama chun imeachtaí breithiúnacha ar leithligh den sórt sin a thionscnamh mar an gcéanna leis na teorainneacha ama a leagtar síos i gcás ina ndéanfar achomharc comhpháirteach i gcoinne an toirmisc ar dhul isteach leis an gcinneadh um fhilleadh.

5. Más rud é nach dtíolacfar na doiciméid in am trátha, de réir mar a chinnfidh an t-údarás breithiúnach inniúil, i gcás ina mbeidh an t-aistriúchán le cur ar fáil ag an iarratasóir, nó i gcás nach dtíolacfar na doiciméid in am don údarás breithiúnach inniúil chun a áirithiú go n-aistreofar iad i gcás inarb é an t-údarás breithiúnach inniúil a áirithíonn an t-aistriúchán, féadfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil diúltú do na doiciméid sin a chur san áireamh.

Airteagal 28
Éifeacht fionraíochta

1. Déanfar forfheidhmiú na gcinntí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal 12(2) a chur ar fionraí go dtí go rachaidh an teorainn ama in éag ar laistigh di is féidir leo a gceart chun leighis éifeachtaigh a fheidhmiú os comhair údarás breithiúnach céadchéime dá dtagraítear in Airteagal 27.

2. Tabharfar an ceart do náisiúnaigh tríú tír iarratas a chur isteach chun forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí sula rachaidh an teorainn ama in éag faoinar féidir leo a gceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú sula rachaidh údarás breithiúnach céadchéime dá dtagraítear in Airteagal 27 in éag. Beidh sé de chumhacht ag údarás breithiúnach a chinneadh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhíorais agus ar phointí dlí araon, ar cheart forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí nó nár cheart go dtí go bhfaighfear toradh an leighis. Cuirfear forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh ar fionraí i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar prionsabal an non-refoulement.

3. I gcás ina dtaiscfear achomharc eile i gcoinne an chéad chinnidh achomhairc nó i gcoinne cinneadh achomhairc a dhéanfar ina dhiaidh sin, ní chuirfear forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh ar fionraí ach amháin má iarrann an náisiúnach tríú tír fionraí agus má chinneann údarás breithiúnach inniúil é a dheonú, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair.

4. Déanfar cinneadh maidir leis an iarratas ar fhorfheidhmiú cinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí laistigh de 48 n-uair an chloig. I gcásanna a bhaineann le saincheisteanna casta fíorais nó dlí, féadfar an teorainn ama sin a shárú.

Caibidil V
ÉALÚ A CHOSC AGUS COINNEÁIL

Airteagal 29
Forais choinneála

1. Féadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil de bhun an Rialacháin seo ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus sa mhéid go bhfuil an choinneáil comhréireach, agus sa mhéid sin amháin.
2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin chun an filleadh a ullmhú nó chun an t-aistriú a chur i gcrích.
3. Ní fhéadfar náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais choinneála seo a leanas:
   a. riosca éalaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 30;
   b. seachnaíonn an náisiúnach tríú tír an t-ullmhúchán don fhilleadh nó don phróiseas aistrithe nó cuireann sé bac ar an ullmhúchán sin;
   c. baineann rioscaí slándála leis an náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 16;
   d. chun céannacht nó náisiúntacht an iarratasóra a chinneadh nó a fhíorú;
   e. neamhchomhlíonadh na mbeart a ordaíodh de bhun Airteagal 31.
4. Déanfar na forais choinneála sin a leagan síos sa dlí náisiúnta.
5. Déanfaidh údaráis riaracháin nó údaráis bhreithiúnacha coinneáil a ordú. Ordófar coinneáil trí chinneadh i scríbhinn ina dtabharfar na cúiseanna, de réir fíorais agus dlí, ar a bhfuil sí bunaithe chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don náisiúnach tríú tír i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a bhféadfaí glacadh leis le réasún go dtuigfeadh an náisiúnach tríú tír í.
6. Agus náisiúnach tríú tír á choinneáil de bhun mhír 2, cuirfidh na Ballstáit san áireamh aon chomharthaí infheicthe, aon ráitis infheicthe nó aon iompraíocht infheicthe a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír, nó a rinne nó a léirigh an náisiúnach tríú tír, lena léirítear gur duine leochaileach é nó í.

Airteagal 30
Riosca éalaithe

1. Tá riosca éalaithe ann i gcás aonair, mura gcruthaítear a mhalairt, nuair a chomhlíontar ceann de na critéir seo a leanas:
   a. bhog an náisiúnach tríú tír gan údarú go críoch Ballstáit eile nó go críoch Ballstát eile, lena n-áirítear tar éis idirthuras trí thríú tír, nó tar éis iarrachtaí é sin a dhéanamh;
   b. tá an náisiúnach tríú tír faoi réir cinneadh um fhilleadh nó cinneadh forfheidhmiúcháin arna eisiúint ag Ballstát seachas an Ballstát a bhfuil an duine ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch faoi láthair, lena n-áirítear mar a bhraitear trí na foláirimh a iontráiltear i gCóras Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1860;
   c. neamhchomhlíonadh na mbeart de bhun Airteagal 23.

2. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1, cinnfear an riosca éalaithe ar bhonn measúnú foriomlán ar imthosca sonracha an cháis aonair agus i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na critéir seo a leanas maidir leis an náisiúnach tríú tír lena mbaineann:

   a. easpa áit chónaithe, easpa áit chónaithe sheasta nó easpa seoladh iontaofa;

   b. léiriú sainráite á rá nach bhfuil sé i gceist na bearta a bhaineann le filleadh arna gcur i bhfeidhm de bhua an Rialacháin seo a chomhlíonadh, nó gníomhaíochtaí a léiríonn go soiléir nach bhfuil sé i gceist acu na bearta sin a chomhlíonadh;

   c. neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann le cinneadh um fhilleadh go dtí an dáta faoina bhfuil an náisiúnach tríú tír le críoch na mBallstát a fhágáil mar a leagtar amach in Airteagal 13;

   d. neamhchomhlíonadh na hoibleagáide chun comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta de bhun an Rialacháin seo, dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointí (a) go (k);

   e. i gcás ina bhfuil imeacht ar tí tarlú agus ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha ann lena chreidiúint go bhfuil sé beartaithe ag náisiúnach tríú tír an oibleagáid maidir le comhoibriú a shárú mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointe (l);

   f. doiciméid chéannachta nó taistil, ceadanna cónaithe nó víosaí atá bréagach nó brionnaithe, nó doiciméid lena dtugtar bonn cirt do choinníollacha dul isteach a úsáid, doiciméid den sórt sin a scriosadh nó a chur de láimh ar bhealach eile, ailiasanna a úsáid le hintinn chalaoiseach, faisnéis bhréagach eile a sholáthar ó bhéal nó i scríbhinn, nó cur i gcoinne an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach go calaoiseach ar bhealach eile;

   g. cur i gcoinne an nós imeachta um fhilleadh go fíochmhar;

   h. dul isteach san Aontas arís de shárú ar thoirmeasc bailí ar dhul isteach.

Airteagal 31
Roghanna malartacha ar choinneáil

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta malartacha ar choinneáil sa dlí náisiúnta. Déanfar na bearta sin a ordú agus imthosca aonair an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh, lena n-áirítear aon leochaileachtaí, agus beidh siad comhréireach le leibhéal an riosca éalaithe arna mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 30.

2. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le haon cheann de na bearta seo a leanas:

   a. an oibleagáid tuairisciú go tráthrialta do na húdaráis inniúla le minicíocht suas le 3 lá, ar bhonn na n-imthosca aonair;

   b. an oibleagáid doiciméid aitheantais nó doiciméid taistil a thabhairt suas do na húdaráis inniúla;

   c. an oibleagáid cónaí in áit arna hainmniú ag na húdaráis inniúla;

   d. taisceadh ráthaíochta airgeadais leordhóthanaí;

   e. faireachán leictreonach a úsáid, lena n-áirítear ráthaíochtaí agus nósanna imeachta dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta.

3. Maidir le cinneadh bearta dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, sonrófar ann na cúiseanna ábhartha de réir fíorais agus dlí.

4. Tabharfar fógra do náisiúnaigh tríú tír faoi aon chinneadh bearta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus cuirfear ar an eolas iad faoi iarmhairt neamhchomhlíonadh an chinnidh sin, lena n-áirítear de bhun Airteagal 29(3), pointe (e), agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás breithiúnach na cinntí a dhéantar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a athbhreithniú go tapa ar iarratas ón duine lena mbaineann nó *ex officio*, agus laistigh de 2 mhí ar a dhéanaí.

Airteagal 32
Tréimhse choinneála

1. Coinneofar an choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse is giorra is féidir agus fad a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 29 agus is gá chun filleadh rathúil a áirithiú.

2. Nuair a dhealraíonn sé nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 29 á gcomhlíonadh a thuilleadh, ní bheidh údar leis an gcoinneáil a thuilleadh agus scaoilfear saor an náisiúnach tríú tír. Ní chuirfidh scaoileadh den sórt sin bac ar chur i bhfeidhm beart chun an riosca éalaithe a chosc i gcomhréir le hAirteagal 31.

3. Ní rachaidh an choinneáil thar 12 mhí i mBallstát ar leith. Féadfar tréimhse choinneála a fhadú ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí bhreise i mBallstát ar leith i gcás inar dócha go mairfidh an nós imeachta um fhilleadh níos faide de dheasca easpa comhair ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann, nó de dheasca moilleanna maidir leis an doiciméadacht is gá a fháil ó thríú tíortha.

4. Ní chuirfidh dul in éag na huastréimhse coinneála i gcomhréir le mír 3 bac ar chur i bhfeidhm beart i gcomhréir le hAirteagal 31.

Airteagal 33
Orduithe coinneála a athbhreithniú

1. Déanfar athbhreithniú ar choinneáil go tráthrialta agus gach trí mhí ar a laghad ar iarratas ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann nó *ex officio***.**

2. Déanfar athbhreithniú *ex officio* ar choinneáil mionaoiseach neamhthionlactha go tráthrialta agus gach trí mhí ar a laghad.

3. I gcás ina bhfuil an choinneáil ordaithe nó leathnaithe ag údaráis riaracháin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na fíorais, an fhianaise agus na barúlacha ábhartha uile a thíolactar le linn na n-imeachtaí faoi réir athbhreithniú breithiúnach, trí fhoráil a dhéanamh don méid seo a leanas:

   a. go ndéanfar aon athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht na coinneála a thabhairt i gcrích chomh tapa agus is féidir tar éis thús na coinneála, agus tráth nach déanaí ná 15 lá ina dhiaidh sin; nó

   b. go dtabharfar an ceart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann imeachtaí a thionscnamh trína bhfuil dlíthiúlacht na coinneála faoi réir athbhreithniú breithiúnach, ar imeachtaí iad a thabharfar i gcrích chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha, agus tráth nach déanaí ná 15 lá ina dhiaidh sin. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar an eolas láithreach tráth na coinneála gur féidir imeachtaí den sórt sin a thionscnamh.

Airteagal 34
Dálaí coinneála

1. De ghnáth, déanfar coinneáil i saoráidí speisialaithe, lena n-áirítear saoráidí i mbrainsí tiomnaithe saoráidí eile. Mura féidir le Ballstát foráil a dhéanamh do choinneáil sna saoráidí sin agus más gá dó dul i muinín cóiríochta príosúin, coinneofar na náisiúnaigh tríú tír scartha ó ghnáthphríosúnaigh.
2. Beidh rochtain ag náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil ar spás faoin aer.
3. Ceadófar do na náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil — arna iarraidh sin dóibh — teagmháil a dhéanamh in am trátha le hionadaithe dlíthiúla, le baill teaghlaigh agus leis na húdaráis chonsalacha inniúla.
4. Tabharfar aird ar leith ar riachtanais speisialta daoine leochaileacha atá faoi choinneáil agus déanfar foráil maidir le cóiríocht speisialta do na riachtanais sin. Cuirfear cúram sláinte éigeandála agus cóireáil riachtanach breoiteachta ar fáil do náisiúnaigh tríú tír atá á gcoinneáil.
5. Beidh an deis ag ionadaithe dlíthiúla, baill teaghlaigh, údaráis chonsalacha inniúla agus eagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha agus inniúla náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha cuairt a thabhairt ar aon saoráid choinneála agus cumarsáid a dhéanamh leis na náisiúnaigh tríú tír agus cuairt a thabhairt orthu i ndálaí lena n-urramaítear príobháideachas. D'fhéadfadh cuairteanna den sórt sin bheith faoi réir údaraithe.
6. Cuirfear faisnéis ar fáil i scríbhinn do náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil ina míneofar na rialacha a chuirtear i bhfeidhm sa tsaoráid agus ina leagfar amach a gcearta agus a n-oibleagáidí i dteanga shoiléir shothuigthe agus i dteanga a thuigeann siad. Áireofar san fhaisnéis sin faisnéis maidir lena dteidlíocht faoin dlí náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis na daoine nó leis na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 5.

Airteagal 35
Coinníollacha maidir le mionaoisigh agus teaghlaigh a choinneáil

1. Ní choinneofar mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu ach mar rogha dheiridh agus ar feadh na tréimhse ama iomchuí is giorra agus leas an linbh á chur san áireamh.
2. Cuirfear cóiríocht ar leithligh lena ráthófar príobháideachas leordhóthanach ar fáil do theaghlaigh agus do mhionaoisigh neamhthionlactha atá á gcoinneáil mar ullmhúchán don fhilleadh. Cuirfear oiliúint leordhóthanach ar phearsanra, agus cuirfear saoráidí in oiriúint chun riachtanais daoine dá n-aois agus dá n-inscne a chur san áireamh, lena n-áirítear sláinteachas iomchuí, bia, seirbhísí sláinte agus bonneagar eile.
3. Beidh an deis ag mionaoisigh atá faoi choinneáil dul i mbun gníomhaíochtaí fóillíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí súgartha agus áineasa atá oiriúnach dá n-aois, agus beidh rochtain acu ar oideachas san fhormáid is iomchuí d'fhad a gcoinneála.

Caibidil VI
ATHLIGEAN ISTEACH

Airteagal 36
Nós imeachta um athligean isteach

1. Ar chinneadh infhorfheidhmithe um fhilleadh a eisiúint agus d'ainneoin Airteagal 28, tionscnóidh na húdaráis inniúla an nós imeachta um athligean isteach go córasach agus gan moill mhíchuí, le tacaíocht ó Frontex i gcás inarb infheidhme.

2. Nuair is gá doiciméad taistil a fháil ó údaráis an tríú tír, déanfaidh na húdaráis inniúla iarratas ar athligean isteach. Áireofar san iarratas sin ar athligean isteach, de réir mar is ábhartha, iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus iarraidh ar dhoiciméad taistil a eisiúint. Déanfar iarratais ar athligean isteach gan mhoill agus i gcás inar féidir trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánach de bhun mhír 6.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla an iarraidh ar dhoiciméad taistil a chur isteach ar leithligh i gcás inar fearr é ar chúiseanna dlíthiúla nó oibríochtúla, lena n-áirítear mar gheall ar fhad bailíochta an doiciméid taistil atá le heisiúint agus toisc nach bhfuil an náisiúnach tríú tír ar fáil chun an doiciméad taistil a fháil díreach tar éis dheimhniú na náisiúntachta. I gcás inarb infheidhme, úsáidfear an doiciméad taistil Eorpach um fhilleadh i gcomhréir leis an ionstraim um athligean isteach is infheidhme agus le Rialachán (AE) 2016/1953[50].

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann faisnéis faoi thoradh na hiarrata ar dheimhniú náisiúntachta agus faoin doiciméad taistil a fuarthas a uaslódáil i gCóras Faisnéise Schengen. Cuirfear faisnéis agus doiciméad taistil den sórt sin ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát eile arna iarraidh sin dóibh.

5. Féadfaidh na Ballstáit socruithe iomchuí a dhéanamh chun eagrú na n-agallamh chun sainaithint a dhéanamh i mBallstát eile a éascú, lena n-áirítear chun Airteagal 44 a chur chun feidhme.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49(2) chun an fhoirm chaighdeánach a chinneadh a bheidh le húsáid chun na hiarratais ar athligean isteach dá dtagraítear i mír 2 a chur isteach. Leagfar amach an méid seo a leanas san fhoirm chaighdeánach sin:

   a. formáid na n-iarratas ar athligean isteach;

   b. na gnéithe a bhaineann le hiarratas ar athligean isteach lena n-áirítear an iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus an iarraidh ar dhoiciméad taistil a eisiúint.

7. Tacóidh oifigigh idirchaidrimh thiomnaithe de chuid an Aontais arna maoiniú ag an Aontas leis an nós imeachta um athligean isteach i dtríú tíortha. Beidh oifigigh idirchaidrimh den sórt sin mar chuid de struchtúr Thoscaireachtaí an Aontais agus déanfaidh siad dlúthchomhordú leis an gCoimisiún chun tosaíochtaí beartais ábhartha an Aontais a bhaint amach.

[50] Rialachán (AE) 2016/1953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le doiciméad taistil Eorpach a bhunú i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Moladh ón gComhairle an 30 Samhain 1994 (IO L 311, 17.11.2016, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1953/oj).

Airteagal 37
Cumarsáid le heintitis tríú tír neamhaitheanta

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cumarsáid a dhéanamh, de réir mar is gá, le heintitis tríú tír neamhaitheanta atá freagrach as ceann amháin nó níos mó de chéimeanna an nós imeachta um athligean isteach.

2. Beidh cumarsáid den sórt sin teoranta don mhéid is gá chun an nós imeachta um athligean isteach a chur i gcrích agus ní hionann í agus aitheantas taidhleoireachta na n-eintiteas lena mbaineann.

Caibidil VII
SONRAÍ PEARSANTA A ROINNT AGUS A AISTRIÚ

Airteagal 38
Comhroinnt faisnéise idir na Ballstáit

1. Bainfidh na Ballstáit leas as gach modh comhair agus malartaithe faisnéise is iomchuí chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

2. Déanfar an malartú faisnéise arna iarraidh sin do Bhallstát agus ní fhéadfar é a dhéanamh ach amháin idir údaráis inniúla na mBallstát.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl dá chéile, arna iarraidh sin, faisnéis a bhaineann le duine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo chun críche an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta um athligean isteach agus cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar.

4. I gcás inar féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a mhalartú trí Chórais Faisnéise an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i bpointe 15 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51] nó trí fhaisnéis fhorlíontach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1860, ní dhéanfar an fhaisnéis sin a mhalartú ach amháin trí na modhanna sin.

5. Beidh na sonraí a iarrfar leordhóthanach, ábhartha, cruinn, teoranta don mhéid is gá chun na críche atá beartaithe agus leagfar amach iontu na forais ar a bhfuil siad bunaithe.

6. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3:

   a. faisnéis is gá chun céannacht an náisiúnaigh tríú tír a shuíomh agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht a bhall teaghlaigh nó a ball teaghlaigh, a ghaolta nó a gaolta agus aon bhaill teaghlaigh eile, go háirithe sloinne nó sloinnte; céadainm nó céadainmneacha; más iomchuí, iar-ainm nó iar-ainmneacha agus ainm nó ainmneacha eile (ailias nó ailiasanna, ainm bréige nó ainmneacha bréige); dáta breithe, láthair bhreithe agus tír bhreithe; inscne;

   b. faisnéis a bhaineann le sonraí bithmhéadracha arna dtógáil den náisiúnach tríú tír i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1358, go háirithe íomhá den aghaidh nó íomhánna den aghaidh; sonraí dachtalascópacha; an dáta a tógadh na sonraí bithmhéadracha; uimhir thagartha Eurodac arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;

[51] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (EU) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).

c. faisnéis maidir le náisiúntacht agus doiciméad taistil nó doiciméid taistil an náisiúnaigh tríú tír, go háirithe náisiúntacht/náisiúntachtaí reatha agus náisiúntacht/náisiúntachtaí roimhe sin; cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil; dáta eisiúna agus dáta éaga an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil;

d. faisnéis a bhaineann le háiteanna cónaithe an náisiúnaigh tríú tír, na bealaí taistil, na teangacha a labhraítear agus sonraí teagmhála (seoladh/seoltaí ríomhphoist agus uimhir/uimhreacha teileafóin);

e. faisnéis maidir le doiciméid chónaithe nó víosaí arna n-eisiúint ag Ballstát nó ag tríú tír;

f. faisnéis a bhaineann le hoibríocht um fhilleadh an náisiúnaigh tríú tír, go háirithe maidir le sonraí eitilte; socruithe taistil eile; léiriú an duine fíorchontúirteach é an náisiúnach tríú tír a dteastaíonn socruithe sonracha uaidh le linn na hoibríochta um fhilleadh; faisnéis a bhaineann le tionlacan;

g. faisnéis a bhaineann le hath-imeascadh an náisiúnaigh tríú tír, go háirithe comhdhéanamh teaghlaigh, stádas pósta, faisnéis teagmhála ball teaghlaigh sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi, taithí oibre, leibhéal oideachais, dioplómaí;

h. na forais atá le haon chinneadh um fhilleadh a dhéantar maidir leis an náisiúnach tríú tír;

i. faisnéis maidir le cé acu ar coinníodh an náisiúnach tríú tír nó ar cuireadh roghanna malartacha ar choinneáil i bhfeidhm ar an duine aonair;

j. faisnéis a bhaineann leis na taifid choiriúla nó a bhaineann leis an mbagairt don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tslándáil náisiúnta a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír;

k. faisnéis maidir le leochaileacht, sláinte agus riachtanais leighis an náisiúnaigh tríú tír.

7. Beidh sé d'oibleagáid ar an mBallstát iarrtha freagra a thabhairt a luaithe is féidir agus laistigh de thrí seachtaine ar a dhéanaí.

8. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a mhalartaítear ach amháin chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3. I ngach Ballstát, ní fhéadfar an fhaisnéis sin, ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist agus ar chumhachtaí an údaráis is faighteoir, a chur in iúl ach amháin do na húdaráis nó do na húdaráis bhreithiúnacha ar cuireadh an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta um athligean isteach nó cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar ar a n-iontaoibh.

Airteagal 39

Sonraí a aistriú chuig tríú tíortha a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír chun críocha athligin isteach agus ath-lánpháirtithe

1. Gan dochar d'Airteagail 40 agus 41, féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex, sonraí dá dtagraítear in Airteagal 38(6), pointí (a) go (h) a phróiseáil agus a aistriú chuig údarás inniúil tríú tír, i gcás inar cuireadh in iúl don náisiúnach tríú tír, a n-aistrítear a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta, go bhféadfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chomhroinnt le húdaráis tríú tír ar choinníoll gur gá sin chun an nós imeachta um athligean isteach a chur i gcrích.

2. Gan dochar d'Airteagail 40 agus 41, féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sonraí dá dtagraítear in Airteagal 38(6), pointí (a), (c), (f) agus (g) a phróiseáil agus a aistriú chuig tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh i gcás inar cuireadh in iúl don náisiúnach tríú tír a bhfuil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta á n-aistriú go bhféadfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh ar choinníoll go bhfuil gá leis sin chun cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus Frontex a aistríonn sonraí pearsanta de bhun mhír 1 nó mhír 2 go gcomhlíonfaidh aistrithe den sórt sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi seach.

4. I gcás ina ndéantar aistriú de bhun mhír 1 nó mhír 2, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta inniúil a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear dáta agus am an aistrithe agus faisnéis faoi údarás inniúil an tríú tír is faighteoir.

Airteagal 40

Aistriú sonraí chuig tríú tíortha a bhaineann le ciontuithe coiriúla náisiúnach tríú tír chun críocha athligin isteach agus ath-lánpháirtithe

1. Féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex, sonraí a bhaineann le ciontú coiriúil amháin nó le roinnt ciontuithe coiriúla náisiúnaigh tríú tír a phróiseáil agus a aistriú i gcásanna aonair chuig údarás inniúil tríú tír i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   a. ciontaíodh an náisiúnach tríú tír a n-aistrítear a shonraí pearsanta i gcion sceimhlitheoireachta sna 25 bliana roimhe sin nó sna 15 bliana roimhe sin in aon chion coiriúil eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] má tá sé inphionóis le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit chiontaithigh;

   b. gur gá na sonraí a aistriú chun críocha an nós imeachta um athligean isteach dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur i gcrích;

   c. cuireadh an náisiúnach tríú tír a n-aistrítear a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta ar an eolas go bhféadfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chomhroinnt le húdaráis tríú tír chun an nós imeachta um athligean isteach a chur i gcrích;

   d. roimh an aistriú, tá an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex, sásta nach bhfuil an baol ann go sáródh an t-aistriú sonraí prionsabal an non-refoulement;

   e. roimh an aistriú, tá an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex, sásta nach bhfuil an baol ann go sáródh an t-aistriú sonraí Airteagal 50 den Chairt.

2. Féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sonraí a bhaineann le ciontú coiriúil amháin nó le roinnt ciontuithe coiriúla náisiúnaigh tríú tír a phróiseáil

[52] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

agus a aistriú i gcásanna aonair chuig tríú páirtí atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. ciontaíodh an náisiúnach tríú tír a n-aistrítear a chuid sonraí pearsanta i gcion sceimhlitheoireachta sna 25 bliana roimhe sin nó sna 15 bliana roimhe sin in aon chion coiriúil eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240 má tá sé inphionóis le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit chiontaithigh;

b. is gá sonraí a aistriú chun cúnamh saincheaptha agus neamhairgeadais um ath-imeascadh dá dtagraítear in Airteagal 46 a sholáthar;

c. gur cuireadh in iúl don náisiúnach tríú tír a n-aistrítear a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta go bhféadfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtí atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh chun ath-imeascadh saincheaptha agus neamhairgeadais a sholáthar;

d. roimh an aistriú, go bhfuil an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sásta nach bhfuil an baol ann go sáródh an t-aistriú sonraí prionsabal an non-refoulement.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus Frontex a aistríonn sonraí pearsanta de bhun mhír 1 nó mhír 2 go gcomhlíonfaidh aistrithe den sórt sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi seach.

4. I gcás ina ndéantar aistriú de bhun mhír 1 nó mhír 2, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta inniúil a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear dáta agus am an aistrithe, faisnéis faoi údarás inniúil an tríú tír is faighteoir, an bonn cirt go gcomhlíonann an t-aistriú na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2 agus na sonraí pearsanta a aistríodh.

Airteagal 41

Sonraí sláinte náisiúnach tríú-tír a aistriú chuig tríú tíortha chun críocha na hoibríochta um fhilleadh agus an ath-imeasctha

1. Féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sonraí a bhaineann leis an gcúnamh leighis atá le soláthar do náisiúnaigh tríú tír le linn na hoibríochta um fhilleadh a phróiseáil agus a aistriú i gcásanna aonair chuig údarás inniúil tríú tír i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. gur gá na sonraí a aistriú chun an oibríocht um fhilleadh a chur i gcrích;

b. cuireadh in iúl don náisiúnach tríú tír a bhfuil a chuid sonraí pearsanta á n-aistriú go bhféadfar a shonraí pearsanta a roinnt le húdaráis tríú tír chun an oibríocht um fhilleadh a chur i gcrích;

c. roimh an aistriú, go bhfuil an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sásta nach bhfuil an baol ann go sáródh an t-aistriú sonraí prionsabal an non-refoulement.

2. Féadfaidh údarás inniúil agus, i gcás inarb infheidhme, Frontex sonraí a bhaineann le sláinte náisiúnach tríú tír a phróiseáil agus a aistriú i gcásanna aonair chuig tríú páirtí atá

inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. gur gá sonraí a aistriú chun cúnamh um ath-imeascadh dá dtagraítear in Airteagal 46 a sholáthar atá saincheaptha do riachtanais leighis an náisiúnaigh tríú tír;

b. gur cuireadh in iúl don náisiúnach tríú tír a n-aistrítear a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta go bhféadfar a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtí atá inniúil ar chúnamh um ath-imeascadh, chun an cúnamh sin a chur in oiriúint dá riachtanais leighis, agus gur thoiligh sé nó sí leis an aistriú sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus Frontex a aistríonn sonraí pearsanta de bhun mhír 1 nó mhír 2 go gcomhlíonfaidh aistrithe den sórt sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi seach.

4. I gcás ina ndéantar aistriú de bhun mhír 1 nó mhír 2, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta inniúil a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear dáta agus am an aistrithe, faisnéis faoi údarás inniúil an tríú tír is faighteoir, an bonn cirt go gcomhlíonann an t-aistriú na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2 agus na sonraí pearsanta a aistríodh.

Caibidil VIII
AN COMHCHÓRAS UM FHILLEADH

Airteagal 42
Comhpháirteanna comhchórais um fhilleadh

1. Is éard a bheidh i gcomhchóras um fhilleadh de bhun an Rialacháin seo:

a. nós imeachta comhchoiteann maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a fhilleadh, lena n-áirítear nós imeachta comhchoiteann maidir le hathligean isteach mar chuid dhílis den nós imeachta sin;

b. córas aitheanta agus forfheidhmithe cinntí um fhilleadh i measc na mBallstát;

c. na hacmhainní is gá agus pearsanra inniúil leordhóthanach sna Ballstáit chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear le haghaidh coinneála;

d. córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú;

e. comhar idir na Ballstáit;

f. comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a thacaíonn de bhun Airteagal 43(4) agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.

2. Sainaithneoidh an tAontas agus na Ballstáit tosaíochtaí coiteanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha agus áiritheoidh siad go ndéanfar an obair leantach is gá , agus an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce arna glacadh de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1351 á cur san áireamh, mar aon le cur chun feidhme an nós imeachta teorann um fhilleadh de bhun Rialachán (AE) 2024/1351, an measúnú ar leibhéal an chomhair idir tríú tíortha agus na Ballstáit maidir le hathligean

isteach i gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus ionstraimí an Aontais um athligean isteach agus aon ionstraim eile de chuid an Aontais atá ábhartha don chomhar maidir le hathligean isteach.

3. Áiritheoidh an tAontas agus na Ballstáit comhar dílis agus dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla agus idir an tAontas agus na Ballstáit, mar aon le sineirge idir comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha, agus a leas comhroinnte i bhfeidhmiú éifeachtach bheartais bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais á chur san áireamh.

Airteagal 43
Údaráis inniúla agus acmhainní

1. Ainmneoidh gach Ballstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as na hoibleagáidí a eascróidh as an Rialachán seo a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh gach Ballstát na hacmhainní is gá a leithdháileadh ar na húdaráis inniúla, lena n-áirítear foireann atá oilte go hiomchuí agus a fuair treoir chun a n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit leibhéal leordhóthanach acmhainneachta coinneála agus riachtanais iarbhír agus fillteacha ionchasacha sna 12 mhí amach romhainn á gcur san áireamh, go háirithe chun críche córas dea-ullmhaithe agus pleanála teagmhasaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1351.

4. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit eile tacú leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 44 agus féadfaidh foireann ábhartha Ghníomhaireachtaí an Aontais tacú leo, lena n-áirítear i gcomhréir le hAirteagal 45.

Airteagal 44
Comhar idir na Ballstáit

1. Déanfar comhar agus cúnamh idir údaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 43 chun na gcríoch seo a leanas:

   a. idirthuras trína gcríoch a cheadú chun cúnamh a thabhairt gur féidir cinneadh um fhilleadh ó Bhallstát eile a chomhlíonadh nó doiciméid taistil a fháil;

   b. cúnamh lóistíochta, airgeadais nó ábhartha nó comhchineáil eile a sholáthar;

   c. an idirphlé beartais a threorú nó tacaíocht a thabhairt dó agus do mhalartuithe le húdaráis tríú tíortha chun athligean isteach a éascú;

   d. dul i dteagmháil le húdaráis inniúla tríú tíortha chun aitheantas náisiúnaigh tríú tíortha a fhíorú agus chun doiciméad taistil bailí a fháil;

   e. an socrú praiticiúil maidir le filleadh a fhorfheidhmiú a eagrú thar ceann an Bhallstáit iarrthaigh;

   f. an t-aistriú dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (b), a éascú;

   g. tacú le himeacht náisiúnaigh tríú tír chuig an mBallstát ina bhfuil ceart fanachta aige nó aici i gcomhréir le hAirteagal 8(1), an chéad fhomhír.

[53] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).

Airteagal 45
Tacaíocht Frontex

1. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go dtabharfaidh saineolaithe arna n-imscaradh nó arna dtacú ag Frontex cúnamh dá n-údaráis inniúla, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh um fhilleadh agus oifigigh idirchaidrimh eile, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896.

2. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis ábhartha do Frontex maidir leis na riachtanais atá beartaithe le haghaidh tacaíocht Frontex chun críche na pleanála is gá maidir le tacaíocht na Gníomhaireachta i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe, cur chun feidhme an nós imeachta teorann um fhilleadh de bhun Rialachán (AE) 2024/1349, an Straitéis Eorpach um Thearmann agus Imirce de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1351 agus na tosaíochtaí i gcomhthéacs an mheasúnaithe rialta ar chomhar um athligean isteach de bhun Airteagal 25a de Rialachán (CE) 810/2009.

Airteagal 46
Tacaíocht don fhilleadh agus don ath-imeascadh

1. Bunóidh na Ballstáit struchtúir chomhairleoireachta maidir le filleadh agus ath-imeascadh chun faisnéis agus treoir a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír maidir le roghanna um fhilleadh agus ath-imeascadh, lena n-áirítear cláir dá dtagraítear i mír 3, a luaithe is féidir sa phróiseas um fhilleadh. Féadfar comhairleoireacht maidir le filleadh agus ath-imeascadh a chomhcheangal le comhairleoireacht eile i gcomhthéacs nósanna imeachta imirce eile sa Bhallstát.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir le filleadh agus ath-imeascadh ar fáil freisin sula n-eiseofar an cinneadh um fhilleadh, go háirithe nuair a bheidh Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2024/1348 infheidhme.

3. Bunóidh na Ballstáit cláir náisiúnta chun tacú leis an bhfilleadh agus leis an ath-imeascadh agus bainfidh siad úsáid, mar riail ghinearálta, as na cláir arna soláthar ag an Aontas. Is éard a bheidh sna cláir náisiúnta agus sa chúnamh um ath-imeascadh a sholáthraíonn an tAontas cúnamh nó dreasachtaí lóistíochta, airgeadais agus ábhartha nó comhchineáil eile, lena n-áirítear cúnamh um ath-imeascadh sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi, a chuirfear ar fáil do náisiúnach tríú tír.

4. Ní ceart aonair a bheidh i gcúnamh um ath-imeascadh agus ní bheidh sé ina réamhriachtanas don nós imeachta um athligean isteach.

5. Léireoidh an cúnamh a chuirtear ar fáil trí na cláir um fhilleadh agus um ath-imeascadh leibhéal comhair agus comhlíontachta an náisiúnaigh tríú tír agus d'fhéadfadh sé laghdú le himeacht ama. Cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh agus cineál agus méid an chúnaimh um fhilleadh agus um ath-imeascadh á gcinneadh i gcás inarb infheidhme:

   a. comhar an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann le linn an nós imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach dá bhforáiltear in Airteagal 21;

   b. an bhfuil an náisiúnach tríú tír ag filleadh go deonach, nó an bhfuil sé faoi réir a aistrithe;

   c. cé acu atá nó nach bhfuil an náisiúnach tríú tír ina náisiúnach tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806;

   d. ar ciontaíodh an náisiúnach tríú tír i gcion coiriúil;

e. an bhfuil riachtanais shonracha ag an náisiúnach tríú tír mar gheall go bhfuil sé ina dhuine leochaileach, ina mhionaoiseach, ina mhionaoiseach neamhthionlactha nó ina chuid de theaghlach.

6. Ní dheonófar an cúnamh dá dtagraítear san Airteagal seo do náisiúnaigh tríú tír a bhain tairbhe cheana as tacaíocht eile nó as an tacaíocht chéanna a chuir Ballstát nó an tAontas ar fáil. Áiritheoidh an tAontas, na Ballstáit agus Frontex comhleanúnachas agus comhordú maidir le cúnamh um ath-imeascadh.

Caibidil IX
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 47
Staideanna éigeandála

1. I gcásanna ina gcuireann líon thar a bheith mór náisiúnach tríú tír atá le filleadh ualach trom gan choinne ar acmhainn saoráidí coinneála Ballstáit nó ar a fhoireann riaracháin nó bhreithiúnach, féadfaidh an Ballstát sin, fad a mhaireann an staid eisceachtúil, cinneadh a dhéanamh tréimhsí le haghaidh athbhreithniú breithiúnach a cheadú atá níos faide ná na tréimhsí dá bhforáiltear in Airteagal 33(3) agus bearta práinneacha a dhéanamh i leith dhálaí na coinneála de mhaolú orthu sin a leagtar amach in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 35(2).

2. Má théann sé i muinín na mbeart eisceachtúil sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi sin gan mhoill. Cuirfidh sé in iúl don Choimisiún é freisin a luaithe is nach ann a thuilleadh do na cúiseanna leis na bearta eisceachtúla seo a chur i bhfeidhm.

3. Ní léireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gceadaítear do na Ballstáit maolú ar a n-oibleagáid ghinearálta na bearta iomchuí uile a dhéanamh, cibé acu is bearta ginearálta nó bearta sonracha iad, lena áirithiú go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo.

Airteagal 48
Staidreamh

1. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], cuirfidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas in iúl don Choimisiún (Eurostat) ar bhonn ráithiúil:

   a. líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinntí aitheanta um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile;

   b. líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir bearta malartacha ar choinneáil;

   c. líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir coinneála.

2. Déanfar na sonraí a chuirfear in iúl a imdhealú de réir aoise, gnéis agus saoránachta. Bainfidh na sonraí leis an tréimhse thagartha d'aon cheathrú. Soláthróidh na Ballstáit sonraí don Choimisiún (Eurostat) ar feadh trí mhí féilire, arb ionann iad agus an ceathrú

[54] Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/862/oj).

cuid, laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach ráithe. Is é a bheidh sa chéad tréimhse thagartha [an dara ráithe tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí seo a leanas in iúl do Frontex ar bhonn míosúil, chomh maith leis na tacair sonraí chomhfhreagracha, maidir le gach tríú tír:

   a. líon na n-iarratas ar athligean isteach a cuireadh isteach;

   b. líon na n-iarrataí ar dheimhniú náisiúntachta agus líon na bhfreagraí dearfacha agus diúltacha a fuarthas maidir le hiarrataí ar náisiúntacht a dheimhniú;

   c. líon na n-iarrataí ar dhoiciméid taistil a eisiúint, líon na ndoiciméad taistil arna n-eisiúint ag údaráis tríú tír agus líon na bhfreagraí diúltacha maidir le doiciméid taistil a iarraidh;

   d. líon thairbhithe an chúnaimh um ath-imeascadh arna mhiondealú de réir tríú tír.

   Tabharfaidh Frontex rochtain don Choimisiún ar na sonraí dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3, agus iad imdhealaithe de réir Ballstáit, féadfar iad a chur in iúl do thríú tíortha ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh phrionsabal an athligean isteach, lena n-áirítear faoi chuimsiú ionstraimí an Aontais um athligean isteach.

Airteagal 49
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 50
Tuairisciú

1. Faoin [dáta] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo sna Ballstáit agus, más iomchuí, molfaidh sé leasuithe.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis chuige atá riachtanach chun a thuarascáil a tharraingt suas tráth nach déanaí ná 9 mí sula rachaidh an teorainn ama sin in éag.

Airteagal 51
Aisghairm

1. Déantar Treoir 2008/115/CE a aisghairm i gcás na mBallstát atá faoi cheangal ag an Rialachán seo. Déantar Treoir 2001/40/CE agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle a aisghairm le héifeacht ó fhoilsiú an chinnidh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 9(2) i gcás na mBallstát atá faoi cheangal ag an Rialachán seo.

2. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn.

Airteagal 52
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS DLÍTHIÚIL, AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóir(í) 3

1.3.1. Cuspóir(í) ginearálta 3

1.3.2. Cuspóir(í) sonrach(a) 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leis / na torthaí agus na tionchair a bhfuil coinne leo 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. An ceanglas nó na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na coda seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe 8

2.2.1. An bonn cirt atá leis an modh nó na modhanna cur chun feidhme buiséid, le sásra nó sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chistítear le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach 24
3.2.3.3. Iomlán leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncam sannta seachtrach 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA 29
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha 30
4.2. Sonraí 30
4.3. Réitigh dhigiteacha 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear comhchóras chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas Eorpach a fhilleadh.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Imirce

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an togra seo éifeachtúlacht an phróisis um fhilleadh a mhéadú trí rialacha soiléire, nua-aimseartha, simplithe agus comhchoiteanna a chur ar fáil do na Ballstáit chun filleadh a bhainistiú go héifeachtach agus chun an próiseas a dhéanamh níos soiléire do na húdaráis inniúla agus don náisiúnach tríú tír lena mbaineann araon.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh. 1 Cur chuige níos aontaithe a chruthú i measc rialacha na mBallstát maidir le filleadh, cleachtais éagsúla a shárú trí comhchóras de chuid an Aontais maidir le filleadh a bhunú agus a sheachaint go bhféadfadh náisiúnaigh tríú tír dul timpeall ar rialacha maidir le filleadh. Cuspóir sonrach Uimh. 2 An nós imeachta um fhilleadh a chuíchóiriú, rialacha maidir le filleadh a dhéanamh éasca agus éifeachtúil le cur i bhfeidhm, agus soiléireacht a fheabhsú ag an am céanna, lena n-áirítear maidir le coimircí nós imeachta. Cuspóir sonrach Uimh. 3 Comhar na náisiúnach tríú tír lena mbaineann a dhreasú trí mheascán d'oibleagáidí, dreasachtaí chun comhoibriú agus iarmhairtí don neamh-chomhoibriú.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Ailtireacht dlí fheabhsaithe atá ceaptha chun próisis um fhilleadh a bhrostú agus a chuíchóiriú agus cearta bunúsacha á gcosaint an tráth céanna. Féachann an togra le héifeachtúlacht nós imeachta a fheabhsú trí rialacha comhchoiteanna agus simpliú nós imeachta a thabhairt isteach, agus aithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile a éascú, rud a chothóidh comhleanúnachas agus soiléireacht níos fearr sa chur chun feidhme. Táthar ag súil go gcuirfidh sé dlús leis an bpróiseas fillte agus go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a chuirtear ar ais mar thoradh air sin. Leis an RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear comhchóras chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas Eorpach a fhilleadh, freagraítear do na héilimh pholaitiúla go mbeadh cur chuige nua ann chun filleadh san Aontas a bhainistiú.

Áiritheoidh sé go dtabharfar aghaidh go comhleanúnach i ngach Ballstát ar ghnéithe nua tábhachtacha amhail an oibleagáid comhoibriú, measúnú a dhéanamh ar an riosca éalaithe, coinneáil agus roghanna malartacha ar choinneáil. Cé go mbeidh gá le hoiriúnú sa ghearrthéarma i gcleachtais roinnt Ballstát, táthar ag súil le gnóthachain shuntasacha éifeachtúlachta le himeacht ama le soiléireacht níos fearr ar na rialacha.

Beartaítear leis an tionscnamh go gcuirfear príomheilimintí chinntí na mBallstát um fhilleadh isteach i bhfoirm choiteann ar a dtugtar 'Ordú Eorpach um Fhilleadh' chun tacú le cinntí um fhilleadh a aithint agus chun comhartha láidir a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír agus chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí tánaisteacha.

Beidh na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar náisiúnaigh tríú tír comhleanúnach sna Ballstáit uile, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar roinnt den saobhadh sa chóras atá ann faoi láthair i gcás ina bhfuil náisiúnaigh tríú tír ag baint leas as difríochtaí idir na Ballstáit.. Meastar go mbeidh an Rialachán mar bhonn le córas um fhilleadh níos comhleanúnaí ar leibhéal an Aontais, a bheidh infheidhme go díreach agus dírithe ar na Ballstáit, ar an Aontas, ar Ghníomhaireachtaí agus ar náisiúnaigh tríú tír. Leis an togra, éascófar úsáid níos fearr agus níos comhleanúnaí agus níos straitéisí a bhaint as tacaíocht Frontex maidir le filleadh, mar shampla, i gcomhthéacs oibríochtaí comhpháirteacha um fhilleadh. Bunaítear leis an tionscnamh cur chuige coiteann nós imeachta maidir le hiarrataí ar athligean isteach a chur isteach agus méadaítear trédhearcacht agus comhordú sa chur chuige i leith tríú tíortha maidir le hathligean isteach. Tugtar isteach leis an togra an fhéidearthacht foirm chaighdeánach iarratais ar athligean isteach a bheith ann, lena sonraítear formáid agus eilimintí riachtanacha iarratais ar athligean isteach, go háirithe an iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus an iarraidh ar dhoiciméid taistil a eisiúint. Cothófar leis sin cur chuige comhtháite comhair i leith údaráis tríú tíortha, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le cáilíocht an bhailithe sonraí a éascú agus a fheabhsú, agus déanfar foráil maidir le fianaise níos fearr le haghaidh cinnteoireachta. Is é is aidhm don Rialachán tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe. Réiteoidh sé an gá atá le comhrialacha de chuid an Aontais maidir le filleadh agus tabharfaidh sé méid áirithe solúbthachta do na Ballstáit. Leis sin, beifear in ann coigeartuithe a dhéanamh a bheidh ag teacht leis na réaltachtaí náisiúnta agus le comhthéacsanna náisiúnta an bhainistithe imirce, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid comhoibriú, iarmhairtí an neamh-chomhoibrithe, rogha agus módúlachtaí roghanna malartacha ar choinneáil agus gnéithe nós imeachta an phróisis, lena n-áirítear an t-achomharc.

Urramaítear go hiomlán leis an togra seo dínit an duine, an ceart chun na beatha, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, chomh maith le cosaint i gcás aistriú, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*, an neamh-idirdhealú agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

Déantar an ceart chun saoirse agus saorghluaiseachta a chosaint, ós rud é nach bhfuil údar le coinneáil ach amháin ar fhorais shonracha atá sainithe go soiléir sa Rialachán. Leagtar amach sa Rialachán freisin úsáid roghanna malartacha ar choinneáil, agus é á chur san áireamh nach bhfuil roghanna malartacha ar choinneáil chomh hionrach céanna le coinneáil ach go bhfuil srianta saoirse i gceist leo mar sin féin.

Foráiltear leis an Rialachán seo go gcuirfear riachtanais daoine leochaileacha, lena n-áirítear mionaoisigh, san áireamh go cuí sa phróiseas um fhilleadh. Ráthaítear leis

an Rialachán seo go dtabharfar tús áite do leas an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le mionaoisigh sa phróiseas um fhilleadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dálaí coinneála. Thairis sin, tá cuid de na príomhghnéithe nua a tugadh isteach le reachtaíocht an Chomhshocraithe nua, go háirithe maidir le measúnuithe aoise ar mhionaoisigh agus an cleachtas maidir le hionadaí a cheapadh chun mionaoiseach neamhthionlactha a thionlacan á dtabhairt isteach anois freisin don nós imeachta um fhilleadh tríd an Rialachán seo.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Faoin [dáta] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo sna Ballstáit.

Leis na príomhtháscairí seo a leanas, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht na gcuspóirí sonracha.

Cuspóir sonrach 1: Cur chuige níos aontaithe a chruthú i measc rialacha na mBallstát maidir le filleadh, cleachtais éagsúla agus an gá atá le léirmhíniú a shárú trí chomhchóras de chuid an Aontais maidir le filleadh a bhunú agus a sheachaint go bhféadfadh náisiúnaigh tríú tír dul timpeall ar rialacha maidir le filleadh

- líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinntí aitheanta um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile;

- sciar bliantúil na gcomhoibríochtaí um fhilleadh ón bhfilleadh iomlán trí oibríochtaí cairtfhostaithe arna n-eagrú le cúnamh ó Frontex.

Cuspóir Sonrach Uimh. 2: Cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta um fhilleadh, rialacha maidir le filleadh a dhéanamh éasca agus éifeachtúil le cur i bhfeidhm, agus ag an am céanna sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta agus tuilleadh soiléireachta a sholáthar, lena n-áirítear maidir leis na coimircí nós imeachta.

sonraí staidrimh maidir le rátaí méadaithe fillte.

Cuspóir Sonrach Uimh. 3: Comhar na náisiúnach tríú tír lena mbaineann a dhreasú trí mheascán d'oibleagáidí, dreasachtaí chun comhoibriú agus iarmhairtí don neamh-chomhoibriú.

- sonraí bliantúla maidir le filleadh éifeachtach (miondealú de réir filleadh éigeantach agus deonach)

- líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir bearta malartacha ar choinneáil.

- líon na náisiúnach tríú tír atá faoi réir coinneála.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[55]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[55] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Tar éis do na comhreachtóirí an togra a ghlacadh (sprioc a d'fhéadfadh a bheith ann in 2026), tá gá le bearta teicniúla agus nós imeachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an tionscnamh reachtach a chur chun feidhme ar bhonn céimneach, ar cheart tús a chur leo nuair a thiocfaidh an reachtaíocht i bhfeidhm.

Chun an Rialachán a chur chun feidhme, beidh gá le dhá ghníomh cur chun feidhme a ghlacadh laistigh de 3 go 6 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin - ceann amháin chun foirm choiteann a bhunú don Ordú Eorpach um Fhilleadh agus ceann eile chun an fhoirm chaighdeánach a bhunú a úsáidfear chun iarratais ar athligean isteach a chur isteach.

Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil do Frontex maidir leis na riachtanais atá beartaithe le haghaidh tacaíochta chun a áirithiú gur féidir le Frontex a thacaíocht a phleanáil go straitéiseach.

Ba cheart acmhainní ábhartha Frontex – go háirithe acmhainní daonna agus airgeadais – a mhéadú le himeacht ama i gcomhréir le feabhas a chur ar an sainordú agus leis an méadú ar an éileamh ar thacaíocht maidir le filleadh. Tar éis theacht i bhfeidhm di, cuirfear na gníomhaíochtaí chun feidhme de réir a chéile, i gcomhréir leis an méadú a mheastar a thiocfaidh ar éilimh ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí Frontex, chomh maith leis an am atá riachtanach chun na hacmhainní nua a ghlacadh.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante)

Is gné ríthábhachtach de chur chuige cuimsitheach an Aontais maidir le tearmann agus imirce é filleadh sábháilte díniteach náisiúnach tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu. Tá filleadh éifeachtach ríthábhachtach chun creidiúnacht na mbeartas imirce agus tearmainn a chaomhnú. Ar leibhéal an Aontais, rialaítear_beartas um fhilleadh le Treoir 2008/115/CE[56] (dá ngairtear 'an Treoir um Fhilleadh' anseo feasta). Baineann roinnt dúshlán an bonn faoi láthair d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht an fhillte, idir nósanna imeachta neamhéifeachtúla ar an leibhéal náisiúnta agus comhar neamhleor ó thríú tíortha maidir lena náisiúnaigh a athligean isteach. D'ainneoin iarrachtaí substaintiúla ar an leibhéal polaitiúil agus oibríochtúil, faoi láthair, ní leor an filleadh chun leibhéal sásúil cur chun feidhme a bhaint amach: ní fhágann ach thart ar 20 % de na náisiúnaigh tríú tír a dtugtar ordú dóibh an tAontas a fhágáil.

[56] Treoir 2008/115/CE maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh

Leis an Rialachán seo, féachtar le nósanna imeachta éifeachtúla gan uaim a chur ar fáil do na Ballstáit uile agus féachtar lena sheachaint go mbogfadh náisiúnaigh tríú tír idir Ballstáit chun bac a chur ar an bpróiseas um fhilleadh.

Rialófaí na nósanna imeachta nua leis na rialacha céanna, gan beann ar an mBallstát a chuireann i bhfeidhm iad, chun a n-éifeachtúlacht a áirithiú chomh maith le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú don duine aonair.

Ní féidir leis na Ballstáit rialacha comhchoiteanna a bhunú ina n-aonar chun dreasachtaí le haghaidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe eatarthu a laghdú. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo a bhaint amach go leordhóthanach as a stuaim féin, agus de thoradh scála agus thionchar an Rialacháin seo, is ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní mór don Aontas gníomhú, dá bhrí sin, agus féadfaidh sé bearta a ghlacadh.

An breisluach AE a bhfuil coinne leis a ghiniúint (ex post)

Leis an togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear comhchóras chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas Eorpach a fhilleadh, tabharfar freagra ar na héilimh pholaitiúla ar chur chuige nua chun filleadh san Aontas a bhainistiú.

Cuirtear i láthair ann creat dlíthiúil athchóirithe lena nuashonraítear an reachtaíocht um fhilleadh ó 2008, lena n-ailínítear í le forbairtí a rinneadh i réimse na himirce, lena n-áirítear an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, agus lena n-oiriúnaítear í do riachtanais agus do dhúshláin an lae inniu. Féachann sé le simpliú a thabhairt isteach agus éifeachtúlacht an phróisis um fhilleadh a fheabhsú agus a áirithiú ag an am céanna go gcloífear go hiomlán le cearta bunúsacha, agus ar an gcaoi sin tiomantas an Aontais do bheartas imirce cothrom inchreidte a threisiú. Is é is aidhm don togra na huirlisí is gá a thabhairt do na Ballstáit chun filleadh éifeachtach náisiúnach tríú tír nach bhfuil aon cheart dlíthiúil acu fanacht san Aontas a áirithiú, agus leas iomlán á bhaint as na deiseanna a bhaineann le comhar ar leibhéal an Aontais. Dhéanfaí comhchuibhiú freisin ar choimircí íosta do chearta náisiúnach tríú tír a ndéantar difear dóibh, rud a spreagfadh níos mó muiníne frithpháirtí i gcórais um fhilleadh na mBallstát. Déantar cearta bunúsacha fillithe a choimirciú trí choimircí nós imeachta soiléire, lena n-áirithítear go mbeidh cinntí um fhilleadh faoi réir grinnscrúdú, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc agus lena n-áirithítear go n-urramófar prionsabal an non-refoulement, agus aird chuí á tabhairt ar dhaoine leochaileacha agus ar leas an linbh. Meastar go gcuirfidh an togra dlús leis an bpróiseas um fhilleadh agus go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a chuirtear ar ais mar thoradh air sin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ó glacadh an Treoir um Fhilleadh in 2008, rinneadh athchóiriú mór ar an limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus ar bheartas imirce an Aontais, ag aistriú ó íoschaighdeáin a bhunú go feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar chleachtas oibríochtúil ar fud an Aontais. Mar fhreagairt air sin, lorg togra ó 2018 chun

athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Fhilleadh[57] nuashonruithe ar an gcreat dlíthiúil agus feabhsuithe éifeachtúlachta. Mar sin féin, cé gur tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach in 2019[58], ní raibh seasamh comhaontaithe[59] mar thoradh ar phlé inmheánach laistigh de Pharlaimint na hEorpa agus d'fhan an chaibidlíocht ina stad le linn fhormhór shainordú deireanach an Choimisiúin.

I mí Mheán Fómhair 2020, mhol an Coimisiún an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[60]. Ceann de phríomhchuspóirí an Chomhshocraithe is ea córas coiteann de chuid an Aontais um fhilleadh a bhunú lena n-áirithítear filleadh éifeachtach agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. An 14 Bealtaine 2024, glacadh reachtaíocht an Chomhshocraithe. Ceann de phríomhchuspóirí an Chomhshocraithe is ea córas coiteann de chuid an Aontais um fhilleadh a bhunú lena n-áirithítear filleadh éifeachtach agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

D'iarr an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2024 ar an gCoimisiún togra nua maidir le filleadh a chur ar aghaidh mar ábhar práinne.

Fógraíodh i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029 ón Uachtarán von der Leyen go gcuirfí togra reachtach nua maidir le filleadh i láthair.

Leanann an togra an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann inar aithníodh filleadh mar chuid riachtanach den chur chuige cuimsitheach i leith na himirce.

Tá an infheistíocht is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát comhoiriúnach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát incháilithe faoi na Cistí Tearmainn agus Imirce (AMIF) le linn chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. Tiocfaidh cistiú ón mbliain 2027 ar aghaidh faoi chaibidlí an chéad CAI eile.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Laistigh den CAI reatha, is féidir an infheistíocht is gá ar leibhéal na mBallstát a chomhlíonadh trí ath-imlonnú laistigh den chlár AMIF atá ann cheana. Is costais tháscacha iad na costais a chumhdaíonn an tréimhse tar éis 2027 agus ní thugann siad réamhbhreithiúnas ar an mbuiséad atá ar fáil don tionscnamh faoin CAI amach anseo. Mar sin féin, leis an togra cruthófar sineirgí freisin le gníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta. Le blianta beaga anuas, bhí an treocht i dtreo fás

[57] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (athmhúnlú) – COM/2018/634 final

[58] Comhairle an Aontais Eorpaigh (2019), An beartas imirce: Seasamh caibidlíochta páirteach comhaontaithe ag an gComhairle ar an treoir um fhilleadh, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Bhruiséil, https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2019/06/07/migration-policy-council-agrees-partial-negotiating-position-on-return-directive/

[59] Parlaimint na hEorpa, Togra le haghaidh Athmhúnlú ar an Treoir um Fhilleadh, Sceideal na Traenach Reachtaí, Parlaimint na hEorpa, an Bhruiséil, https://www.europarl.europa.eu/legislative-train/theme-a-new-era-for-european-defence-and-security/file-proposal-for-a-recast-of-the-return-directive

[60] An Coimisiún Eorpach (2020), An Comhaontú maidir le hImirce agus Tearmann, An Coimisiún Eorpach, An Bhruiséil, https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum_en.

easpónantúil ar an éileamh ó na Ballstáit ar chúnamh Frontex maidir le filleadh, rud a d'fhág go ndearnadh treisiú bliantúil ar an mbuiséad os cionn na leibhéal a bhí beartaithe ar dtús. Ós rud é go dtabharfar isteach leis an togra feabhsú tábhachtach ar leibhéal ghníomhaíochtaí Frontex i réimse an fhillte, ní mór atreisiú airgeadais agus daonna a bheith mar thaca leis an togra. Ní dhearnadh na leithreasuithe is gá chun an feabhsú sin a mhaoiniú a phleanáil faoi leithdháileadh CAI Frontex, ós rud é gur togra nua é seo nach raibh méideanna ar eolas ina leith tráth an togra. Tá sé beartaithe buiséad Frontex um fhilleadh a threisiú, más gá, in 2025, 2026 agus 2027 trí acmhainní a chur in úsáid go hinmheánach laistigh de bhuiséad Frontex ag brath ar thomhaltas iarbhír. Tiocfaidh cistiú ón mbliain 2027 ar aghaidh faoi chaibidlí an chéad CAI eile.

1.6 Fad an togra/tionscnaimh agus a thionchar airgeadais

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh nó na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[61]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

[61] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfar athbhreithniú agus meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú an Rialacháin go tréimhsiúil trí thuairisciú.

Ag tarraingt ón staidreamh agus ón bhfaisnéis atá bailithe ó na próisis struchtúrtha agus ó shásraí trédhearcachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo laistigh de 5 bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm, agus ansin gach 5 bliana ina dhiaidh sin. Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Déanfar an cistiú a chuirfear chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach a chur chun feidhme faoi Shaoráid Théamach AMF, rud a thagann freisin faoi shásra ginearálta faireacháin agus meastóireachta AMF. Bunófar teimpléid agus rialacha cuíchóirithe d'fhonn táscairí a bhailiú ó thairbhithe na gcomhaontuithe um dheontais agus rannchuidithe ar an luas céanna leis an mbainistíocht chomhroinnte, d'fhonn nochtadh sonraí inchomparáide a áirithiú. Nuair a dhéanfar rannchuidiú an Aontais a sholáthar trí bhainistíocht comhroinnte, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas: Leanfaidh an cistiú arna chur chun feidhme ag na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060 an 24 Meitheamh 2021, dá dtagraítear a thuilleadh mar Rialachán na bhForálacha Coiteanna, i Rialachán 2018/2016 (an Rialachán Airgeadais) agus i Rialachán (AE) 2021/1147 an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, dá dtagraítear a thuilleadh mar Rialachán CTIL. I gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, tá córas bainistíochta agus rialaithe bunaithe cheana féin ag gach Ballstát dá chlár chun cáilíocht agus iontaofacht an chórais faireacháin a áirithiú. Dá bhrí sin, maidir le bainistíocht chomhroinnte, tá creat comhtháite agus éifeachtach tuairiscithe, faireacháin agus meastóireachta ar bun. Ní mór do na Ballstáit coiste faireacháin a bhunú agus féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh in obair an choiste sin i gcáil chomhairleach. Déanfaidh coistí faireacháin athbhreithniú ar na saincheisteanna go léir a dhéanann difear don dul chun cinn i dtaca lena chuspóirí a bhaint amach. I dtaca le cistí Gnóthaí Baile, tíolacfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht chur chun feidhme an chláir agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chun na garspriocanna agus na spriocanna a bhaint amach. Ina theannta sin, tráchtfar sna tuarascálacha sin ar aon saincheisteanna a imríonn tionchar ar fheidhmíocht an chláir agus tabharfar tuairisc ar na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Maidir le Frontex, leanfaidh faireachán agus tuairisciú an togra na prionsabail a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach[62], sa Rialachán Airgeadais[63] agus i gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann maidir le

[62] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624

[63] Europol : https://www.europol.europa.eu/sites/default/files/documents/decision_of_the_europol_management_board_on_the_adoption_of_the_financial_regulation_applicable_to_europol_.pdf

gníomhaireachtaí díláraithe. Ní mór don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, go háirithe, Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a chur chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gach bliain, ina mbeidh cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagfar amach sa Doiciméad na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a bhaintear amach na cuspóirí agus na torthaí. Ní mór do Frontex Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta freisin. Go sonrach, áirítear faisnéis leis an tuarascáil sin ar a mhéid a bhaintear amach na cuspóirí agus na torthaí a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair. Ní mór an tuarascáil sin a sheoladh chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis an modh nó na modhanna cur chun feidhme buiséid, le sásra nó sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Beidh an straitéis rialaithe bunaithe ar an Rialachán Airgeadais agus ar an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Coiteanna. Maidir leis an gcuid a chuirtear chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus indíreach faoin tsaoráid théamach, cuirfidh an córas bainistíochta agus rialaithe leis an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an CAI reatha.

Maidir le bainistíocht chomhroinnte, cuireann an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Coiteanna leis an straitéis bhainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm don chlárthréimhse 2014-2020 ach tugtar isteach bearta áirithe leis arb é is aidhm dóibh an cur chun feidhme a shimpliú agus an t-ualach rialaithe a laghdú ar leibhéal na dtairbhithe agus na mBallstát araon.

Cuirfear cuid den togra seo chun feidhme trí bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, trí bhainistiú indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, cuirfear buiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach éifeachtúil. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta straitéis rialaithe iomchuí a chur chun feidhme a bheidh comhordaithe i measc na ngníomhaithe iomchuí a bhfuil baint acu leis an slabhra rialaithe.

Maidir le rialuithe ex post, tá an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, mar ghníomhaireacht dhíláraithe, faoi réir an mhéid seo a leanas go háirithe:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;

- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúchóirí, ina dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo;

- urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;

- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, cuirfidh AS HOME a Straitéis Rialaithe maidir le gníomhaireachtaí díláraithe chun feidhme chun tuairisciú iontaofa a áirithiú faoi chuimsiú a Thuarascála Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AAR). Cé go bhfuil freagracht iomlán ar ghníomhaireachtaí díláraithe as a mbuiséad a chur chun feidhme, tá AS HOME freagrach as ranníocaíochtaí bliantúla arna mbunú ag Údaráis Bhuiséadacha AE a íoc go tráthrialta.

Ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialaithe agus cuntasachta ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Maidir le cuid na bainistíochta comhroinnte, baineann na rioscaí ginearálta i ndáil le cur chun feidhme na gclár reatha le cur chun feidhme easnamhach an Chiste ag na Ballstáit agus leis na hearráidí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chastacht na rialacha agus na laigí sna córais bhainistíochta agus rialaithe. Simpleoidh dréacht-Rialachán na bhForálacha Coiteanna an creat rialála trí na rialacha agus na córais bhainistithe agus rialaithe a chomhchuibhiú i gcás na gCistí éagsúla a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Simplítear leis na ceanglais rialaithe (e.g. fíoruithe bainistíochta bunaithe ar riosca, an deis socruithe rialaithe comhréireacha a bheith ann bunaithe ar nósanna imeachta náisiúnta, teorainneacha le hobair iniúchóireachta ó thaobh uainiú de agus/nó oibríochtaí sonracha).

I gcás an bhuiséid arna chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, tá gá le Creat Rialaithe Inmheánaigh sonrach bunaithe ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair, ní mór faisnéis a sholáthar faoi na córais rialaithe inmheánaigh, fad atá gá sa Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochta (CAAR) le faisnéis EN 59 EN faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear faisnéis maidir le measúnú riosca.

Thairis sin, déanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus oifigeach cosanta sonraí Frontex - OCS (feidhm neamhspleách a ghabhann go díreach leis an mBord Bainistíochta) maoirseacht ar an bpróiseáil a dhéanann Frontex ar shonraí pearsanta.

Ar deireadh, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, reáchtálann AS HOME cleachtadh bliantúil bainistíochta riosca chun rioscaí arda a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hoibríochtaí gníomhaireachtaí a shainaithint agus a mheasúnú. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS HOME agus bíonn plean gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear an ghníomhaíocht mhaolaithe.

Ar an leibhéal oibríochtúil, sainaithnítear na rioscaí seo a leanas:

- acmhainní oibríochtúla faoi bhrú i ngeall ar riachtanais oibríochtúla na mBallstát a bheith ag dul i méid;

- easpa leibhéal leordhóthanach acmhainní airgeadais agus daonna chun freastal ar riachtanais oibríochtúla.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus

measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Maidir le cuid na bainistíochta comhroinnte, meastar go bhféadfadh méadú teacht ar chostas na rialuithe do na Ballstáit. De thoradh an chur chuige bunaithe a riosca maidir le bainistiú agus rialú atá á thabhairt isteach le dréacht-Rialachán na bhForálacha Coiteanna, maille leis an iarracht threisithe roghanna costais simplithe a ghlacadh, meastar go laghdófar costas na rialuithe i gcás na mBallstát. I gcás na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas idir 'costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'. Tuairiscíonn AAR 2023 ó AS HOME 0,08 % don chóimheas sin i ndáil le hEintitis Iontaobhaithe Bainistíochta Indírí agus Gníomhaireachtaí Díláraithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leanfaidh AS HOME ar aghaidh ag cur a Straitéis Frithchalaoise i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) chun a áirithiú *inter alia* go mbeidh a rialuithe inmheánacha frithchalaoise ailínithe go hiomlán le CAFS agus go mbeidh a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar limistéir riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

Maidir leis an mbainistíocht chomhroinnte, áiritheoidh na Ballstáit dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais atá ar áireamh sna cuntais a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Maidir le bainistíocht indíreach, leagtar amach na bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac, *inter alia*, in Airteagal 117 den Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach. Glacfaidh Frontex páirt go háirithe i ngníomhaíochtaí coiscthe calaoise na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chásanna toimhdithe de chalaois agus neamhrialtachtaí airgeadais eile – i gcomhréir lena straitéis frith-chalaoise inmheánach.

Thairis sin, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta, tá DG HOME tar éis a straitéis frith-chalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Tagann gníomhaireachtaí díláraithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, faoi raon feidhme na straitéise.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[64].	ó thíortha de chuid CSTE[65]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[66]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
4	10 01 01 00	LD/LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
4	10 02 01 00	LD/LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
4	11 10 01 00	LD/LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

64 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

65 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

66 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil		4				
AS HOME			Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí						
10 02 01 00	Gealltanais	(1a)	0,000	75 044	122 240	**197 284**
	Íocaíochtaí	(2a)	0,000	8 005	8 514	**16 519**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach						
10 01 01 00		(3)	**0,000**	**0,832**	**1 610**	**2 442**
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS HOME	Gealltanais	= 1a+ 1b+ 3	**0,000**	**75 876**	**123 850**	**199 726**
	Íocaíochtaí	= 2a+ 2b+ 3	**0,000**	**8 837**	**10 124**	**18 961**

Gníomhaireacht: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**
Líne bhuiséid: 11 10 01 00 / Ranníocaíocht Bhuiséad an Aontais Eorpaigh leis an ngníomhaireacht	0,148	0,599	1 124	1 871

Tá sé beartaithe buiséad Frontex maidir le filleadh a threisiú, más gá, in 2025, 2026 agus 2027 trí acmhainní a chur in úsáid go hinmheánach laistigh de bhuiséad Frontex, ag brath ar an tomhaltas iarbhír. Féadfar an t-ath-imlonnú inmheánach a chúiteamh trí imchlúdach an chláir AMIF/líne bhuiséid seo a leanas a laghdú: 10 02 01 00 / sna blianta: 2025-2027.

			Bliain	Bliain	Bliain	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
			2025	**2026**	**2027**	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (an ranníocaíocht leis an ngníomhaireacht dhíláraithe san áireamh)	Gealltanais	(4)	0,148	75 643	123 364	**199 155**
	Íocaíochtaí	(5)	0,148	8 604	9 637	**18 390**
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,832	1 610	**2 442**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 4	Gealltanais	= 4+ 6	**0,148**	**76 475**	**124 974**	**201 597**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	= 5+ 6	**0,148**	**9 436**	**11 247**	**20 832**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6	Gealltanais	= 4+ 6	**0,148**	**76 475**	**124 974**	**201 597**
den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Íocaíochtaí	= 5+ 6	**0,148**	**9 436**	**11 247**	**20 832**

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**7**	‘Caiteachas riaracháin’			
AS HOME		Bliain	Bliain	Bliain	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
		2025	**2026**	**2027**	

Acmhainní daonna		0,958	1,146	1,334	**3 438**
Caiteachas riaracháin eile		0,000	0,000	0,000	**0,000**
IOMLÁN AS HOME	Leithreasuithe	**0,958**	**1 146**	**1 334**	**3 438**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí)	**0,958**	**1 146**	**1 334**	**3 438**

		Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	**1 106**	**77 621**	**126 308**	**205 035**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	**1 106**	**10 582**	**12 581**	**24 270**

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			**Bliain**		**Bliain**		**Bliain**		**IOMLÁN 2021-2027**	
ò			**2025**		**2026**		**2027**			
	ASCHUIR									
	Saghas	Meán costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 *An ghné Eorpach a neartú* ***maidir le filleadh a bhainistiú agus éifeachtacht an phróisis um fhilleadh a shimpliú agus a mhéadú***										
- Foirm choiteann a bhunú le haghaidh ordú um fhilleadh Eorpach						0,087			**0**	**0,087**
- Foirm chaighdeánach a bhunú le haghaidh iarratais ar athligean isteach						0,087				**0,087**
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1	**0**	**0,000**	**0**	**0,174**	**0**	**0,000**	**0**	**0,174**		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 An nós imeachta um fhilleadh a chuíchóiriú										
- Líon méadaithe ó thaobh filleadh éigeantach				17 070		34 140		**0**	**51 210**	
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2	**0**	**0,000**	**0**	**17 070**	**0**	**34 140**	**0**	**51 210**		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 Comhar an fhillí a dhreasú										
- Dreasachtaí maidir le filleadh deonach				2 800		5 600		**0**	**8 400**	
- Acmhainn coinneála				55 000		82 500		**0**	**137 500**	

Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3	**0**	**0,000**	**0**	**57 800**	**0**	**88 100**	**0**	**145 900**
IOMLÁIN	**0**	**0,000**	**0**	**75 044**	**0**	**122 240**	**0**	**197 284**

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**
CEANNTEIDEAL 7				
Acmhainní daonna	0,958	1 146	1 334	**3 438**
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,958**	**1 146**	**1 334**	**3 438**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7				
Acmhainní daonna	0,000	0,805	1 610	**2 415**
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,027	0,000	**0,027**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,832**	**1 610**	**2 442**
IOMLÁN	**0,958**	**1 978**	**2 944**	**5 880**

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha[67]

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**
• **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**			
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	4	5	6

67 Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)		0	0	0
01 01 01 01(Taighde indíreach)		0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)		0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0
• Foireann sheachtrach (in FTEnna)				
20 02 01 (AC, END, ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)		2	2	2
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0
Riarachán Líne tacaíochta [XX.01.YY.YY]	- ag Ceanncheathrú	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	5	10
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)		0	0	0
01 01 01 12 (AC, INT, SNE – Taighde díreach)		0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7		0	0	0
IOMLÁN		**6**	**12**	**18**

Tá na hacmhainní daonna is gá don tionscnamh comhdhéanta de 6 oifigeach AD agus 12 bhall foirne sheachtracha (10 AC agus 2 SNE).

Faoi láthair, tá 4 oifigeach AD agus 2 bhall foirne sheachtracha (SNE) ag AS HOME atá ag obair (FTE) ar an togra reachtach seo maidir le cúrsaí fillte. Mar a luadh agus a míníodh cheana in aighneacht AS HOME le haghaidh DB 2026, tá gá le 3 oifigeach AD eile chun leanúint den chaibidlíocht agus chun obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscnaimh nua seo agus ar an éiceachóras nua a bheidh ann amach anseo chun an próiseas um fhilleadh, um athligean isteach agus um ath-imeascadh a dhigitiú. As na 3 AD a iarradh in DB 2026, tá gá le 2 oifigeach AD chun tacú leis an gcaibidlíocht/leis na hullmhúcháin roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin, chun gníomhartha cur chun feidhme/tarmligthe a dhréachtú agus luadh iad i Ráiteas Dlíthiúil Airgeadais agus Digiteach an togra reatha. Shoiléirigh AS Home in aighneacht na hArd-Stiúrthóireachta cén fáth nach rogha indéanta iad ath-imlonnuithe inmheánacha faoi láthair (d’úsáid AS Home iad, a mhéid is féidir cheana féin, chun tosaíochtaí a ailíniú leis an bhfoireann is gá i réimsí eile oibre). Ceanglaítear leis an togra seo freisin 10 AC a chur i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha nach féidir a ath-imlonnú laistigh de AS HOME agus nach mór a leithdháileadh ar AS HOME sa bhreis ar an leithdháileadh bliantúil.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	**Baill foirne bhreise***			
		Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde	**Le maoiniú ó líne BA**	**Le maoiniú ó tháillí**	**Go heisceachtúil, ó dhíorma ath-imlonnaithe an Choimisiúin tar éis treoshuíomh ó CMB***
Poist sa phlean bunaíochta	4		N/B		2
Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT)	2		10 AC		

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	- 2 bhall foirne: Tacaíocht don chaibidlíocht ar an togra reachtach i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle - 1 bhall foirne: Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a dhréachtú + caibidlíocht - 2 bhall foirne: Tacaíocht do na Ballstáit agus do Frontex maidir le cur chun feidhme - 1 bhall foirne: Lámhleabhar a dhréachtú
Pearsanra seachtrach	- 1 SNI: Tacaíocht don chaibidlíocht ar an togra reachtach i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle - 1 SNI: Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a dhréachtú + caibidlíocht, lámhleabhar a dhréachtú agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do Frontex maidir le cur chun feidhme - 10 AC: Tacaíocht do na Ballstáit agus do Frontex maidir le hathligean isteach a chur chun feidhme i dtríú tíortha

3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ceannach/forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021 - 2027**
CEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0.000	0.000	0.000	0.000	**0.000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0.000	0.000	0.000	0.000	**0.000**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**
IOMLÁN	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**0.000**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Déanfar na costais arna gcumhdach ag AMIF agus Frontex a mhaoiniú laistigh den CAI atá ann cheana.

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.2.8 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh ag teastáil agus úsáid na leithreasuithe a bheidh ag teastáil i ngníomhaireacht dhíláraithe

Riachtanais foirne (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)

Gníomhaireacht: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)	2	4	7
Gníomhairí sealadacha (gráid AST)	0	1	1
Gníomhairí sealadacha (AD+AST) fo-iomlán	*2*	*5*	*8*
Baill foirne ar conradh	0	1	1
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	0	1	2
Gníomhairí ar conradh agus SNE fo-iomlán	*0*	*2*	*3*
IOMLÁN na mball foirne	**2**	**7**	**11**

Leithreasuithe a chumhdaítear leis an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Gníomhaireacht: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**
Teideal 1: Caiteachas foirne	0,148	0,599	1 124	**1 871**
Teideal 2: Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin				**0,000**
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil				**0,000**
IOMLÁN na leithreasuithe a chumhdaítear le Buiséad an Aontais	**0,148**	**0,599**	**1 124**	**1 871**

Forbhreathnú/achoimre ar na hacmhainní daonna agus na leithreasuithe (in EUR milliún) atá riachtanach i gcomhair an togra/tionscnaimh i ngníomhaireacht dhíláraithe

Gníomhaireacht: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN 2021 - 2027**
Gníomhairí sealadacha (AD+AST)	**2**	**5**	**8**	

Baill foirne ar conradh	**0**	**1**	**1**	
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	**0**	**1**	**2**	
An líon iomlán ball foirne	**2**	**7**	**11**	
Leithreasuithe a chumhdaítear le Buiséad an Aontais	0,148	0,599	1 124	**1 871**
Leithreasuithe a chumhdaítear le táillí	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Leithreasuithe arna gcómhaoiniú (más infheidhme)	0,000	0,000	0,000	**0,000**
IOMLÁN leithreasuithe	**0,148**	**0,599**	**1 124**	**1 871**

Tá sé beartaithe buiséad Frontex um fhilleadh a threisiú, más gá, in 2025, 2026 agus 2027 trí acmhainní a chur in úsáid go hinmheánach laistigh de bhuiséad Frontex ag brath ar thomhaltas iarbhír. Tiocfaidh cistiú ón mbliain 2027 ar aghaidh faoi chaibidlí an chéad CAI eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ maidir le hacmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

– ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[68]			
		Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**
Airteagal …….					

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

Tá dlúthnasc idir an tionscnamh seo agus tionscnamh eile atá ar na bacáin maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha (cur chuige coiteann nua maidir le filleadh). Leis an tionscnamh seo

[68] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

atá le teacht, tabharfar aghaidh go críochnúil ar dhigitiú na bpróiseas arna mbunú leis an tionscnamh seo.

Tagairt don cheanglas	**Tuairisc ar an gceanglas**	**Gníomhaí/gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dó/dóibh nó a mbaineann an ceanglas leo**	**Próisis Ardleibhéil**	**Catagóirí**
Airteagal 42(1)(d)	Ní mór a áireamh i gcomhchóras an Aontais um fhilleadh córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú.	Ballstáit	Córais dhigiteacha a bhunú	Réiteach digiteach
Airteagal 7(7)	Oibleagáid an tOrdú Eorpach um Fhilleadh ina bhfuil príomhghnéithe an chinnidh um fhilleadh a chur ar fáil i gCóras Faisnéise Schengen.	Ballstáit	Sonraí a thaifeadadh	Sonraí
Airteagal 21(5)	Ní mór do na Ballstáit an modh cumarsáide leis na náisiúnaigh tríú tír agus an tráth a mheastar an chumarsáid a bheith faighte ag an náisiúnach tríú tír agus curtha in iúl don náisiúnach tríú tír a bhunú sa dlí náisiúnta nó úsáid a bhaint as córas digiteach arna fhorbairt agus/nó arna thacú ag an Aontas chun críche na cumarsáide sin.	Ballstáit	Fógra a thabhairt	Sonraí
Airteagal 36(4)	Ní mór don údarás inniúil lena mbaineann faisnéis faoi thoradh na hiarrata ar dheimhniú náisiúntachta agus faoin doiciméad taistil a fuarthas a uaslódáil i gCóras Faisnéise Schengen. Ní	Ballstáit	Sonraí a thaifeadadh	Sonraí

	mór an fhaisnéis agus an doiciméad taistil sin a chur ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát eile arna iarraidh sin dóibh.			

4.2. Sonraí

Cineál sonraí	**Tagairt don cheanglas/do na ceanglais**	**Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme)**
Na sonraí is gá chun an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm, arb é is aidhm dó córas coiteann de chuid an Aontais a bhunú chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh.	Airteagal 42(1)(d)	n/b
Foirm choiteann le haghaidh filleadh ina bhfuil príomhghnéithe an chinnidh um fhilleadh (Ordú Eorpach um Fhilleadh)	Airteagal 7(7)	n/b
Sonraí a chuirtear in iúl idir údaráis inniúla agus náisiúnaigh tríú tír.	Airteagal 21(5)	n/b
Faisnéis faoi thoradh na hiarrata ar dheimhniú náisiúntachta agus an doiciméid taistil.	Airteagal 36(4)	n/b

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Mar gheall ar na cineálacha sonraí a phróiseáiltear agus ar an bhfíoras go bpróiseálfar sonraí den sórt sin chun críocha an-sonrach, tá ábharthacht an-teoranta ag an tionscnamh atá beartaithe maidir leis an gcuspóir fíormhargadh aonair le haghaidh sonraí a bhaint amach, arb é bunchuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí é.

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Mar gheall ar na cineálacha sonraí a phróiseáiltear agus ar an bhfíoras go bpróiseálfar sonraí den sórt sin chun críocha an-sonrach, tá ábharthacht an-teoranta ag an tionscnamh atá beartaithe maidir leis an gcuspóir fíormhargadh aonair le haghaidh sonraí a bhaint amach, arb é bunchuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí é.

Ailíniú le prionsabal na haonuaire

Déanfar prionsabal na haonuaire a mheas i gcomhthéacs tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe. Leis an tionscnamh ar leithligh seo, tabharfar aghaidh ar an gceist maidir le táirgeadh staidrimh iontaofa agus mhionsonraithe a uathoibriú, d'fhonn feabhas a chur ar cheapadh

beartas. Déanfaidh sí trácht freisin ar cheist idir-inoibritheacht na gcóras digiteach atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe

Sreafaí sonraí

Cineál sonraí	**Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais**	**Gníomhaí a sholáthraíonn na sonraí**	**Gníomhaí a fhaigheann na sonraí**	**Truicear don mhalartú sonraí**	**Minicíocht (más infheidhme)**
Na sonraí is gá chun an tionscnamh seo a chur i bhfeidhm arb é is aidhm dó comhchóras de chuid an Aontais a bhunú chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh.	Airteagal 42(1)(d)	Ballstáit	Ballstáit	Oibleagáid ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh	n/b
Foirm choiteann le haghaidh filleadh ina bhfuil príomhghnéithe an chinnidh um fhilleadh (Ordú Eorpach um Fhilleadh).	Airteagal 7(7)	Na Ballstáit trí Chóras Faisnéise Schengen.	Na Ballstáit trí Chóras Faisnéise Schengen.	Oibleagáid ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh	n/b
Sonraí a chuirtear in iúl idir údaráis inniúla agus náisiúnaigh tríú tír.	Airteagal 21(5)	Ballstáit	Náisiúnaigh tríú tír	An gá atá le cumarsáid a dhéanamh le náisiúnaigh tríú tír	n/b
Faisnéis faoi thoradh na hiarrata ar dheimhniú náisiúntachta agus an	Airteagal 36(4)	Na Ballstáit trí Chóras Faisnéise Schengen.	Na Ballstáit trí Chóras Faisnéise Schengen.	Oibleagáid ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh	n/b

doiciméid taistil.					

4.3. Réitigh dhigiteacha

Réiteach digiteach	Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais	Príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe	Comhlachtatá freagrach	Conas a dhéantar freastal ar inrochtaineacht?	Conas a chuirtear ath-inúsáidteacht san áireamh?	Úsáid theicneolaíochtaí IS (más infheidhme)
Córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú.	Airteagal 42(1)(d)	Ba cheart filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú leis na córais sin.	Ballstáit	Ba cheart rochtain a bheith ag údaráis inniúla na mBallstát ar na córais sin.	Déanfar comhroinnt agus athúsáid sonraí a mhionsonrú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.	n/b

Córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú.

Beartas digiteach agus/nó earnálach (nuair is infheidhme iad sin)	Míniú ar an gcaoi a n-ailíníonn sé
An Gníomhum an Intleacht Shaorga	n/b — i gcás inarb ábhartha, tabharfar míniú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-lánpháirtithe.
Creat Cibearshlándála an Aontais	n/b — i gcás inarb ábhartha, tabharfar míniú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-lánpháirtithe.

eIDAS	n/b — i gcás inarb ábhartha, tabharfar míniú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-lánpháirtithe.
Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI	n/b — i gcás inarb ábhartha, tabharfar míniú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-lánpháirtithe.
Eile	n/b — i gcás inarb ábhartha, tabharfar míniú sa tionscnamh ar leith maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligean isteach agus an ath-lánpháirtithe.

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Seirbhís phoiblí dhigiteach nó catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha	**Tuairisc**	**Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais**	**Réiteach/Réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach (NEAMHBHAINTEACH)**	**Réiteach nó réitigh idir-inoibritheachta eile**
Seirbhísí inimirce	Údaráis inniúla atá i gceannas ar na rialacha maidir le filleadh a fhorfheidhmiú.	Airteagal 42(1)(d), Airteagal 7(7), Airteagal 21(5), Airteagal 36(4).	n/b	Déanfar idir-inoibritheacht an chórais dhigitigh bainistithe cásanna dá dtagraítear sa tionscnamh seo a mhionsonrú i dtionscnamh ar leithligh maidir le bainistiú cásanna a dhigitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.

Seirbhís phoiblí dhigiteach #1: Córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír a bhainistiú.

Measúnú	**Beart nó bearta**	**Bacainní a d'fhéadfadh a bheith fós ann (más infheidhme)**
Ailíniú le beartais dhigiteacha agus earnálacha atá ann cheana. Tabharfar aghaidh ar idir-inoibritheacht an chórais	n/b	n/b

dhigitigh bainistithe cásanna dá dtagraítear sa tionscnamh seo i dtionscnamh ar leith maidir le digitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.		
Bearta eagraíochtúla chun seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann a sholáthar go rianúil. Tabharfar aghaidh ar rialachas an chórais dhigitigh bainistithe cásanna dá dtagraítear sa tionscnamh seo i dtionscnamh ar leith maidir le digitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.	n/b	n/b
Bearta a glacadh chun comhthuiscint ar na sonraí a áirithiú. Tabharfar aghaidh ar chomhroinnt agus athúsáid sonraí a phróiseáiltear sa chóras digiteach bainistithe cásanna dá dtagraítear sa tionscnamh seo i dtionscnamh ar leithligh maidir le digitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe.	n/b	n/b
Sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla oscailte arna gcomhaontú go comhchoiteann a úsáid.	n/b	n/b

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Tabharfar aghaidh ar ról an Choimisiúin agus gníomhaithe eile (e.g. gníomhaireachtaí an Aontais) i dtionscnamh ar leith maidir le digitiú i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-lánpháirtithe